Iomlán don Earnáil	Iomlán
Comhshaol	7426
Iompar	4432
Tithíocht	4063
Airgeadas	3414
Páirceanna	2838
Forfheidhmiúchán Dramhaíola	819
Cumarsáid	542
Pleanáil	311
Margaí na Comhairle Contae	190
Pobal	121

## Dinimicí na gCásanna logáilte in 2017



Bainistiú Maoine	104
Oifig Fiontair Áitiúil	99
Seirbhísí Uisce	99
Seirbhísí Corparáideacha	56
Leabharlanna	20
Ailtirí	19
Iosta Bhaile Uí Ógáin	5
<b>Iomlán Cásanna logáilte - 2017</b>	<b>24558</b>

## Tionscnaimh Dhigiteacha

- Cuireadh tús leis an obair ar an Mol Cathartha. Tabharfaidh sé seo spás fisiciúil chun an t-idirphlé idir na custaiméirí ar fad a éascú, ag optamú na gcainéil ar fad cumarsáide lena n-áirítear teileafón, ríomhphost, litir, go pearsanta, teagmháil dhigiteach agus le Comhairleoir.
- Tosaíodh ar uasghrádú bhogábhar seirbhíse do chustaiméirí go dtí Dynamics chun tacú le seirbhísí níos fearr do chustaiméirí.
- Seoladh an Inlín nua dlrLink chun cumarsáid inmheánach a láidriú.
- Comhoibriú le Fiontar Éireann, trí SBIR (Taighde na nGnóthas Beag um Nuálaíocht) agus páirtithe leasmhara eile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na dumpála neamhdhleatháí
- 2 thionscadal a chur ar aghaidh tríd an bhfeithicil SBIR maidir le caighdeán uisce snámha agus ag cur buntáistí IOT chun cinn.
- Ag déanamh óstála ar 12 cruinniú Réigiún Cliste Bhaile Átha Cliath
- Ag tosú leis an obair ar Straitéis Dhigiteach na Comhairle.
- Ag glacadh páirte chun an Plean Náisiúnta Leathanbhanda a chur chun cinn.
- Tairseach Ligin Tithíochta Roghabhunaithe – ina féidir le hiarratasóirí faofa suim a léiriú i maoin atá ar fáil ina limistéar
- Seirbhís Chead Páirceála ar Líne – via Go Park It – a thugann cead do chónaitheoirí ceadanna páirceála do chónaitheoirí agus do chuariteoirí a fháil agus a íoc ar Líne.

- Cuardaigh Phleanála ar Líne – is féidir le custaiméirí an tseirbhís seo a úsáid chun fiosrúchán a dhéanamh faoi stádas reatha iarratas pleanála. Ta rochtain ar Líne ar fáil, chomh maith, chuig iarratais phleanála atá taicithe agus tá fáil ar na doiciméid bhainteacha, ina theannta sin.
- Ceadúnais Mhadraí – is féidir ceadúnais bhliantúla agus ceadúnais ar feadh saoil araon, a cheannach ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
- Is féidir tuairisc faoi sholas sráide a bheith briste a dhéanamh ar Líne – tríd an aip Dead Sure – inar féidir leat an lampa ar leith atá briste a roghnú.

## Saoirse Iontrála

I Márta 2017 bhronn an Chomhairle Saoirse Iontrála ar Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus ghlac Captaen an LÉ Eithne, an Ceannasaí Brian Fitzgerald, agus foireann an LÉ Eithne, a d'fheistigh an bád cois cé i gCuan Dhún Laoghaire go speisialta don ócáid. Bronnadh an gradam ar Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann mar aitheantas ar a seirbhís daonnúil chun cabhrú le hinimircigh sa Mheánmhuir mar chuid d'Oibríocht Pontus.

## Eile

- Cuireadh an Tuarascáil Bhliantúil Dul Chun Cinn maidir leis an bPlean Corparáideach faoi bhráid na gcomhaltaí agus is féidir an tuarascáil a fheiceáil ag [Insert Link](#).
- Ceadaíodh an Plean Bliantúil Seachadta Seirbhísí 2017 agus is féidir é a fheiceáil ag [http://www.dlrcoco.ie/sites/default/files/atoms/files/asdp\\_2017.pdf](http://www.dlrcoco.ie/sites/default/files/atoms/files/asdp_2017.pdf)
- Rinneadh nuashonrú ar an bPlean Gníomhaíochta Cumarsáide chun tuilleadh feabhsúchán a chur ar na cainéil chumarsáide ar fad, lena n-áirítear síneadh a chur le réimse agus cuimse na gcainéal meán sóisialta;
- Taifeadh agus foilsíodh roinnt fiseán faoi sheirbhísí agus imeachtaí na Comhairle ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus ar chainéal YouTube.

## An Ghaeilge

- Cuireadh Scéim Gaeilge 2018-2021 faoi bhráid na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta lena ceadú in 2017.
- Fuarthas 6 uirioll ón gCoimisinéir Teanga faoi chomharthaíocht bóthair agus tráchta.
- Tá ábhar statach as Gaeilge ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
- Bhí píosa nuachta as Gaeilge i ngach eagrán de dlr Times.

Ar na nImeachtaí a réachtáladh le linn Sheachtain na Gaeilge bhí:

- Dhá cheardlann déanta greannán as Gaeilge (cuairteanna ar ranganna) le Aidan Courtney as Coimicí Gael i Márta 2017 i dlr Lexlcon.
- 'Ag baint taitnimh as an nGaeilge le páistí óga' le Áine Ní Shuilleabháin (Bróga Nua) – i Márta 2017 i Leabharlann na Carraige Duibhe, Leabharlann Dheilginse, Leabharlann Dhún Droma, Leabharlann na Seanchille agus dlr Lexlcon.
- Ceardlann ceardaíochta Lá Fhéile Pádraig le healaíontóir Brigid O'Brien i Márta 2017 i Leabharlann Stígh Lorgan

Imeachtaí Gaeilge a réachtáiltear go rialgta:

- Seisiúin sheachtainiúla comhrá i nGaeilge maidineacha Dé Máirt in Brambles ag dlr Lexlcon agus i Leabharlann Ghráinseach an Déin.
- Club leabhar míosúil as Gaeilge i Leabharlann Dheilginse.

## Saoráil Faisnéise

Fuair an Chomhairle 172 Iarraidh ar Shaoráil Faisnéise, 6 Iarraidh Rochtana ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE) agus 8 Iarraidh Cosanta Sonraí in 2017.

## Soláthar

Cuireadh an tAonad nua Soláthair Chorparáidigh ar bun i Meán Fómhair 2017. Cinntíonn an tAonad Soláthair go leantar den deachleachtas mar a bhaineann le soláthar poiblí agus go gcoítear



Comhaltaí Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin – Meitheamh 2017



le nósanna imeachta na Comhairle i dtaobh cheannach earraí agus seirbhísí ar fad.

Áirítear ar Phríomhghnóthachtálacha 2017:-

- Dréachtphlean Soláthar Corparáideach 2018 – 2020 a fhorbairt
- A bheith páirteach i gCreatáí Náisiúnta Sholáthar Oifig an Rialtais (OGP)
- Oiliúint agus tacaíocht leanúnach nuair is gá maidir le polasaí sholáthar poiblí ar phróisis aonair thairisceana agus ar bhainistiú conarthaí.

## Clár na dToghthóirí

Foilsíodh Clár deiridh na dToghthóirí do 2017/2018 ar 1 Feabhra 2017 agus tháinig sé i bhfeidhm ar 15 Feabhra 2017. Foilsíodh Dréachtchlár na dToghthóirí do 2018/2019 ar 1 Samhain 2017. Tá 157,002 duine ar an iomlán ar an Dréachtchlár. B'ionann líon iomlán na dtoghthóirí ar an gClár deiridh agus 157,451 agus seo a leanas an briseadh síos ar na Toghcheantair:

Toghcheantar	Líon na dToghthóirí	Toghcheantar	Líon na dToghthóirí
An Charraig Dhubh	23,427	Gleann Cuilinn/Áth an Ghainimh	23,080
Dún Laoghaire	33,420	Cill Iníon Léinín/Seanchill	26,895
Dún Droma	28,683	Stigh Lorgan	21,946



An Cathaoirleach, Comhairleoir Tom Murphy, ag óstáil cruinnithe speisialta idir oifigigh Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Leas-Ghobharnóir Cúige Sichuan sa tSín, Uasal Xingping agus a thoscaireacht.

## Oifig Dhún Droma

Reáchtáladh na cruinnithe seo leanas in Oifig Dhún Droma in 2017:

Cruinnithe Choiste Áitiúil Limistéar Dhún Droma	16
Cruinnithe SPC	1
Toscaireachtaí	5
Cruinnithe Rannacha Eile	31
Tithíocht – Cruinnithe/Cláraithe/Agallaimh RAS	21
Taispeántais/ Taispeántaí Poiblí	28
Cruinnithe Eolais Phoiblí	1

## Scéimeanna Béilí Scoile

Baineann 10 Bunscoil i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leas as an scéim.

## Iníúchadh Inmheánach

Is é an príomhról atá ag Iníúchadh Inmheánach ná dearbhú a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach, don Ardbhainistíocht agus don Chomhairle Thofa go bhfuil na rioscaí éagsúla atá roimh an gComhairle aitheanta agus go bhfuil srianta inmheánacha cuí socraithe chun bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí sin. Tugann Iníúchadh Inmheánach tacaíocht leis don Choiste Iníúchta chun a chuid dualgas a chomhlíonadh. Déanann Iníúchadh Inmheánach measúnú agus tuairiscíonn sé ar chórais inmheánacha rialaithe na Comhairle agus déanann sé moltaí faoi leasuithe nuair is gá. Cuireann Iníúchadh Inmheánach feidhm athbhreithnithe neamhspleách ar fáil don bhainistíocht lena chinntiú go bhfuil seirbhísí á soláthar ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach, tíosach, a chloíonn le ceanglais dhlíthiúla.

Áirítear ar Phríomhghnóthachtálacha 2017:

- 12 réimse a scrúdú agus a gcuid cinntí a chur faoi bhráid na Bainistíochta agus an Choiste Iníúchta.
- Nuashonrú ar chairt iníúchta inmheánaigh
- D'éisigh agus rinne tuairiscí ar Cheistneoir Luachála Féinmheasúnaithe Chomhalta an Choiste Iníúchta.
- D'fhreastail ar dhá chruinniú de Líonra Iníúchadh Inmheánach Rialtais Áitiúil.
- D'fhreastail ar dhá chruinniú de Líonra Iníúchadh Inmheánach Réigiún an Oirthir agus Lártíre.
- Thionscain agus thug oiliúint don fhoireann faoin gcóras bogábhair nua bainistithe iníúchta agus riosca.

## An Coiste Iníúchta

Le linn 2017, lean an Coiste Iníúchta ag déanamh monatóireachta ar na próisis rannacha bainistithe riosca.

Reáchtáladh 6 chruinniú de chuid Choiste Iníúchta dlr ar an iomlán in 2017

## An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Níor tharla aon Nochtadh Cosanta in 2017.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Lean an Chomhairle ag soláthar fheidhm inmheánach athbhreithnithe agus comhairle tríd an Oifig Sláinte agus Sábháilteachta Corparáidí chun comhairle a chur ar an bPríomhfheidhmeannach, ar an Ardbhainistíocht agus ar ranna bainteacha faoi bhainistiú sláinte agus sábháilteachta gairme in dlr.

In 2017, lean obair na Comhairle ar aghaidh i dtreo “Córas Bainistithe Sábháilteachta” creidiúnaithe a bhaint amach ag baint úsáide as foireann ilréimsiúil chun polasaithe agus nósanna imeachta lárnacha le húsáid a aontú.

## Turasóireacht

Lean an Chomhairle ag tacú leis an gContae mar áit le cuairt a thabhairt uirthi. Rinne an Coiste um Beartais Straitéiseacha na Forbartha Eacnamaíochta & Fiontar Dréachtphlean Straitéise



agus Margaíochta Turasoireachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2017 – 2022 a cheadú agus rinne an Chomhairle é a mheas i mBealtaine 2017. Bhí an straitéis bhranda san áireamh sa phlean, ag optamú branda Fáilte Éireann do Bhaile Átha Cliath “A Breath of Fresh Air” agus ag léiriú tiomantas na Comhairle seo d’fhorbairt na turasoireachta sa Chontae. Dírionn an branda ar 3 príomhréimse:-

- Steall Uirbeach
- Idir na Línte
- Is Fiú go Mór an Dreapadh

Tosaíodh ar an obair ar fhorbairt na mbróisiúir turasoireachta do Steall Uirbeach agus Is Fiú go Mór an Dreapadh.

Tá bainistiú agus oibriú Oifig Turasoireachta dlr mar chomhchuid thábhachtach d’fhorbairt na turasoireachta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá an tseirbhís eolais seo suite ar an mbealach isteach go Halla an Chontae agus déantar suas go 1,100 fiosrúchán ‘siúl isteach’ a láimhseáil san oifig in aghaidh na míosa.

Tá tábhacht atá ag dul i méid ag baint le bainistiú agus nuashonrú leanúnach a dhéanamh ar an ábhar agus eolas faoi turasoireacht atá ar an suíomh gréasáin chun an turasoireacht agus imeachtaí a chur chun cinn sa Chontae. Breis eolais ag [www.dlrltourism.ie](http://www.dlrltourism.ie)

Ina theannta sin thacaigh an Chomhairle le cur chun cinn roinnt imeachtaí agus féilte ar fud an Chontae in 2017, lena n-áirítear Féile Bloomsday, Féile Bia Bán an Aeir agus Féile Leabhar Dheilginse.

## Eamhnú

Mhol an Coiste um Beartais Straitéiseacha na Forbartha Eacnamaíochta & Fiontar Creat um Chaidreamh Idirnáisiúnta agus Eamhnú agus rinne an Chomhairle é a cheadú in 2017.

## Earnáil Teicneolaíochta Faisnéise (TF)

An ról atá ag an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise ná:

- Nuálaíocht a bhaineann le TF a thiomáint agus a chumasú.
- Soláthar a dhéanamh chun seirbhísí nua TF via tionscadail a thabhairt isteach ar bhealach éifeachtach.
- Soláthar a dhéanamh chun seirbhísí reatha TF a sheachadadh ar bhealach éifeachtach ar fud na Comhairle.

- A bheith rannpháirteach agus tacú le tionscadail agus tionscnaimh náisiúnta TF.

Ghlac an Rannóg TF leis an gcreat ITIL chun go mbainfi amach sárchleachtas agus sár-éifeachtúlacht i seachadadh seirbhísí reatha. Baintear feidhm as Modheolaíochtaí bainistithe tionscadal (PMM) lena chinntiú go ndéantar conarthaí a bhainistiú agus tionscadail a ailíniú le Plean Corparáideach na Comhairle agus leis an bPlean Bliantúil Seachadta Seirbhísí agus ina theannta sin lena chinntiú go ndéantar tionscadail a sheachadadh ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil ó thaobh costas de.

Príomhghnóthachtálacha in 2017:-

- Rinneadh 1,988 glaoch ar fad a logáil leis an deasc freastail TF in 2017 agus bhí réiteach críochnúil ar 1,957 díobh.
- Rinneadh 24 tionscadal ar fad a sheachadadh le linn na bliana, ag cur seirbhísí nua agus seirbhísí feabhsaithe ar fáil.
- Rinneadh forbairt agus feidhmiú céimneach ar inlíon nua, dlrLink mar chuid de chomhthionscadal leis an Aonad Cumarsáide. Tugann dlrLink ardán dúinn ar féidir breis seirbhísí digiteacha a chur ar fáil air ar feadh 2018, chun cumarsáid a fheabhsú agus ag tabhairt cead cleachtais níos éifeachtaí oibre a chur i bhfeidhm.
- Cuireadh roinnt seirbhísí digiteacha nua ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle [www.dlrcoco.ie](http://www.dlrcoco.ie)
- Rinneadh uasghrádú ar phríomh-eilimintí bhonneagar croi-líonra na Comhairle. Cuirfidh sé seo le hacmhainn bhonneagar TF na Comhairle freastal ar riachtanais reatha agus ar riachtanais sa toadhcháil.
- Rinneadh uasghrádú ar an mbonneagar cumarsáide idir Halla an Chontae agus roinnt suíomh tábhachtach iargúlta mar leabharlanna agus iostaí. Cheadaíonn sé seo soláthar seirbhísí feabhsaithe níos iontaoifa TF sna háiteanna seo.
- Cuireadh i bhfeidhm an chéad chéim d’fheidhmiú céimneach Office 365, ag tabhairt seirbhísí fheabhsaithe ríomhphoist don fhoireann ar fad. Leanfar le Céim 2 den tionscadal seo le linn 2018.
- Rinneadh forbairt agus cur i bhfeidhm ar chóras nua Chlár Togthóirí, a cheadaíonn tiomsú chlár na dtoghthóirí ar bhealach níos cruinne agus níos éifeachtaí. Tá an méid seo mar chuid de thionscadal náisiúnta atá á threorú ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Beidh soláthar tairisí poiblí mar dara chéim den tionscadal seo chun cead a thabhairt do thoghthóirí bainistiú a dhéanamh ar a gcuid sonraí chlár toghthóirí féin.
- Rinneadh réiteach nua cúltaca a chur i bhfeidhm a cheadaíonn cóip chúltaca a dhéanamh de shonraí na Comhairle ar bhealach níos iontaoifa agus níos éifeachtaí agus a bheidh ag comhlíonadh an GDPR.

# Seirbhís Ailtireachta

Cuireann an tSeirbhís Ailtireachta raon leathan seirbhísí ar fáil a bhaineann le tógáil sna catagóirí seo leanas:

## Tithíocht

- Tógáil:

Leanadh leis an gClár Tithíochta, i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, in 2017. Chuimsigh clár na n-oibreacha críochnú tionscadal ar an suíomh lena n-áirítear 4 Aonad Cóiríochta do Thaistealaithe ag Gleann na Muc; 4 árasán ar a dtugtar “The Mews” ag Páirc an Naigín; 2 theaghais ag Teachín an Mháistir Chuain i nDún Laoghaire agus 4 aonad ag Céimeanna Naoimh Mhichíl.

Leanadh leis an tógáil le linn 2017 ar líon suntasach scéimeanna lena n-áirítear Páirc Mhic Gearailt – 50 aonad; 10 n-árasán ar a dtugtar “The Brambles” i nGleann na gCaorach; 44 teaghais ag Cúirt Chnocán na Rós, Dún Druma; 21 teaghais ag Ardán an Átha Leathain, Baile an tSaoir; 3 theaghais nua ag Cnoc an Teampaill, An Charraig Dhubh; 12 teaghais mearsheachadta ag Plás Sheoirse, Dún Laoghaire agus Bóthar na Potaireachta ina mbeidh aonad amháin le leagan agus 4 árasán i bhfoirgneamh dhá stór le tógáil ina áit.

Tá tógáil Céim 3, le 14 aonad, ag Teach Bhaile an Róistigh, An Naigín, imithe chun cinn go maith. Nuair a bheidh an obair críochnaithe beidh athrú suntasach tagtha ar an gcoimpléasc seo. Tugadh faoin obair seo i dtrí chéim agus cuirfear tithíocht ar ardchaighdeán ar fáil ann ar shuíomh a bhfuil athbheochan déanta ann. Bhuaigh Céim 2 an Tógáil Inbhuanaithe is Fearr i nGradaim Ailtireachta Institiúid Ríoga na hÉireann 2017.

- Mionoibreacha/Méaduithe:

Chríochnaigh Earnáil na Mionoibreacha 45 uasghrádú seomra folctha, shuiteáil siad 10 rampa atá oiriúnach do chathaoir rothaí agus chríochnaigh siad 17 tionscadal ilchineál (m.sh. suiteáil greimráille, tionscadail leathnú dorais, &rl) in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae faoi Scéim Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2017. Críochnaíodh méadú amháin do dhuine faoi mhíchumas, chomh maith.

## Dearadh Uirbeach & Fearann Poiblí

Leanann Roinn na nAiltirí ag déanamh mórán ionchuir maidir le dearadh agus comhairle faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an bhfearann poiblí agus pleanáil ar feadh gníomhaíochtaí na Comhairle.

Le linn 2017 críochnaíodh Plean Chreat Uirbeach Lárbhaile Choill na Silíní chomh maith le dearadh mionsonrach do Phlean Limistéar Áitiúil Shruthán na Coille – Seangánach agus staidéir faoi thalamh na Comhairle ag Seangánach.

Rinneadh an dearadh i leith oibreacha breise ar feadh Ardán Haigh i nDún Laoghaire agus táthar ag súil go dtosóidh an tionscadal ar an suíomh in 2018. Ach é a bheith críochnaithe déanfar na naisc idir Lár an Bhaile agus an tÉadan le hUisce a neartú.

Réitigh Roinn na nAiltirí dearáí don tírdhreachadh nua ag Sráidbhaile Bhaile na Manach a críochnaíodh i Nollaig 2017 agus a chuir fearann poiblí feabhsaithe agus ar ardchaighdeán in áit i Lár an tSráidbhaile.



An Cathaoirleach, Comhairleoir Tom Murphy, Comhairleoir Jim Gildea, Philomena Poole, Príomhfhéidhmeannach, Sarah Clifford agus Bob Hannan ag ceiliúradh an Tionscadail Inbhuanaithe is Fearr sna Gradaim RIAI 2017 a bhuaich i leith Theach Bhaile an Róistigh, Céim 2, An Naigín.



Teach Bhaile an Róistigh, An Naigín

## Foirgnimh Chathartha

Fuair dearaí mionsonracha i leith Créamatóiriam nua agus oibreacha bainteacha ag Seangánach faomhadh Pleanála Cuid 8.

Cuireadh isteach dearaí mionsonracha i leith oibreacha atá beartaithe ag Folcadáin Dhún Laoghaire. Táthar ag súil go dtosóidh an obair ar an suíomh in 2018.

Rinneadh both nua eolais do thurasóirí a dhearadh agus lorgaíodh tairiscintí lena thógáil agus tosófar ar an suíomh in 2018.

Críochnaíodh athchóiriú ar ardán ceolbhuíne na Carraige Duibhe, chomh maith. Fuarthas ceadú Cuid 8 do Pháirc Chnoc na Raithní, Áth na Sceire, lena n-áirítear café theach an chóiste, foirgneamh an túir agus pailliún spóirt.

Lorgaíodh agus faomhadh tairiscintí do Chlub Leadóige Chnoc an Tobair; táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair seo ar an suíomh san earrach 2018.

Fuair an Mol Cathartha agus Seomra nua na Comhairle cead Pleanála Cuid 8 in 2017. Cuireadh tús leis an tionscadal ar an suíomh i Samhain 2017 agus tá sé ceaptha a bheith críochnaithe i Meitheamh 2018.

## Caomhnú na hOidhreachta Tógtha

- Tuairiscí Caomhnaithe:

Cuireann an Rannóg Caomhnaithe i bhfeidhm Cuid IV (Oidhreachta Ailtireachta) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 agus cuireann an rannóg comhairle ar bhail den phobal agus ar a gcuid gníomhairí faoi gach gné den Oidhreachta Thógtha.

- Deontais Chaomhnaithe:

Leanann Roinn na nAiltirí ag riaradh Scéim Dheontas Caomhnaithe na Roinne Cultúir, Oidhreachta & Gnóthaí Gaeltachta do struchtúir faoi chosaint ar son na Comhairle Contae. In 2017 rinneadh measúnú ar iarratais agus rinneadh cistiú de €73,000 san iomlán a leithdháileadh do 11 Tionscadal faoin Scéim Infheistíochta san Oidhreachta Thógtha. Rinneadh €40,000 san iomlán a leithdháileadh i leith 2 thionscadal eile

faoin Scéim Deontais do Struchtúir i mBaol, atá cistithe ag an Roinn, chomh maith.

## Struchtúir Chontúirteacha

Cuireann Roinn na nAiltirí an tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) i bhfeidhm maidir le Struchtúir agus Áiteanna Contúirteacha. Bhí 77 cás san iomlán d'Fhoirgnimh Chontúirteacha in 2017.

## Bainistiú Fuinnimh

Tá Foireann Bainistithe Fuinnimh na Comhairle faoi cheannas Ailtire an Chontae agus déanann an Tuarascáil (féach larscríbhinn 1) cur síos ar na príomhchéimeanna a tógadh le bliain anuas chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i limistéir atá faoi fhreagracht na Comhairle. Cuireadh Foireann Fuinnimh dlr ar ghearrliosta mar iomaitheoir ceannais sna Gradaim Náisiúnta SEAL 2017 i measc eagraíochtaí uile earnálacha poiblí agus príobháideach don chatagóir is airde 'Foireann Fuinnimh na Bliana.'

## Ilghnéitheach

Lean Roinn na nAiltirí in 2017 ag cur seirbhís chomhairleach ar fáil thar réimse leathan gníomhaíochtaí mar shuirbhéireacht chainníochta, soláthar, comhairle theicniúil, bainistiú foirgneamh agus tuarascálacha ar staid foirgneamh, mar aon le comhairle a thabhairt faoi ghníomhaíocht atá bainteach leis na hEalaíona.

Chuir an Roinn maoiniú ar fáil i dtreo 'Open House' do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin inar tugadh deis do bhail den phobal cuairt a thabhairt ar áitribh phríobháideacha arna dearadh ag ailtirí, ar fhoirgnimh stairiúla agus ar shainchomharthaí nua, le linn deireadh seachtaine Open House i nDeireadh Fómhair 2017.

Faoin gClár Ailtireachta d'Éire Ildánach 2017, rinne Roinn Ailtirí dlr A2 Architects a choimisiúnú a bhí ag comhoibriú le Stiúideo Alan Meredith chun Binse an Lamairne Dearg (Red Jetty Bench) a dhearadh – suíochán sealadach a thairg áit don uile aois le bualadh le chéile agus le scíth a ligean. Fuair an tionscadal seo tacaíocht ó Pháirceanna dlr agus páirtchúnamh deontais ó Éire Ildánach. Cuireadh an "Lamairne Dearg" ar taispeánt in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae le linn na bliana agus leanfar leis in 2018.

Tá cur síos ar mhionsonraí na dtionscadal atá á bpróiseáil ag Cliant-ranna na Seirbhísí Ailtireachta ar fáil faoina gcuid ceann teideal seirbhíse.



Lamairne Dearg

# Pobal agus Forbairt an Chultúir

Cuimsíonn an Roinn seo réimse príomhsheirbhísí lena n-áirítear Na hEalaíona; An tSeirbhís Leabharlainne; Forbairt Phobail agus Cuimsiú Sóisialta. Tá na seirbhísí seo ceaptha le tacaíocht a thabhairt don fhorbairt pobail agus le caighdeán na beatha agus folláine don uile duine a chur chun cinn.

## Forbairt Pobail

Chuir foireann Forbartha Pobail na Comhairle réimse cuimsitheach tacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil le tacú le forbairt pobail agus cuimsiú sóisialta mar aon le comhpháirteachas an phobail, rannpháirtíocht, saorálaíochas agus saoránacht ghníomhach in 2017.

Cuireadh seirbhís chuimsitheach comhairle ar fáil do bhreis is sé chéad grúpa agus eagraíocht pobail agus deonach agus lean an Fhoireann ag feidhmiú mar phríomhphointe teagmhála i leith eolais agus comhairle do phobail áitiúla ar fud an Chontae.

Rinneadh clár oiliúna tógála acmhainne a fhorbairt do ghrúpaí pobail go déanach in 2017 agus déanfar feidhmiú céimneach air in 2018.

## Deontais Phobail

Bronnadh 274 deontas ar ghrúpaí pobail agus grúpaí deonacha faoin Scéim Deontas Pobail, ar fiú breis is €244,442 iad. Cuireann na deontais ar chumas grúpaí aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna áitiúla trí éagsúlacht tionscadal, imeachtaí agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear Tionscadail an tSamhraidh a chuireann clár gníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus oideachasúla faoi mhaoirseacht ar fáil do dhaoine óga le linn tréimhse an tsamhraidh.

Reáchtáladh fiche Cruinniú Eolais Poiblí faoi dheontais in áiteanna ar fud an Chontae in Earrach agus Fómhar 2017, agus bhí foireann Forbartha Pobail ar fáil chun treoir a thabhairt faoi phróiseas na ndeontas.

Rinneadh feidhmiú céimneach ar an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte trí riaradh an chistithe deontais a bhí curtha ar fáil ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, mar a bhí tráth.

## Fostaíocht Phobail

Lean an Chomhairle ag déanamh urraíochta ar 3 Scéim Fostaíochta Pobail le 129 foghlaimeoir ar fud an Chontae.



Thug Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUiginn cuairt ar Ionad Pobail Theach Pháirc Sheangánach, chun 40 bliain an Ionaid Phobail a cheiliúradh.

Chomh maith le tacaíocht a bhfuil géarghá leis a thabhairt do phobail chuidigh na Scéimeanna seo leo sin a bhí páirteach le cleachtadh luachmhar a fháil mar thacaíocht dá bhforbairt agus dul chun cinn pearsanta agus gairmiúil chuig fostaíocht lánaimseartha.

Bhí dul chun cinn go fostaíocht nó oideachas de 65% ann in 2017, figiúr atá thar a bheith suntasach.

## Imeachtaí Pobail

Reáchtáladh Ceiliúradh dlr ar an Saorálaíochas ar 7ú Nollaig chun aitheantas agus moladh a thabhairt don obair neamhleithleach a dhéanann daoine deonacha ar fud an Chontae. Chonaic 200 aoi 25 duine aonair agus 1 ghrúpa a fuair bronntanais mar aitheantas ar a gcion tairbhe dá bpobail áitiúla. Rinneadh 10 mbliana an Aonaid Oibríthe Deonacha a cheiliúradh dlr agus seoladh Cór Daoine Deonacha dlr a forbraíodh i gcomhpháirtíocht le hAonad Oibríthe Deonacha dlr.

Rinneadh 40 bliain Theach Pháirc Sheangánach ag feidhmiú mar shaoráid phobail a cheiliúradh ar 31ú Bealtaine le cuairt ón Uachtarán Mícheál D. Ó hUiginn. Bhí an pobal áitiúil thar a bheith sásta faoin gcuairt agus ba shárléiriú é ar chomhtháthú agus rannpháirtíocht pobail.

Thacaigh an foireann le hócáid pobail chun aitheantas a thabhairt do cheiliúradh 40 bliain Bhaile Uí Lachnáin.

Tharla 5K bliantúil Phobail dlr ar 7ú Deireadh Fómhair i bPáirc Chill Bheagóige agus bhí breis is 1,200 rannpháirtí ann.

## Saoráidí Pobail

Ceadáíodh Deontais Chúnamh Bainistithe, de €155,000 san iomlán, do shaoráidí pobail chun cuidiú le costais oibríochtúla agus reatha a tabhíodh in 2017, agus sa chaoi sin cuireadh ar

chumas na saoráidí seirbhísí agus gníomhaíochtaí forleathana, luachmhara a chur ar fáil do phobail áitiúla.

Ina theannta sin, cuireadh tacaíocht agus comhairle ar fáil do bhoird bhainistíochta agus coistí deonacha a dhéanann breis is 30 saoráid phobail na Comhairle a bhainistiú. Rinneadh píolótú ar Chlár Líonra Saoráidí Pobail ar thaobh an Iarthair den Chontae in 2017 leis an aidhm le píarlíonra tacaíochta agus deiseanna foghlama do na Coistí Bainistíochta a fhorbairt fad a bhíonn seirbhísí fheabhsaithe d'úsáideoirí agus do phobail áitiúla á cur ar fáil.

Rinneadh dul chun cinn maith chun pleananna feabhsúcháin saoráidí a chur chun cinn in 2017:

- Críochnaíodh méadú ar Ionad Tionscadal An Bhaile Bhric in 2017 rud a fhágfaidh go mbeidh seirbhísí leathnaithe ann do dhaoine óga.
- Ceapadh foirne deartha, comhairligh agus forbartha do thógáil an mhéadaithe ar Shaoráid Óige agus Pobail an Naigín a thabharfaidh tosaíocht do riachtanais daoine níos sine.
- Críochnaíodh Cuid 8 próiseas comhairliúcháin phoiblí don mhéadú ar Theach Pháirc Sheangánach agus fuair sé ceadú na Comhairle i Nollaig 2017.

## Bainistiú Eastát

Lean an Chomhairle, tríd an gclár Bainistithe Eastát, ag obair leis agus ag maoiniú Fóram an Chontae agus 12 Fóram Bainistithe Eastát ar fud an Chontae. Tá an chomhpháirtíocht seo rí-thábhachtach mar chuidiú do gach Fóram i leith fheabhsúcháin leanúnach na timpeallachta agus na n-eastát áitiúil ina gcónaíonn siad, chomh maith le bheith ag cur le hacmhainn ag an leibhéal áitiúil trí oiliúint, líonrú agus tacaíocht leanúnach phraiticiúil agus airgeadais.

Ghlac Fóram Bainistithe An Naigín agus Eastát Radharc an Chnoic páirt i nGradaim Mhórtas Áite Uile-Éireann in 2017. Fógraíodh na buaiteoirí ag mór-ócáid speisialta i Nollaig 2017 i Leitir Ceanainn, roimh lucht féachana de bhreis is 800 aoi. Cé nach bhfuarthas aon ghradam ar an oíche cheadaigh an comórtas aitheantas náisiúnta don obair a thug an dá ghrúpa faoi agus don Chlár Bainistithe Eastát san iomlán.

Fuair roinnt Fóram Bainistithe Eastát aitheantas ag Gradaim Cheantair Shlachtmhara 2017 le Fóram Bainistithe Eastát Chill an Chrosaire agus Fóram Bainistithe Eastát Bhaile Uí Ógáin fógartha mar bhuaiteoirí ina gcatagóirí ar leith féin. Bronnadh an Fóram Bainistithe Eastát is mó feabhais 2017 ar Fhóram Bainistithe Eastát Chois Cairn agus fuair Fóram Bainistithe Eastát Radharc an Chnoic Gradam na Maor Bruscair mar aitheantas ar a gcuid oibre.

Eagraíodh oiliúint le haghaidh Fóram Bainistithe Eastát an Chontae i Nollaig 2017 agus bhí ionadaithe ó na 12 Fóram Bainistithe Eastát ar fad i láthair. Is é an téama a bhí ann ná tógáil foirne agus cuideoidh sé leis na hoibrithe deonacha le tacaíocht a thabhairt dá chéile fad a bhíonn siad ag obair le chéile chun feabhas a chur ar a bpobail áitiúla féin.

## Coiste Áitiúil Forbartha Pobail

Is coiste é Coiste Áitiúil Forbartha Pobail dlr de Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus an príomhról atá aige ná le cur chuige comhtháite don fhorbairt áitiúil agus phobail sa Chontae a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.

Bhí cruinnithe ag LCDC ar 15ú Feabhra, 5ú Aibreán, 17ú Bealtaine, 28ú Meitheamh, 19ú Iúil, 6ú Meán Fómhair agus 8ú Samhain 2017.

Tháinig foghrúpa den LCDC le chéile ar 12ú Deireadh Fómhair, 24ú Deireadh Fómhair agus 8ú Samhain, 2017 chun breithniú a dhéanamh faoi thairiscintí a fuarthas i leith chonradh SICAP 2018. Críochnaíodh an próiseas agus rinne an LCDC é a fhaomhadh ag a chruinniú ar 8ú Samhain, 2017.

Ina theannta sin tháinig foghrúpa den LCDC le chéile ar 26ú Iúil agus 30ú Lúnasa chun breithniú a dhéanamh faoi iarratais ar chistiú a fuarthas faoin Scéim Saoráidí Pobail agus tháinig an LCDC le chéile ar 13ú Nollaig chun breithniú a dhéanamh faoi iarratais do Scéim Deontais Chlár RAPID.

Fuair 51 grúpa pobail/eagraíocht cistiú faoin dá scéim seo de €129,000 san iomlán.

## Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (LECP)

Cuireadh nuashonruithe rialta ar fáil don LCDC maidir leis an dul chun cinn ar spriocanna pobail agus comhspríocanna an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Is plean straitéiseach reachtúil é seo a fhéachann le tacú le forbairt áitiúil eacnamaíochta agus pobail agus le leas an phobail. Maidir le príomhspríocanna bhí roinnt gnóthachtálacha ann le linn 2017 lena n-áirítear go bhfuil bunú Coiste nua Páistí agus Daoine Óga, a bhfuil gá obair anailise a dhéanamh air, faoi shiúl, forbairt Straitéis Turasóireachta nua do dlr agus idirchaidrimh fhoghlama agus rannpháirtíochta maidir le comhoibriú agus forbairt pobail le tionscadal Athrú URBACT agus comhairliúcháin a reáchtáladh faoi shláinte agus folláine in dlr.

Beidh Tuarascáil Bhliantúil LCDC ar fáil ag an nasc seo;

<http://www.dlrcco.ie/en/community/social-developmentinclusion/dlr-local-community-development-committee>

## Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr

Lean Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr (PPN), le tacaíocht ó Fhorbairt Phobail, ag forbairt chun é féin a shuí mar an príomhnasc lena gceanglaíonn an t-údarás áitiúil leis an bpobal, le hearnálacha deonacha agus comhshaoil, gan dochar do phróisí eile comhairliúcháin. Bhí 400 grúpa /eagraíocht cláraithe mar bhaill de PPN dlr ag deireadh 2017, ardú 43% ón mbliain roimhe.

Reáchtáladh 2 chruinniú iomlánach de na baill in Aibreán agus Deireadh Fómhair. Tá suíocháin ag ionadaithe PPN ar 6 SPC, agus ar an gCoiste Áitiúil Forbartha Pobail, ar an gComhchoiste Póilíneachta, ar an Tascfhórsa Tuaithe agus ar Ghrúpa Comhairleach Bhaile Átha Cliath Cliste. Bhí ionadaíocht ag an PPN chomh maith ag 1 Cruinniú Réigiúnach PPN agus ag 5 Chruinniú Líonra Oibríthe PPN.

Chomhoibrigh an PPN le Comhpháirtíocht an Deiscirt ar Chúrsa Forbartha Pobail le hIonad Oibríthe Deonacha Dhún Laoghaire faoi oiliúint maidir le grinnfhiosrúchán an Garda Síochána. I measc cúrsaí oiliúna a thairg an PPN in 2017 bhí Tuiscint ar Rialtas Áitiúil, Ag Baint an Leas is Mó as Seirbhísí Ar Líne – Cumarsáid Dhigiteach, Cumarsáid Dhigiteach do Thosaitheoirí agus Faigh faoi Réir le haghaidh Rialachas Ginearálta Chosaint Sonraí. Foilsíonn an PPN Riomhíris rialta ar féidir síntiús a ioc leis anseo: <http://dlrppn.ie/get-the-dlr-ppnezine/>

## Clár Forbartha Tuaithe

Tá clár amháin LEADER Tuaithe Bhaile Átha Cliath ann a chlúdaíonn ceantair roghnaithe tuaithe laistigh de thrí limistéar

rialtas áitiúil Bhaile Átha Cliath. Clúdaíonn na ceantair i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin atá ann Toghlimistéir Ghleann Cuilinn agus Tigh Bródáin. Tá clár LEADER Tuaithe Bhaile Átha Cliath faoi cheannas Phobal Áitiúil Fhine Gall.

Feidhmíonn an Coiste Forbartha agus Comhairle Contae Fhine Gall mar chomhpháirtí ceannais airgeadais don Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil. An leithdháileadh cistithe iomlán do 2014 – 2020 le haghaidh chlár LEADER Bhaile Átha Cliath ná €6,370,438. Tá an clár á bhainistiú ag Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil (LAG) atá roghnaithe as Coistí Áitiúla Forbartha Pobail (LCDCanna) de gach ceann de na trí údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath a bhfuil pobail tuaithe iontu. Tá suíocháin ag trí ionadaí as LCDC dlr ar an nGrúpa Gníomhaíochta Áitiúil (LAG) agus tharla ceithre chruinniú LAG in 2017.

Déanann an clár cistithe LEADER foráil i leith gairmeacha amshainiúla agus ar bhonn atrátha, le hiarratas a dhéanamh ar chistiú. Rinneadh ceithre ghairm spriocdhírthe in 2017 a chuimsigh;

- Oiliúint Pobail, beochan agus Forbairt Acmhainne chun tacú le bailte beoga i gceantair tuaithe Bhaile Átha Cliath (€30,000)
- Tacaíocht i leith fhorbairt táirgí ar scála beag, léirléamh agus margaíocht ar oidhreacht ar leithligh agus nithe ar díol spéise cultúrtha iad i gceantair tuaithe Bhaile Átha Cliath. (€210,000)
- Oiliúint, beochan agus tógáil acmhainne chun an tionscal turasóireachta a láidriú (€66,000)
- Eispéreas turasóireachta ar leithligh cheantair tuaithe Bhaile Átha Cliath a fhorbairt agus a thacú trí phleanáil straitéiseach/forbairt cnuas-suíomh agus ceann sprice agus margaíocht (€40,000)
- Soláthar tacaíochta i leith oiliúint frontar, beochana agus tógáil acmhainne do dhaoine aonair agus grúpaí faoi ghann-ionadaíocht (€90,000)

Fuair Comhpháirtíocht LEADER Fhine Gall 67 Léiriú Spéise in 2017. Eisíodh 17 conradh agus rinneadh measúnú ar 25 tionscadal agus moladh iad a cheadú in 2017.

Tá mionsonraí faoi imeachtaí/cruinnithe beochana poiblí ar fud cheantar LEADER Tuaithe Bhaile Átha Cliath ar fáil ag: <http://>

[dublinruralleader.ie](http://dublinruralleader.ie) Tá Clár LEADER mar mhír seasta ar an gclár do chruinnithe LCDC dlr.

## Tascfhórsa Tuaithe Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Cuireadh Tascfhórsa Tuaithe Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar bun mar fhoghrúpa den LCDC chun comhtháthú chlár Fhorbartha Tuaithe agus SICAP a éascú agus mar chainéal cumarsáide chuig LAG LEADER. Tharla cruinnithe de Thascfhórsa Tuaithe dlr ar 6ú Meitheamh agus 18ú Deireadh Fómhair 2017 in Ionad Pobal Ghleann Cuilinn agus chuimsigh siad nuashonruithe eolais ar LEADER Tuaithe Bhaile Átha Cliath.

Ag an gcruinniú ar 6ú Meitheamh rinneadh cur i láthair ar Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2017 agus nuashonrú eolais ar Straitéis Turasóireachta agus Margaíochta dlr. Toghadh an chéad Chathaoirleach ar Thascfhórsa Tuaithe dlr ag cruinniú a reáchtáladh ar 6ú Meitheamh 2017.

## Comhchoiste Póilíneachta/Fórain Áitiúla Póilíneachta

Cuireadh tacaíocht ar fáil do Chomhchoiste Póilíneachta agus do 3 Fhóram Áitiúil Póilíneachta le hoibriú rathúil agus cur i bhfeidhm an phlean oibre sé bliana JPC a chinntiú le linn 2017.

Reáchtáil Comhchoiste Póilíneachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 3 chruinniú coiste (Márta, Meitheamh agus Samhain) agus d'óstáil sé Chruinniú Poiblí ar 15ú Samhain 2017 a raibh freastal maith air. Leanadh leis an obair le linn 2017 ar chur i bhfeidhm phlean oibre sé bliana JPC. Bhí freastal ann agus ionchur chuig ceardlann leis an Údarás Póilíneachta le haghaidh Chathaoirleach JPC agus ionadaithe Príomhfheidhmeannaigh i dtaobh tosaíochtaí póilíneachta in Iúil 2017.

Tá Tuarascáil Bhliantúil 2017 an JPC ar fáil ag an nasc seo leanas: <http://www.dlrcoco.ie/en/community/social-developmentinclusion/joint-policing-committee-local-policing-forums>



Cruinniú Cinn Bhliana (AGM) de Chomhairle na nÓg dlr 2017

## Comhairle na nÓg

Leanadh leis an tacaíocht chun Comhairle na nÓg dlr a fhorbairt agus a fhás. Reáchtáladh Cruinniú Cinn Bhliana (AGM) ar 16ú Samhain le 90 duine óg i láthair, a bhí mar ionadaithe ag 23 scoil agus clár thacaíochta na n-óg ar fud an chontae. An téama a bhí ann do AGM 2017 ná Meabhairshláinte na nÓg. Tar éis plé roghnaigh na daoine óga Meabhairshláinte i Scoileanna mar an topaic a bheidh faoi chaibidil ag an gComhairle in 2018.

Rinne Baill den Chomhairle cuir i láthair ag Cruinniú na Comhairle i mBealtaine agus ag Cruinniú Iomlánach PPN i nDeireadh Fómhair. Bhí ionadaíocht ag Comhairle dlr ar an gcoiste stiúrtha a d'eagraigh agus a ghlac páirt i nDáil na nÓg i mí na Nollag.

## Forbairt agus Cuimsiú Sóisialta

Leanadh leis an bpríomhfhócas a chur ar éiteas an Chuimsithe Sóisialta le tacaíocht agus comhairle curtha ar fáil chun eisiámh sóisialta a laghdú agus chun luach a chur ar ilchineálacht chultúrtha. Cuireadh tacaíocht ar fáil do Ghluaiseacht Taistealaithe na hÉireann leis an gClár Brat Buí ag leanúint ar aghaidh. Is tionscnamh forásach comhionannais agus ilchineálachta é do bhunscoileanna agus meánscoileanna a chuireann chun cinn agus a thugann tacaíocht do chomhshaoil an idirchultúrachais.

Leanadh leis an tacaíocht do Choiste Stiúrtha Idirghníomhaireacht Thaistealaithe dlr in 2017 le cruinnithe ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna mar 'Déagóirí a Choinneáil san Oideachas' 'Deiseanna Fostaíochta do Mhná' agus 'Foréigean Baile'. D'óstáil dlr an STAG "An Saol mar a Bhí" (Blast from the Past) Ceiliúradh ar Chultúir na dTaistealaithe mar chuid de thaispeántas "Ag Tabhairt Pobal Le Chéile" (Connecting Communities).



Seoladh na Féile Chuimsithe 2017

Thug dlr tacaíocht d'Fhóram Chomhtháthú Mionlach Eitneach ar líonra imirceach-treoraithe é de ghrúpaí mionlach eitneach atá lonnaithe sa chontae. Cuireadh tacaíocht ar fáil chun 'Ceiliúradh Shaoránacht na hÉireann' a óstáil le haghaidh cónaitheoirí dlr ar deonaíodh Saoránacht na hÉireann orthu le gairid.

D'oibrigh "Féile Chuimsithe" 2017 chun feasacht agus tuiscint a ardú faoi chuimsiú agus ilchineálacht ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. D'fhéach téama 2017 "Ag Tabhairt Pobal Le Chéile" ar cheiliúradh a dhéanamh ar ár n-ilchineálacht chultúrtha shaibhir trí réimse gníomhaíochtaí agus gníomhartha a chuidíonn le baic a leagan agus le muinín agus comhoibriú a thógáil. Tharla breis is 40 imeacht ar fud an Chontae leis an "Taispeántas Ag Tabhairt Pobal Le Chéile" a leag béim ar obair iontach na ngrúpaí pobail éagsúla laistigh de Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, lena n-áirítear an Féasta Sráide agus taispeántais ghrianghrafadóireachta 21 Aghaidh.



Ag Ceiliúradh Sheoladh Eolaire Seirbhísí & Gníomhaíochtaí do Dhaoine níos Sine bhí: An Cathaoirleach, Comhairleoir Tom Murphy leis an bPríomhfheidhmeannach, Philomena Poole agus Donal Marren, Cathaoirleach Chomhaontas Aoisbhá dlr.



Tionscnamh nua a bhí ar siúl in 2017 ná blaiseadh den Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) do Chách (4 All) a réachtáladh in Ionad Cathartha Samuel Beckett, chun aibhsiú a dhéanamh ar na deiseanna foghlama ar feadh an tsaol atá ar fáil.

Tharraing an comórtas Líníochta do Bhunscoileanna líon mór iontrálacha a bhí ar taispeáint ar feadh na seachtaine. Bronnadh a ngradaim ar na rannpháirtithe ó gach scoil ag searmanas bronnta duaiseanna ar an 11ú Deireadh Fómhair i Halla an Chontae.

## An Clár Aoisbháúil

Chomhoibrigh an Comhaontas Aoisbhá, le tacaíocht ón bhfoireann Forbartha Pobail, in 2017, chun réimse beart as an Straitéis Aoisbháúil a sheachadadh. Rinneadh roinn tionscnamh a sheachadadh lena n-áirítear Tionscadal an Pheitil agus Eolaire Gníomhaíochtaí agus Seirbhísí do dhaoine níos sine i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ar 27ú Meitheamh. Is tionscnamh simplí é Tionscadal an Pheitil atá deartha le haghaidh a thabhairt ar inrochtaineacht bhraite chuig saoráidí leithris atá aitheanta ag daoine níos sine mar bhacainn ar dhul amach agus thart timpeall sa Chontae, agus tá eolas san Eolaire faoi ghníomhaíochtaí agus seirbhísí atá ábhartha do dhaoine níos sine.

Le tacaíocht ó dlr cuireadh an tSeirbhís Comhordaithe Tacaíochta Duine Níos Sine ar fáil ar fud an Chontae in 2017 le cúnamh tugtha do 293 duine níos sine le rochtain a fháil chuig seirbhísí nó tacaíocht in 2017. Ina theannta sin lean dlr ag tacú le seirbhísí déanta cairdis do bhaill níos sine den phobal trí scéim na nDeontas Pobail, ar mhaithe le huaigneas agus aonrú a mhaolú. D'éagraigh "Ag Déanamh Ceangal" (Making Connections) cuairteanna seachtainiúla ar 84 duine níos sine in dlr in 2017, le 54 oibrí deonach earcaithe agus oiliúint tugtha dóibh. Cuireadh tacaíocht ar fáil leis le haghaidh réimse tionscnamh aoisbháúil lena n-áirítear obair Líonra na nDaoine Níos Sine agus Cumann Daoine Níos Sine an Garda Síochána.

Beidh breis sonraí ar fáil i dTuarascáil Bhliantúil an Chláir Aoisbhá. <http://www.dlrcoco.ie/en/community/social-development-inclusion/dlr-age-friendly-county>

## Coistí Seirbhísí Páistí agus Daoine Óga

Bunaíodh Coistí Seirbhísí Páistí agus Daoine Óga dlr (CYPSC) leis an gcrúinniú tionscnaimh ar 23ú Lúnasa agus réachtáladh an dara cruinniú ar 20ú Samhain 2017.

Is iad na CYPSC na heochair-struchtúir atá aitheanta ag an Rialtas chun seirbhísí do pháistí agus do dhaoine óga a phleanáil agus a chomhordú i ngach contae in Éirinn. An cuspóir foriomlán atá leo ná le torthaí do pháistí agus do dhaoine óga a fheabhsú trí oibriú idirghníomhaireachtaí áitiúla agus náisiúnta.

Cuireadh tús leis an obair chun an CYPSC a fhorbairt agus chun tabhairt faoi anailís riachtanas don Chontae le linn 2017 lena n-áirítear comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Cuideoidh sé seo chun plean 3 bliana do pháistí agus do dhaoine óga i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, atá le bheith críochnaithe amach in 2018, a chur in oiriúint.

## Na hEalaíona

Sheachaid seirbhís ealaíon na Comhairle clár imleathan imeachtaí, cónaitheachtaí, coimisiún agus tacaíochtaí gairmiúla ealaíon in 2017 agus rinneadh dul chun cinn suntasach i réimsí scannán áitiúil agus forbartha an cheoil.

## Gailearaí Cathartha, dlr Lexlcon

Bhí sé chlár taispeántais i nGailearaí Cathartha dlr Lexlcon. Ba ag Fiona Hackett agus Catherine Delaney a bhí an chéad dá thaispeántas den bhliain. Roghnaíodh iad tríd an bpróiseas Gairme Oscailte. I Márta agus Aibreán taispeánadh, 'Song of the Sea: the Exhibition'; taispeántas idirghníomhach, ilmheánach a bhí ann agus chuimsigh sé comhoibriú le Gailearaí Buitléir, Cill Chainnigh agus Cartún Salún. Roghnaigh Martin Drury 'SurprEYES!' – Oibreacha as Bailiúchán na Comhairle Ealaíne le páistí a mhealladh, agus ghlac 6 scoil áitiúla páirt dhíreach ann. I



Comhairleoir Cormac Devlin (An Cathaoirleach Meitheamh 2016 go Meitheamh 2017) ag bronnadh Gradam Chomórtas Scoileanna Slachtmhara ar Scoil Bhuachaillí Naomh Labhráis, Cill Mochuda.

Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair cuireadh corpas suntasach oibre nua le Aileen Barry ar taispeántas mar chuid de choimisiún ealaíne a bhí cistithe ag an gComhairle Ealaíon. Ba é 'Arrival', an Taispeántas Oscailte débhlíantúil ag taispeántas oibreacha le healaíontóirí atá bainteach le Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, taispeántas deiridh na bliana. Gemma Tipton, iriseoir agus critic, a roghnaigh na 50 píosa ealaíne a bhí ar taispeántas as breis is 300 píosa ealaíne a cuireadh isteach.

Bhí Clár Foghlama mar ghné de gach taispeántas le cainteanna, plé painéil, turais agus ceardlanna do gach aois. Thug 41,520 duine cuairt ar an nGailearaí agus ghlac 6,670 duine páirt go díreach sa Chlár Foghlama.

## Compánaigh Chultúrtha

Gabhann Comhpháirtíocht Ealaíne agus Sláinte dlr/HSE orthu féin go gníomhach le daoine níos sine agus le daoine faoi mhíchumas laistigh den Phobal. Tacaíonn an tionscnamh seo le haidhmeanna Straitéis Aoisbhá dlr maidir le folláine, obair dheonach agus rannpháirteachas sóisialta le haghaidh daoine níos sine. In 2017 rinneadh clár píolótach Chompánaigh Chultúrtha a thionscnamh chun líonra áitiúil de dhaoine níos sine agus oibríthe deonacha a chruthú ar daoine iad go mbeadh suim acu freastal ar Amharclann an Phaillíúin le haghaidh imeachtaí ealaíne agus cultúrtha in éineacht le daoine ar aon intinn leo. Rinneadh é a sheachadadh i gcomhpháirt leis an scéim déanta cairdis.

## Páistí Luathbhlianta

In 2017 cruthaíodh 'I AM BABA' agus cuireadh i láthair é i réigiún Bhaile Átha Cliath. Clár a bhí cruthaithe go speisialta le haghaidh naíonán agus a gcúramóirí, thug sé camchuairt ar an gContae agus fuair sé tacaíocht go háitiúil ó Thionscnamh Thacaíocht Tuismitheoireachta 0-3 dlr, Comhpháirtíocht an Deiscirt, Barnardos, ó Theachín Tuaithe, Seangánach, Seirbhís Luathbhlianta Bhaile an Chnoic agus Ionad Acmhainne Clainne Bhaile Uí Ógáin.

## Grainstore, Saoráid Ealaíon Óige dlr

Bhí 33,229 cuairteoir chuig Grainstore, Saoráid Ealaíon Óige dlr in 2017. D'éagraigh CANVAS, Coiste Ealaíon Óige dlr comórtas rathúil na mbannaí ceoil, "Long Road to Longitude" a fuair tacaíocht ó MCD agus chas na trí bhuaiteoir, Nobody's Heroes, Govinda agus Joanna Byford ag féile cheol Longitude i bPáirc Mharlaí i mí Iúil.

Rinne an Grainstore agus CANVAS iarratas rathúil ar scéim cónaitheachta d'ealaíontóirí in obair óige agus thosaigh siad ag obair le déantóirí scannán, John Conway, i Samhain 2017.

## Sléibhte go Farrage, Féile Leabhar dlr

Tharla Sléibhte go Farrage 2017 ó 22ú – 26ú Márta, 2017 le 69 imeacht in ionaid ar fud Dún Laoghaire agus Dún Droma. Chuimsigh siad sleachta a léamh, ceardlanna, plé painéil agus bronnadh gradam agus eisíodh breis is 6,500 ticéad.

Tháinig buaicphointí ón gClár Príomhúil lena n-áirítear Mohsin Hamid, Chris Cleave, Julian Clary, John Banville agus Roy Hattersley, chomh maith le cuir i láthair pholaitiúla faoin mBreathimeacht agus Toghchán na S.A. a bhí lán go doras. Chuimsigh an Clár Filíochta Michael Longley, Paula Meehan

agus Nick Laird. I measc buaicphointí Chlár an Teaghlaigh agus Scoileanna bhí Judith Kerr, Roddy Doyle agus Ryan Tubridy.

Reáchtáladh imeachtaí speisialta Lá Idirnáisiúnta na mBan roimh an bPríomhfhéile ar 12ú Márta. Ar na himeachtaí sin bhí The Virago Story, Harriet Harman agus Caitlin Moran.

Léirigh Suirbhéanna lucht féachana go dtiocfadh 99% de na daoine ag an bhFéile arís agus mheas 96% gur luach ar airgead maith nó réasúnta a bhí sna ticéid.

Fuair an Fhéile, a bhí léirithe ag Seirbhís Ealaíne agus Leabharlainne na Comhairle, leibhéal misnithe deá-phoiblíochta, lena n-áirítear cuairt Julian Clary ar an Late Late Show, agus gné-phíosá raidió lena n-áirítear Seó Ryan Tubridy, Arena agus Seó Sean O'Rourke. Ina theannta sin bhí go leor tuairiscithe sna meáin chlóite lena n-áirítear clúdach tosaigh Iris an Irish Times agus clúdach 4 leathanach taobh istigh ina theannta, agus ailt in Cara, Hotpress, Times an Domhnaigh agus an Irish Independent.

## Oíche Cultúir

Tharla Oíche Cultúir ar an Aoine, 22ú Meán Fómhair agus d'oscail dlr Lexicon ó 5-9pm. I measc na n-imeachtaí bhí taispeántas Aileen Barry sa Ghailearaí Cathartha, ceardlann déanta priontaí i Seomra na dTionscadal, údar Claire Messud ag léamh sa Stiúideo (mar chuid de Ghlórtha Leabharlainne dlr) go leor ceolchoirmeacha, scéalaí Niall de Búrca; mar aon le péinteáil éadan, duine ag siúl ar Chosa Croise agus mímeadóir. Bhí freastal an-mhaith ar Oíche Cultúir le breis is 1,300 cuairteoir ar feadh an tráthnóna. D'oscail An Grainstore, Saoráid Ealaíon Óige dlr na doirse, chomh maith, ar mhaithe le hOíche Cultúir rathúil, le ceardlanna damhsa agus ealaíne do gach aois agus gig cheoil a bhí curtha ar siúl ag daoine óga as an gceantar.

## Ealaín Phoiblí

Chríochnaigh David Butler a choimisiún litríochta a bhí láraithe i limistéar na Carraige Duibhe. Bhí a bhunáit aige sa limistéar ó Dheireadh Fómhair 2017 go Bealtaine 2017 agus chaith sé go leor ama ag cruthú ceangail le daoine áitiúla trí Leabharlann na Carraige Duibhe agus le mic léinn trí Institiúid Breisoideachais na Carraige Duibhe. Bhí sraith de dhánta, 11 ar fad, ag cur saibhreas cultúrtha, stairiúil, éiceolaíochta agus geolaíochta an réimse seo den líne costa faoi chaibidil, mar thoradh ar an gcoimisiún. Chomhoibrigh David, leis, le healaíontóirí fuaime Anthony Kelly, a bhfuil a bhunáit aige i nDún Laoghaire, chun taifead in-situ a dhéanamh den tsraith filíochta. Tá na dánta maisithe ar taispeántas i Leabharlann na Carraige Duibhe.

## Deontas Ealaíon

Bhronn an Chomhairle 28 Deontas Ealaíon ar luach €35,000 in 2017. Spreag na deontais agus chumasaigh siad cruthú tionscadal, imeachtaí nó deiseanna oideachais nua mar thaispeántais, léirithe agus ceardlanna scoile; a raibh gach ceann díobh ar taispeántas nó léirithe i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Thacaigh na deontais leis le forbairt gairme i measc ealaíontóirí. Cuimsíonn siad sin, i measc roinnt eile, taispeántais bhliantúla Chumann Uiscadhatha na hÉireann agus Club Péintéireachta agus Sceitseála Bhaile Átha Cliath, Ceolchoirmeacha Orgáin Dhún Laoghaire, Cruthaíocht sa Seomra Ranga agus Complacht Téatair Willfred. Bronnadh 10 Deontas Rochtana um Ealaín ar luach €20,000. Tugann na deontais seo tacaíocht sna réimsí is géire a bhfuil gá, ina n-aithnítear go bhfuil bearna fágtha sa



soláthar maidir le léirithe ealaíonta laistigh de phobail, mar shampla, tionscadail áitiúla óige agus grúpaí gníomhaíochta lucht scoir. Faigheann Deontais Rochtana um Ealaín tacaíocht ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

## Sparánachtaí d'Ealaíontóirí atá ag Teacht Chun Cinn

Bronnadh 6 sparánacht d'Ealaíontóirí atá ag Teacht Chun Cinn de €1,500 an ceann in 2017. Áirithe iontu bhí iocaíochtaí do chleachtóirí ealaíne atá ag obair sna hamharcealaíona, in amharclannaíocht, i damhsa agus ceol d'fhonn tacú le healaíontóirí atá ag obair agus ina gcónaí sa Chontae ag luath-phointe ina ngairmeacha ealaíne.

## dlr First Frames

In 2017, seoldadh tionscnamh nua cistithe gearrscannán First Frames dlr. An cuspóir atá leis ná le tacú le déantóirí scannán atá ag teacht chun cinn ag féachaint le gearrscannáin uailmhianacha chruthaitheacha a bheadh bunaithe i limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a fhorbairt agus leis an éagsúlacht ionad atá ar fáil sa Chontae a úsáid mar chúla agus mar inspioráid. Rinneadh dhá ghearrscannán a choimisiúnú faoin scéim a bhí cistithe ag Ealaíona Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus ag LEO dlr agus faoi bhainistiú Filmbase. Bhí an scéim nasctha le Scoil Náisiúnta Scannán, IADT, a thug tacaíocht trí rochtain chuig trealamh agus saoráidí.

## Scríbhneoir Cónaithe

Ag teacht i ndiaidh Sarah Webb, is é James Phelan Scríbhneoir Cónaithe dlr 2017/18. Is scríbhneoir gairmiúil scrípte scannán é a bhfuil a bhunáit aige sa Charraig Dhubh. Bhuaigh sé IFTA 2017 Dráma Scrípte is Fearr do Ag Déanamh Léirscriosta den Éirí Amach (Wrecking The Rising), dráma grinn stairiúil am-taisteal Teilifíse a cuireadh ar an aer ar TG4 agus a fuair dea-chritic fhorleathan. Is é a chruthaigh an dráma dlí 'Striking Out' do RTÉ a craoladh le gairid agus a fuair ardmholadh ó na léirmheastóirí. Cuimsíonn obair bheochana James 'Oddbods', an tsraith grinn Teilifíse do pháistí do One Animation/Boomerang TV, agus ina theannta sin 'Cuby Zoo'. Le linn a chónaitheachta bhí James ag obair ar scrípt scannáin, rinne sé podchraoladh a fhorbairt agus d'óstáil sé imeachtaí poiblí.

## Ceoltóirí Cónaithe

Tharla dhá chónaitheacht ceoil in 2017. Bronnadh na cónaitheachtaí ar Nick Roth agus Mongoose. Is saccsóinaí, cumadóir, léiritheoir agus oideachasóir é Nick Roth. Is é an stiúrthóir ealaíne é ar Ensemble Yurodny, Ball bunaithe den Tionscadal Uisce agus comhpháirtí ag Taifid Diatribe. Tá Mongoose imithe i gcion go mór ar shaol tíre malartach na hÉireann. Is malgamú stíleanna é a gcuid ceoil ó phopcheol agus ceol tíre go snagcheol agus ceol traidisiúnta. Is scríbhneoirí amhrán an ceathrar díobh ar fad, a cheadaíonn fuaimdhreach atá go síoraí ag éabhlóidiú. Thacaigh na cónaitheachtaí le hobair nua a fhorbairt agus le roinnt léirithe poiblí.

## Exit 15

Is clár comhpháirtíochta é Exit 15, le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Ealaíona Deonacha Éireann a oibríonn le daoine agus eagraíochtaí atá ag cónaí, ag obair agus ag cur fúthu i gceantar Bhaile Uí Ógáin agus a fuair cistiú suntasach ón gComhairle Ealaíon in 2017. Agus rannpháirtíocht go croí ann leanann an tionscadal seo ag leagan béime ar an gcaoi le cláir chultúrtha a dhearadh, atá ag freagairt do, agus a chuimsíonn ionchur ó dhaoine áitiúla ón tús. Leanfaidh an clár seo ar aghaidh go deireadh 2018.

## Mná Óga i Scannáin agus Teilifís

a tugadh do Scoil Náisiúnta Scannán ag tionscadal IADT Mná Óga i Scannáin agus Teilifís – tionscnamh phaireacht inscne a fhéachann le haghaidh a thabhairt ar shaincheist thearc-ionadaíocht na mban i bpríomhphoist chruthaitheacha sa tionscal scannán agus teilifíse.

Máistir-rang trí lá a bhí i Mná Óga i Scannáin agus Teilifís le haghaidh scoláirí meánscoile a fuair obair le mná éiritheacha i bpoist thábhachtacha chruthaitheacha sa tionscal scannán agus teilifíse. Bhain na rannpháirtithe taitneamh as trí lá inspioráideach, aicseanphlódaithe, praiticiúil, inar fhoghlaim siad faoi scríbhneoireacht scáileáin, ina rinne siad stiúradh agus scannánaíocht le haisteoirí gairmiúla ar láthair i stiúideo agus thum siad iad féin i dteicneolaíocht ceamaraí, eagarthóireachta agus fuaimne.

## Music Generation

In 2017, d'oibrigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun pleananna a fhorbairt maidir lenár gcuspóirí i leith deiseanna oideachas ceol



Codladh thar Oíche na mBéiríní ag Leabharlann Dheilginse.

oirfide ar fud an Chontae. Chun síolchistiú daonchaidiúil a fháil ó Music Generation, rinneadh clár oibre 3 bliana a fhorbairt; agus i ndiaidh babhta iomaíoch tairisceana fógraíodh cistiú de €600,000 don chlár i Meán Fómhair 2017. Le tacaíocht cistithe dá réir ag teacht ón gComhairle agus ó Chomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa cuideoidh an infheistíocht síolchistithe seo le haonad nua faoi cheannas na Comhairle a chruthú ar a dtabharfar Music Generation dlr.

Ó thráth a bhunaithe in 2018 déanfaidh Music Generation dlr réimse clár ceol oirfide inacmhainne agus inrochtana a fhorbairt do pháistí agus daoine óga ina gceantar féin. Cuimseoidh sé seo comhordú seirbhísí theagasc ceoil laistigh den Chontae, ag obair i gcomhpháirt le scoilanna, grúpaí ceoil phobail agus ionaid theagaisc in eagrú córacha, ensemble, cláir rochtana, tionscadail chumadóireachta agus scríofa amhrán agus tuilleadh, ar feadh réimse seánraí agus stíleanna ceoil. Beidh snáithe foghlama láidir idirghlúine ag baint leis an gclár a spreagfaidh breis idirghníomhaíocht an phobail le ceol.

## An tSeirbhís Leabharlainne

### Seirbhísí Leabharlainne

Bhí 69,729 ball cláraithe ag Leabharlanna dlr ag deireadh mí Nollag 2017. Thug breis is milliún duine cuairt ar na brainsí i rith na bliana agus d'ardaigh líon na gcuartheanna ar dlr Lexlcon go breis is leathmhilliún don chéad uair. Tá Seirbhís Leabharlainne dlr i measc na 5 leabharlann is fearr go náisiúnta i leith cuairteanna in aghaidh an duine den daonra (4.64 cuairt in aghaidh an duine den daonra in 2017).

In 2017 tharla an tríú céim agus an chéim dheiridh de chur i bhfeidhm an chórais náisiúnta bhainistithe leabharlanna. Ghlac Leabharlanna dlr páirt, chomh maith, sa chóras nua náisiúnta seachadta a chuir an LGMA i bhfeidhm i Márta teachers' area.

Bhí Leabharlann Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i measc na 3 leabharlann is fearr go náisiúnta i leith eisiúintí; eisiúidh breis is 1.3 milliún mír ar fud na seirbhíse leabharlainne agus ar líne, agus rinneadh rochtain ar an suíomh gréasáin 263,337 uair.

Tháinig fás suntasach ar úsáid na meán sóisialta, le méadú 27% ar ár leantóirí Facebook agus méadú 16% ar Twitter. In 2017 rinneadh na hardáin meán sóisialta a leathnú chun Instagram a chur san áireamh. Bhí 2,800 síntiúsóir don e-fheasachán coicise faoi dheireadh 2017.

Réitigh foireann meán sóisialta na Leabharlanna an chéad fiseán blaisín 'How have libraries changed?' agus chuir siad ar líne é. I measc na nuashonruithe ar shuíomh gréasáin Leabharlanna dlr in 2017 bhí tús a chur le láthair do mhúinteoirí.

### Comhpháirtíochtaí

Lean comhpháirtíochtaí agus naisc le príomheagraíochtaí/ institiúidí ag fás chun seirbhís leabharlainne poiblí ilchineálach agus spreagúil don uile duine a chinntiú. I



Seoladh Éire Ildánach – Comhairleoir Cormac Devlin, (An Cathaoirleach Meitheamh 2016 go Meitheamh 2017) le Michael O'Reilly agus Kevin Lonergan.



Damhsóirí as Georgia ag dlr Lexlcon 2017

measc na mbuaicphointí bhí comhdháil léamh Intinne ar Mheabhairshláinte agus an Focal Scríofa le hOllscoil Oxford agus UCD, an Tionscadal HEAL le leabharlanna Sláinte agus na 4 údarás Bhaile Átha Cliath, mórchuid comhoibríthe agus cúrsaí oideachais le UCD lena n-áirítear sraith nua Taighde Ar Leithligh sa bhfómhar. Leanadh ag taiscéaladh comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta trí thaispeántais agus imeachtaí le hambasáidí Georgia, Poblacht na Seice agus na hAstráile. Ba bhuaicphointe mór é i bhféilire na dtaispeántas ná taispeántas Glúine an Leictreachais ag Cartlann BSL agus Ollscoil Hertfordshire.

Chonacthas tús comhpháirtíochta nua i Meán Fómhair 2017 le Grúpa Spraoi, ag cur na Gaeilge chun cinn trí chlár míosúil imeachtaí do pháistí as Gaeilge.

Aithníodh breis comhpháirtithe for-rochtana in 2017 mar ionaid le haghaidh malartuithe leabhar m.sh. CrossCare agus NCBI. Faoi Nollaig tugadh bronntanais de shraitheanna leabhar d'Ospis Leanaí LauraLynn agus d'ionaid eile phobail agus fhóillíochta dlr sa Chontae. Seoladh tionscnamh Ambasadóirí Litearthachta i Scoileanna chomh maith. An aidhm a bhí leis ná le múinteoir i ngach scoil sa Chontae a aithint ar mhaithe le forbairt na léitheoireachta a bhrú chun cinn.



Taispeántas na Miotal

## An Clár Cultúir

Tharla Clár Cultúir beoga agus fadréimseach ar fud líonra na mbrainsí le 2,384 imeachta, a mheall roinnt 60,161 de lucht freastail (bhí 802 imeachta ag dlr Lexlcon le lucht freastail de 38,782 in 2017). Chomhlánaigh mórchuid na n-imeachtaí tionscnaimh náisiúnta mar Éire Ildánach, Éire Shláintiúil agus an feachtas Ceart le Léamh. Cuireadh imeachtaí aoisbháula ar an gclár go sonrach le linn Féile na Bealtaine le béim mhéadaithe curtha ar imeachtaí idirghlúine lena n-áirítear scoláirí Idirbhliana ag cuidiú le daoine níos sine chun a gcuid fón cliste a úsáid.

Reáchtáil dlr Lexlcon 3 lá an Teaghlaigh in Eanáir, Meitheamh agus Deireadh Fómhair – a mheall breis is 8,000 duine agus seoladh clár Réalta an tSamhraidh sna brainsí leabharlainne ar fad i Meitheamh.

Chuir iomlán 1,732 páiste a n-ainmneacha síos do Réalta an tSamhraidh dlr.

Chonacthas fócas ar leith i mbliana ar shláinte agus folláine i sraith ar fud na mbrainsí ar Thuismitheoireacht Dhearfach agus sraith ar Fheasacht Sláinte in dlr Lexlcon i Márta, a bhí forlonta ag ranganna Tai Chi agus lóga. Rinneadh ceiliúradh ar Bloomsday agus léiríodh Mná Yeats chun suntas a thabhairt do chomórada a lá breithe.

Tháinig lucht éisteachta ina sluaite ag imeachtaí ceoil ag Lexlcon in 2017, go háirithe ag an sraith le Tim Thurston, 'An Introduction to Jazz' (Eolas Tosaigh ar Shnagcheol) ó Louis Armstrong go La La Land agus a shraith chlasaiceach 'From Darkness to Light' (Ó Dhorchadas go Solas) i Samhain. Buaicphointí eile a bhí sna tráthnóna snagcheoil leis an gCeathairéad Ar/As (On/Off Quartet), mar chuid den sraith imeachtaí Aon Chathair Aon

Leabhar (One City One Book) agus Téatair Wilfredd le haghaidh Amhrán agus Séiseanna ó 1920 – 40aidí le linn cheiliúradh Chomóradaí Dhá Chéad Bliain an Chuain.

Bhain rath mór le comórtas do pháistí chun a leabharlann idéalach a dhearadh ag úsáid Lego, agus cruthaíodh go maith os cionn 80 iarracht mórthaibhseach, ag spreagadh dá bharr, suim athnuaithe i ngach a bhaineann le Lego, lena n-áirítear club nua Lego in 2018.

## Clár Taispeántas na Leabharlann

Bhí clár beoga taispeántas ann ar feadh 2017 le 18 taispeántas nua curtha i láthair ag dlr Lexlcon, le cuid mhaith díobh ag taisteal chuig na leabharlanna brainse. Chuimsigh na buaicphointí ar leith An Domhan i nDathanna (World of Colour): Beatrice Alemagna agus Chris Haughton, An Saol agus Teanga (Life and Language) in Georgia, Comóradaí Dhá Chéad Bliain Chuan Dhún Laoghaire, Roinn na Mara: Farraige, Spéir agus Spuaiceanna (Sea, Sky and Spires), Glúine an Leictreachais (Electric Generations) agus Íomhánna Réaltsholais (Images of Starlight).

Seoladh taispeántas na Leabhar tostach de 100 leabhar pictiúr gan focail le Laureate na nÓg PJ Lynch agus d'fhreastail breis is 700 duine ar an gclár. Chuimsigh imeachtaí ceardlanna Cruthú Náisiúin (Nation Creation) (le feiceáil ar RTÉ News2Day), ceardlanna údar agus maisitheoirí, Lá Teaghlaigh na Leabhar Tostach agus bhí brait ar crochadh ar taispeánt in dlr Lexlcon. Rinne ball d'fhoireann na leabharlaine léiriú ar an taispeántas Cuimhneachán ar Fhear as Bré sa Chogadh Mór (Remembered: A Bray Man in the Great War), a bhí bunaithe ar thaighde pearsanta faoina chlann féin le linn na tréimhse sin.

## Glórtha Leabharlaine agus Imeachtaí Liteartha dlr

Chuir an tSraith Ghlórtha Leabharlaine dlr clár dáiríre idirnáisiúnta ar siúl in 2017 le Daniel Levitin, Mohsin Hamid agus George Saunders, Julie Parsons, Ann Patchett agus Tim Winton.



Tionscadal Daoine ar an gCé 2017

Rannpháirteach i sraith an fhómhair bhí grúpa réaltach le 3 scríbhneoir clúiteach ó na S.A. ann - Nicole Krauss, Claire Messud agus Jennifer Egan. Chríochnaigh Bernard McLaverty, Ruth Fitzmaurice agus chefanna Yotam Ottolenghi le Jane Goh an tsraith.

Ag deireadh na Bealtaine rinne Grúpa Gníomhaíochta Taistealaithe an Deiscirt ceiliúradh ar a Thionscadal de Úrscéal Ghrafach le húdar/maisitheoir Alan Nolan agus ealaíontóir Natascha Fischell le seoladh a leabhar dar teideal 'Prince: the tail of Prince Charming'

Le linn Féile Leabhar na Leanaí i nDeireadh Fómhair réachtáladh imeachtaí údar/leabhar i leabharlanna uile dlr.

## Tionscadal Daoine ar an gCé

Chun comóradaí dhá chéad bliain Chuan Dhún Laoghaire a cheiliúradh chuir dlr Lexlcon tús le Tionscadal Daoine ar an gCé chun Bailiúchán Áitiúil Staidéar d'íomhánna na Cé a leathnú. Bhí sé le forlíonadh a dhéanamh ar an mórthaispeántas de Chuan Dhún Laoghaire a réitigh dlr i gcomhar le Cumann Staire Bhuirge Dhún Laoghaire. Ar 6ú Nollaig rinneadh íomhánna a theilgeann ar thaobhbhalla an Lexlcon agus rinneadh scannán den ócáid. Baineadh úsáid as chistiú ó chlár Éire Chruthaitheach don ócáid seo.

## Scríbhneoir Cónaithe

Ba í Sarah Webb, curadh buaiteach leabhar do leanaí agus scríbhneoir do leanaí agus daoine fásta araon, scríbhneoir cónaithe do 2016/17. Bhí a fócas ar feadh a tréimhse cónaithe leagtha ar leanaí agus ar dhaoine óga agus réitigh sí podchraoltaí míosúla chomh maith le blag rialta.

## Clár Saotharlann Lexlcon

Lean clár fhoghlama thrialacha le haghaidh daoine fásta agus leanaí ag forbairt go láidir le seisiúin ar chóid, ar phriontáil 3T, ar ríomhchlárú agus ar leictreonaic. Chomhoibrigh Leabharlanna dlr agus LEO dlr ar Ghrodchampa Fiontar ar STEM. Ghlac 25 scoláire Idirbhliana as 8 meánscoil sa Chontae páirt sa chlár. Aithníodh rath agus luach an champa STEM nuair a d'éirigh le Leabharlanna dlr cistiú a fháil ó Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann i dtreo campa 2018 a réachtáil, céim a chuideoidh le tuilleadh forbartha a dhéanamh.

Reachtáladh Dearatón Domhanda i Samhain don dara bhliain as a chéile le 32 páiste in Éirinn nasctha le 18 cathair ar fud an domhain, go háirithe i Montreal atá mar chomhpháirtí ag Lexlcon. Ghlac 500 páiste san iomlán páirt agus uisce a bhí mar théama na bliana seo. Rinne páistí fréamhshamlacha a dhearadh chun cabhrú le mórfhadhbanna a mheasann siad is criticiúla don tsochaí a réiteach.

Le linn Sheachtain na hEolaíochta ghlac na céadta páistí as scoileanna áitiúla páirt in imeachtaí ar éirigh thar cionn leo agus a raibh an-tóir orthu lena n-áirítear ceardlanna 'light learning' agus 'the science of bubbles'. Bhí fócas curtha ar litearthacht dhigiteach in 2017 le ranganna teicneolaíochta do dhaoine fásta, i gcomhpháirtíocht le Vodafone agus Createschool. Rinne Tionscadal Digiteach All Aboard UCD 2017 páirtíocht chun léiriú agus caint a thabhairt faoi acmhainní gréasáin i leith mapaí stairiúla.

# Airgeadas agus Forbairt Eacnamaíochta

## Airgeadas:

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as maoiniú gearr agus fadtéarmach oibríochtaí na Comhairle, idir loncaim agus Caipitil, agus as éascú agus bainistiú chur i bhfeidhm straitéis agus chultúr bainistithe riosca ar fud na heagraíochta.

I measc raon leathan seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil tá:

- Rialú Airgeadais, Sreabhadh Airgid agus Bainistiú Cisteáin
- Réiteach Dréachtbhuiséad Bliantúil agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla
- Riaradh chóras bainistithe airgeadais Agresso lena n-áirítear mórleabhar ginearálta, sócmhainní seasta, imréiteach bainc agus modúil chuntais inioctha & infhála.
- Riar Párola
- Seoladh Billí i leith Rátaí Tráchtála & á mBailiú
- Bailiú Riaráistí i leith Muirir Dramhaíola Comhshaoil.
- Tobhach B.I.D. Tobhach, Billí & Bailiú (thar ceann Cuideachtaí B.I.D.)
- Íoc Soláthraithe
- Riar Árachais agus Éileamh



Mic Léinn – Cormac Spain, Carl Cullen and Ross Byrne ó ROC Protection a bhuaigh Gradam Fiontraí ag Craobh Ceannais Náisiúnta

- Admhálacha ar Íocaíochtaí
- Riar & Bailiú Riaráistí i leith Muirir ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha
- Maoirseacht ar chur i bhfeidhm leanúnach straitéis/clár bainistithe riosca agus neadú chultúr bainistithe riosca ar fud na hEagraíochta.

Cinntíonn an Roinn leis go gcloítear le prionsabail reachtúla agus cuntasaiochta, a bhfuil feidhm acu i leith gach airgead a íocann an Chomhairle nó a íoctar leis an gComhairle.

## Buiséad na Comhairle

Réitíonn an Roinn Airgeadais & Eacnamaíochta Dréachtbhuiséad foriomlán i gcomhairle le gach roinn den Chomhairle. An Buiséad loncaim don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2017, mar a ghlac an Chomhairle leis, ná €171,664,500.

Is iad na hiarmhéid charnacha ar an gCuntas loncaim don tréimhse 5 bliana 2012-2016 ná a leanas:

Bliain	Iarmhéid Chuntas loncaim
2016	€9,764,273 Cr
2015	€9,721,176 Cr
2014	€9,699,927 Cr
2013	€9,648,543 Cr
2012	€9,601,934 Cr

## Rátaí

Tá rátaí inioctha ar áitribh thráchtála agus thionsclaíochta. Tar éis breithniú a dhéanamh faoin mBuiséad gach bliain cinneann na Comhaltaí Tofa ar an Ráta Bliantúil ar Luacháil (ARV) a ghearrfar mar thobhach sa bhliain dar gcionn. An ARV (Ráta Bliantúil ar Luacháil) do 2017 ná 0.1648, ardú 1.5% ar ARV 2016, agus bhí gá leis le cur ar chumas na Comhairle buiséad comhardaithe a bhaint amach. Rinneadh tionchar an ardaithe a fhritháireamh trí scéim nua deontas tacaíochta gnó a thabhairt isteach in 2017



Ciara Clancy ó Beats Medical Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn 2017

le 72% d'íocóirí rátaí incháilithe le leas a bhaint as an scéim ón uair a shásaigh siad critéir shonraithe. Bhraith íocóirí rátaí a bhí incháilithe don deontas fíor-laghdú ina gcuid billí rátaí do 2017 de 2.5% i gcomparáid le 2016. Sa tréimhse seacht mbliana 2010-2016 laghdaigh an Chomhairle a ARV i gceithre bliana díobh agus sna trí bliana eile d'fhan an ráta gan athrú. Bhí laghdú carnach 8.5% ar an ARV le linn na tréimhse sin agus an méadú measta a bhí ar Phraghas-innéacs Tomhaltóirí sa tréimhse sin ná 6.3%.

## Staitisticí Bailithe

Bliain	Iomlán Rátaí le Bailiú	Iomlán Rátaí Bailithe	% Bailithe
2017	€89,645,877	€76,727,160	86%
2016	€86,774,992	€73,785,003	85%
2015	€91,085,291*	€77,695,710	85%
2014	€99,017,824	€76,771,437	78%
2013	€100,565,492	€78,121,345	78%

\*Ó 2015 ar aghaidh cuimsíonn figiúr "Iomlán Rátaí le Bailiú" na riaráistí oscailte móide na rátaí a bhí dlite don bhliain lúide suimeanna iarbhrí a díscríobhadh agus coigeartaithe chomh maith maidir le hiarratais ar feitheamh i leith áitreabh folamh & cuntais á leachtú / i lámha glacadóra/scrúdaitheora sna cásanna ina mbeidh na coigeartaithe cuntasáiochta le déanamh an bhliain dar gcionn.

## Muirir Dhramháil Chomhshaoil

Cé gur tharraing an Chomhairle siar as soláthar sheirbhís dhíreach bailithe dramháila ó Lúnasa 2010 leanann sí i mbun riaráistí atá gan íoc a bhailiú agus in 2017 bailíodh €103,000. Mar chuid dá próisis bhailithe fiacha ní eisiónn an Chomhairle



teastais ach i gcás go dteastaíonn siad ó Dhlíodóirí sa phróiseas tíolachta maoiné nuair a bhíonn gach muirear atá ag dul don Chomhairle íoctha go hiomlán.

## Muirear Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)

Faoin Acht Rialtais Áitiúil (Muirir) 2009 tugadh isteach muirear €200 ar Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha. Bhí an muirear seo féinmheasta agus bhí de dhualgas ar úinéirí a n-áitribh a chlárú agus an muirear a íoc. Cuireadh deireadh leis an muirear le héifeacht ó 1/1/2014 de bhua Alt 73 den Acht um Athchóiriú Rialtas Áitiúil 2014 & Ordú forálacha an Achta um Athchóiriú Rialtas Áitiúil 2014 (Tosach feidhme Forálacha áirithe). Shocraigh Alt 74 den Acht an 31ú Lúnasa 2014 mar an dáta is déanaí do dhaoine/d'fhorais a d'fhéadadh dliteanas a bheith orthu i leith an mhuirir le dul i dteagmháil lena n-údarás áitiúil chun an muirear a íoc nó le dul i gcomhaontú i leith íocaíochta ar mhaithe leis an tionchar a bheadh ag táillí ar íocaíochtaí déanacha a íoslaghdú. Bailíodh €0.92m in 2017 i leith an mhuirir, lena n-áirítear táillí ar íocaíochtaí déanacha.

## Cáin Mhaoine Áitiúil

Is cáin fhéinmheasta bhliantúil í Cáin Mhaoine Áitiúil (LPT) a ghearrtar de réir luach mhargadh áitreabh cónaithe le héifeacht ó 1ú Iúil 2013 agus is iad na Coimisinéirí Ioncaim atá á riaradh.

Bhí íocaíocht leathbhliana dlite in 2013 agus bhí íocaíocht don bhliain iomlán dlite ó 2014 amach.

Faoi Alt 20 den Acht Airgeadais 2012 (Cáin Mhaoine Áitiúil) arna leasú ag Alt 5 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Leasú) 2013, féadann Údarás Áitiúil, mar fheidhm fhorchoimeáda, cinneadh a dhéanamh bunráta Cháin Mhaoine Áitiúil a athrú laistigh dá limistéar riaracháin féin go dtí uasmhéid móide nó lúide 15% den bhunráta.

Ag cruinniú Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a reáchtáladh ar 11ú Meán Fómhair 2017 d'aontaigh na Comhaltaí bunráta cháin mhaoine áitiúil a athrú laistigh den Chontae de lúide 15%.

Mar a dhéantar foráil ina leith in Alt 8 de Rialacháin um Cháin Mhaoine Áitiúil 2014 (Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil) seasann an ráta athraithe den Cháin Mhaoine Áitiúil ar feadh tréimhse bliana amháin ón gcéad dáta eile dliteanais do cháin mhaoine áitiúil i.e. ó 1/11/2017 go 31/10/2018 agus tar éis an dáta sin téann an LPT ar ais ag an ráta tosaigh (bunráta) mar a shainítear in Acht 2012 mura mbíonn cinneadh eile déanta ag an gComhairle, mar fheidhm fhorchoimeáda, sa bhliain dar gcionn an t-athrú a choinneáil nó athrú eile a shocrú, agus bheadh éifeacht ag an athrú nua sin ón gcéad dáta dliteanais eile i.e. ó 1/11/2018 go 31/10/2019.

Tá rátaí comhlíontachta sa Chontae mar a bhaineann le Cáin Mhaoine Áitiúil i measc na rátaí is airde sa Stát.

## Scéimeanna Feabhsaithe Cheantar Gnó

Ag cruinniú den Chomhairle a reáchtáladh ar 10ú Márta 2014 ceadaíodh Scéim Feabhsaithe Cheantar Gnó (BID) a chur i bhfeidhm laistigh de limistéar Bhaile Dhún Laoghaire a bheidh ag feidhmiú ar feadh tréimhse cúig bliana ó 1ú Aibreán 2014.

Ag cruinniú den Chomhairle a reáchtáladh ar 14ú Samhain 2016 cheadaigh na Comhaltaí Scéim BID eile a chur i bhfeidhm laistigh den Chontae a bhaineann le Limistéar Cheantar Gnó Áth an Ghainimh agus oibreoidh an scéim sin ar feadh tréimhse cúig bliana ó 1ú Eanáir 2017.



Beidh an dá scéim á maoiniú go príomha as ranniocaíochtaí tobhaigh BID atá le híoc ag gnólachtaí laistigh de limistéar na Scéime BID.

De réir fhorálacha an Achta Rialtais Áitiúil (Ceantair Fheabhsúchán Gnó) 2006 ríomhann agus bailíonn an Chomhairle an tobhach BID atá iniúchta ag lucht gnó laistigh de cheantair na Scéime BID agus cuirtear an íocaíocht sin ar aghaidh chuig cuideachtaí BID de réir fhorálacha na reachtaíochta mar theacht isteach ag na Cuideachtaí BID.

## Bainistiú Airgeadais

Tá tuairiscíú faoi bhainistiú airgeadais na Comhairle láidir agus críochnúil. A bhfuil le dianchóras míosúil monatóireachta airgeadais cinntítear go dtugtar faoi deara aon difear suntasach sa bhuiséad ag luathchéim agus go gníomhaítear go hiomchuí chun aon tionchar suntasach díobhálach féideartha a íoslaghdú. San áireamh i measc na srianta sin tá athbhreithnithe rialta airgeadais, tuairiscí airgeadais míosúla agus ráithiúla a thugann léargas ar fheidhmíocht airgeadais mar a bhaineann le buiséid ó thaobh caiteachas agus ioncam de agus measúnú anailíseach ar athraitheas.

## Tuarascálacha Airgeadais Ráithiúla chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Comhshaoil & Rialtais Áitiúil

Cuireann gach údarás áitiúil sonraí ráithiúla ar fáil don Roinn laistigh de 60 lá ó dheireadh na ráithe. Is iad seo na tuarascálacha is gá a sholáthar:

Tuarascáil Ioncaim a thugann sonraí faoi chaiteachas agus ioncam sa chuntas ioncaim don bhliain go deireadh gach ráithe curtha in aghaidh bhuiséad na bliana.

Tuarascáil Chaipitil a thugann sonraí iarmhéid thosaigh, caiteachas agus ioncam agus iarmhéid dheiridh an chuntais chaipitil, don bhliain go deireadh gach ráithe.

Tuarascáil na bhFéichiúnaithe a thugann sonraí faoi ghluaiseachtaí i ngach catagóir féichiúnaí don bhliain go deireadh gach ráithe.

Tuarascáil ar Iasachtaí a thugann réamh-mheastachán mionsonrach faoin ús agus na haisiocaíochtaí príomhshuime ar gach iasacht reatha agus faofa.

Tuarascáil Párolla/Aoisliúntais a thugann sonraí faoi íocaíochtaí a bhaineann le párolla agus pinsean don tréimhse sonraithe.

Cuireadh na tuarascálacha seo ar fad faoi bhráid na Roinne laistigh de na hamscálaí sonraithe sna 4 ráithe in 2017.

## Íocaíocht Cuntas

Déantar íocaíocht le soláthraithe faoi réir cáipéisíocht chánach bhailí a chur ar fáil.

Déantar mórchuid na n-íocaíochtaí trí Ríomhaistriú Leictreonach (EFT), ina ndéantar íocaíochtaí go díreach isteach i gcuntais bhainc na soláthraithe, agus déantar corr-íocaíocht le seic nuair nach bhfuil Ríomhaistriú Leictreonach indéanta. Íoctar baill foirne agus Comhairleoirí trí EFT chomh maith.



Ceiliúránn LEO dlr NWED (Lá Náisiúnta Fiontar na mBan). Helena Cunningham, dlrc, Philomena Poole, Príomhfheidhmeannach, An Cathaoirleach, Comhairleoir Tom Murphy, Rebeka Kahn, Kahn Art Wear agus Aire Stáit Mary Mitchell O'Connor T.D.

Is é Cisteoir na Comhairle ná: Banc na hÉireann, 101 Sráid Sheirse Uachtarach, Dún Laoghaire, Contae Baile Átha Cliath.

## Bainistiú Riosca

Is cur chuige pleanáilte córasach é Bainistiú Riosca chun rioscaí a shainiú agus a mheas, chun freagairt dóibh agus chun dearbhuithe a thabhairt go bhfuil na freagraí sin éifeachtúil. Tá bainistiú riosca éifeachtúil agus meicníochtaí inmheánacha rialaithe tábhachtach d'eagraíochtaí ar mhaithe leis na torthaí gnó inmhiannaithe a bhaint amach.

Tá Clár Rioscaí ina gcuid bunúsach, riachtanach de chóras éifeachtúil bainistithe riosca agus tugann siad an mheicníocht chun cur chuige láidir i leith bainistithe riosca a bhunú agus a chothabháil ar fud na heagraíochta.

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Chlár Corparáideach Riosca na Comhairle in 2017 mar aon le clár rioscaí roinn-bhunaithe na Comhairle. Os rud é gur doiciméid iad clár rioscaí atá ag éabhlóidiú tá athbhreithniú seasta á dhéanamh orthu lena chinntiú go dtugann siad léargas ar na rioscaí a bhfuil an Chomhairle neamhchosanta ina n-aghaidh.

Mar chuid de straitéis na Comhairle le leorgacht, éifeacht agus éifeachtúlacht a cuid próiseas bainistithe riosca a chinntiú cuirtear na clár faoi bhráid Choiste Iníúchta na Comhairle ar mhaithe lena gcuid tuairimí agus moltaí a fháil agus bíonn srianta agus córais bhainistithe rioscaí laistigh den eagraíocht mar chuid d'ábhar breithnithe an Choiste ag na cruinnithe.

## Árachais

Is iad na príomhréimsí gníomhaíochta ná Dliteanas Poiblí, Dliteanas Fostóra, Tine (Stoc Tithíochta) Tine (Áitribh Ghinearálta) agus Árachas Carr. Cuirtear clúdach iomlán ar fáil.

## Ráiteas Bliantúil Airgeadais

Réitíodh an Ráiteas Bliantúil Airgeadais 2016, a chríochnaíodh in 2017, ar bhonn fabhráithe cuntasaíochta agus cuimsíonn sé Clár Comhordaithe iomlán a léiríonn sócmhainní faoi úinéireacht na Comhairle agus dliteanas dlite ag an gComhairle agus críochnaíodh é laistigh den tréimhse ama reachtúil. Déanann Iníúchóir an Rialtais Áitiúil, a thuiriscíonn don Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, iniúchadh ar na cuntais.

## Oifig Fiontar Áitiúil agus Forbairt Eacnamaíochta

Tá Oifig Fiontar Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin [LEO dlr] ina "lonad Uileghnó" do dhaoine a bheadh ar thóir comhairle, eolais agus tacaíochta agus iad i mbun gnó a thosú nó a fhás. Cuimsíonn freagrachtaí LEO Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin fiontar agus forbairt eacnamaíochta sa Chontae.

Ghlac LEO dlr páirt i roinnt tionscnamh náisiúnta lena n-áirítear: Gradaim Fhiontraí Óg Is Fearr na hÉireann, Ciste Nuálaíochta agus Infheistíochta LEO, Gradaim Náisiúnta Fiontar, Gradam Fiontar na Mac Léinn, Showcase, An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus Lá Náisiúnta Fiontar na mBan. Thacaigh an Chomhairle leis le gníomhaíochtaí Straitéis Réigiúnach Fiontar Bhaile Átha Cliath 2016-2018 leis na 4 Údarás Áitiúil ar fad ag obair le chéile chun réimse gníomhaíochtaí i leith



Seachtain Fiontar 2017 Lón agus Foghlaim

Sheachadadh Fiontar a chur ar siúl. Tá LEO dlr páirteach go gníomhach i seachadadh an Phlean Gníomhaíochta um Poist – Réigiún Bhaile Átha Cliath.

Bhain cliant LEO dlr barr feabhais amach ina rannpháirtíocht i gcomórtais náisiúnta in 2017, le Cosaint ROC, gnó atá rite ag scoláirí i gColáiste Chluain Caoin, ag buachan Gradam foriomlán Náisiúnta Fiontar Mac Léinn agus Ciara Clancy as Beats Medical a bhuaigh an craobh náisiúnta mar Fhiontraí Óg is Fearr na hÉireann i gcatagóir na nGnáthaí Bunaithe.

In 2017 ghlac LEO dlr páirt leis i roinnt Tionscnamh Fiontar Réigiúnach Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear Slabhra Bia Bhaile Átha Cliath, PLATO Bhaile Átha Cliath, cláir fhorbartha bainistíochta Accelerate agus Hi Start agus cláir bhia An tAcadamh Bia agus Kick Start. Mar chuid de Thacaíochtaí Gnó LEO in 2017 lean an tóir ar Chlinicí Comhairle Gnó agus Cruinnithe Meantóireachta Duine le Duine ag dul i méid. D'éascaigh LEO leis le roinnt Líonraí Gnó, Seisiún Faisnéise Gnó agus Cláir Oiliúna Scileanna Gnó míosúla, lena n-áirítear cúrsaí 'Tosaigh do Ghnó Féin' agus cúrsaí 'Margaíocht Ar Líne agus Meán Sóisialta'. Rinne LEO rochtain chuig roinnt tacaíochtaí airgeadais a fhaomhadh chun cuidiú le micreaghnátha sa Chontae le €696,121.50 san iomlán faofa in 2017.

Buaicphointí LEO dlr in 2017

- D'fhaomh cúnamh airgeadais (deontais staidéir fhéidearthachta, cistiú phrímeáil agus leathnú gnó) de €696,121.50 san iomlán do ghnóthaí incháilithe le 65 post nua cruthaithe go díreach dá bharr. Chonacthas breis ghlan de 167 post ar fud punann cliant LEO in 2017.
- Aistríodh 11 cliantchuideachta go Fiontar Éireann mar chuid de Chonair Dhul Chun Cinn idirghníomhaireachta, le 35.5 post ceangailte leis an aistriú seo.
- Faomhadh 78 Dearbhán Trádála Ar Líne agus íocadh amach iomlán €137,530 in éilimh Dhearbhán Trádála Ar Líne.
- Fuarthas 32 iarratas do Chiste Infheistíocht Nuálaíochta LEO agus ceadaíodh infheistíocht do 5 as 7 cliant a bhí ar ghearrliosta tríd an tionscnamh nua seo agus faomhadh €125,000 san iomlán.
- Trí chomhaontú prótacail LEO le Micro Finance Ireland (Micreamhaoiniú Éireann), cuireadh 11 iarratas chuig Micro Finance Ireland le haghaidh faofa.
- Bhí 108 duine rannpháirteach sa chlár Mheantóireacht Gnó, le 256 cuairt monatóireachta san iomlán.
- Sheachaid iomlán 5 chúrsa tráthnóna 8 seachtain 'Tosaigh do Ghnó Féin' do 69 rannpháirtí agus iomlán 3 chúrsa Margaíochta agus Meán Sóisialta do 45 rannpháirtí.
- Chuir tacaíochtaí oideachais fiontar ar fáil do 25 meánscoil áitiúil, le 1447 scoláire rannpháirteach. Comhoibrigh le IADT agus UCD chun tiomantas LEO dlr don tríú leibhéal a léiriú.
- D'óstáil Seachtain Fiontar rathúil, inar reáchtáladh breis is 20 imeacht ar fhreastail 747 duine orthu, ag cur ar chumas dlr aibhsiú a dhéanamh ar na tacaíochtaí agus na deiseanna chun gnó a thosú agus a fhás ar fud an Chontae.
- D'óstáil mór-imeacht réigiúnach i leith Lá Náisiúnta Fiontar na mBan i bPailliún Bhaile na Lobhar i Meán Fómhair agus bhí breis is 200 i láthair.
- Fuarthas 72 iarratas i leith Chomórtais Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann 2017 agus bhí cliantchuideachtaí AKRock, Fillit, agus Beats Medical roghnaithe le hionadaíocht a dhéanamh ar an gContae ag leibhéal an Réigiúin, sna chatagóirí Smaoineamh Is Fearr, Tús Nua agus Bunaithe faoi seach. Chuaigh Ciara

Clancy as Beats Medical ar aghaidh chun an Comórtais IBYE Náisiúnta sa chatagóir gnó bunaithe is fearr a bhuanach.

- Leanadh le tacaíocht do Dún Laoghaire Digiteach, iarracht chomhoibríoch á treorú ag Ceantar Feabhsúcháin Ghnó Dhún Laoghaire [BID dlr] agus ag obair le LEO dlr, IADT, Comhlachas Tráchtála DLR agus dreamanna gnó áitiúla eile, atá dírithe ar



Dhún Laoghaire a fhorbairt mar phríomhláthair le haghaidh Tosuithe agus Méaduithe Digiteacha.

- Cuireadh roinnt tionscnamh earnála ar siúl chun cuidiú le gnóthaí miondiola ar fud an Chontae in 2017.
- San áireamh iontu sin bhí maoiniú le haghaidh athchóirithe aghaidh siopa mar chuid de scéim Feabhsúcháin Aghaidheanna Siopa; cúnamh deontais in aghaidh rátaí íochta ar áitribh incháilithe faoin scéim Áitreabh Tráchtála Folamh.
- D'óstáil 29 gnó beag ceirde agus taispeántais i Tobshiopa DLR i Sráid Sheoirse Uachtarach i nDún Laoghaire.
- Bhain 11 Comhlachas Gnó ar fud an Chontae leas as deontais Chur Chun Cinn Ghnó de €110,000 san iomlán (faoi Scéim na nDeontas Uilíoch) chun gníomhaíocht ghnó a mhéadú agus chun cur le líon na gcustaiméirí ina láithreacha áirithe féin.
- Don séú bhliain chomhoibrigh LEO dlr le IADT chun clár Springboard+ a sheachadadh (mar chuid de Chiste Ghníomhachtú Mhargadh an tSaothair. Chuir LEO dlr gné foghlama bunaithe ar obair phraicticiúil den chúrsa ar fáil: meantóireacht, líonrú agus ceardlanna aonair.

# Bonneagar Pleanála Chun Cinn

Is Stiúrthóireacht nua-bhunaithe é Bonneagar Pleanála Chun Cinn atá freagrach as forbairt Zón Fhorbairt Straitéiseach Choill na Silíní (SDZ) agus tionscadail fhaofa faoin gCiste Gníomhachtaithe Bhonneagar Áitiúil Tithíochta (LIHAF). Tá sé freagrach leis, as Mórshuímh Uirbeacha Forbartha Tithíochta atá bainteach leis na ceantair tionscadail seo a thiomáint.

## Zón Fhorbairt Straitéiseach Choill na Silíní (SDZ)

Leanadh le hobair Fhoireann thiomnaithe Ghníomhaireacht Forbartha Thionscadal Choill na Silíní SDZ (DAPT) ar feadh 2017, chun na disciplíní pleanáil, bóithre, innealtóireacht shibhialta agus tírdhrechtú a chlúdach ar mhaithe le forbairt Zón Fhorbairt Straitéiseach Choill na Silíní a chur chun cinn.

Lean móroibreacha bóthair ar aghaidh le linn 2017 lena n-áirítear athchumrú ar an timpeallán mór ar Bhóthar Ceangail Wyattville go hachomhal le soilse tráchta, a d'oscail don trácht go déanach in 2017. Lean oibreacha ar sholáthar bhonneagar glas Pháirc an Tullaigh, páirc atá sainiúil, suaitheanta, Pháirc Ticknick, lena páirceanna glasa spóirt agus Pháirc Beckett, mórpháirc áitiúil. Táthar ag súil go mbeidh na hoibreacha sna ceantair seo críochnaithe go luath in 2018.

Tháinig an Plean Chreat Forbartha Foirme Uirbí Lár an Bhaile (UFD) i bhfeidhm mar a bhí agus ó 20ú Meán Fómhair 2017 i

ndiaidh comhairliúcháin leis na húinéirí talún ábhartha agus de réir Alt 6.2 de Scéim Pleanála SDZ Choill na Silíní (mar a leasaíodh 2017). Is réamhriachtanas é réiteach an UFD roimh fhaomhadh aon iarratas pleanála do Lár an Bhaile agus beidh aon fhorbairt a cheadófar i Lár an Bhaile de réir an UFD seo.

Foilsíodh Treoirhoiciméad Fóntas Spásanna Oscailte i nDeireadh Fómhair 2017 agus tugann an doiciméad seo treoir i leith dhearadh agus bhainistiú spásanna oscailte comhchoiteanna ar ardchaighdeán laistigh de cheantar SDZ Choill na Silíní.

In Eanáir 2017 chuir DAPT iarratas faoi bhráid An Bhoird Phleanála i leith 5 leasú ar an Scéim Pleanála chun cur i bhfeidhm na gcaighdeán nua deartha d'Árasáin a iniomhparáil. <http://www.housing.gov.ie/sustainableurban-housing-design-standards-new-apartments-guidelinesplanning-authorities>.



Radharc ón Aer ar SDZ Choill na Silíní – Meán Fómhair 2017

D'eisigh An Bord Pleanála a chinneadh ar 14ú Meitheamh ag ceadú Leasuithe 1 – 4 a bhain go díreach le treoirlínte árasán mar a bhain le déileáil le/soiléiriú faoi, fhorbairt árasán laistigh den SDZ chun comhsheasmhacht le polasaí an Rialtais a chinntiú.

Tá obair faoi shiúl ag DAPT Choill na Silíní maidir le Leasú eile Céimnithe, agus an cuspóir atá leis ná le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCéimniú agus Seicheamhú reatha mar a shonraítear i gCaibidil 7 de Scéim Pleanála Choill na Silíní ar mhaithe le forbairt tithíochta ar an suíomh a bhrosteáil.

Glacadh le Scéim Chion Tairbhe Fhorbairt Scéim Pleanála Choill na Silíní 2017 – 2020 ar 12ú Meitheamh 2017 agus beidh gach cinneadh cead pleanála a thabhairt atá bainteach le ceantar SDZ Choill na Silíní ar nó i ndiaidh 13ú Meitheamh 2017, faoi réir Coinníollacha na Scéime.

Leanann DAPT ag obair go dlúth leis na páirtithe leasmhara ar fad, lena n-áirítear úinéirí talún, gealltóirí agus gníomhaireachtaí reachtúla, comhaltaí tofa agus Ranna Rialtais chun forbairt SDZ Choill na Silíní a chur chun cinn.

## **Ciste Gníomhachtaithe Bhonneagar Tithíochta Áitiúla (LIHAF)**

Is gné tábhachtach de Cholún 3 de Atógáil Éireann: An Plean Gníomhaíochta um Tithíocht agus Easpa Dídeana, -<http://rebuildingireland.ie/lihaf/> - é an Ciste Gníomhachtaithe Bhonneagar Tithíochta Áitiúla (LIHAF). An cuspóir atá leis an gciste ná le bonneagar poiblí seachtrach a chur ar fáil chun baic chriticiúla bonneagair, atá aitheanta mar cheann de na príomhchionstaic roimh fhorbairt mhórshuíomh tithíochta, a scaoileadh, agus sa chaoi sin mearsheachadhadh aonaid chónaithe ar na suíomh sin i mBaile Átha Cliath agus i gceantair uirbeacha eile ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht, a chumasú. Fógraíodh an glao tosaigh le haghaidh moltaí ó údarais áitiúla i Lúnasa 2016 agus chuir dlr isteach aighneachtaí i leith 5 thionscadal i nDeireadh Fómhair 2016.

D'fhógair an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil (DHP&LG) ar 28ú Márta 2017 gur éirigh le dlr ina iarratas LIHAF i leith 4 thionscadal agus go mbeadh 75% den chistiú deontais curtha ar fáil agus go mbeadh dlr ag cur comhchistithe de 25% dá chistiú féin ar fáil. Chuir dlr Comhaontuithe Deontais i leith na 3 thionscadal leantacha faoi bhráid DHP&LG go déanach in 2017 agus tá faomhadh i bprionsabal faighte dóibh.

- Coill na Silíní (uasghráduithe bóthar/droichead) - €15.19m
- Fearann Cré (bóthar) – €4.7m
- Sruthán na Coille/Seangánach (bóthar/acomhal) €4.16m.

Is cosúil go mbeidh an 4ú tionscadal do Chill Tiarnáin/Gleann na Muc mar chuid d'iarratas LIHAF 2 sa todhchaí. Leanfaidh dlr ag obair leis an Roinn agus le hÚinéirí Talún chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh bhonneagair atá ag teastáil chun talamh a chur ar fáil le haghaidh forbartha, tithíochta ach go háirithe.

## **Suímh Mhórsheachadta Tithíochta Uirbí (MUHDS)**

Is príomhthosaíocht don Rialtas é mar chuid d'Atógáil Éireann mearsheachadhadh tithíochta sna hearnálacha príobháideacha, sóisialta agus ar cíos. Mar chuid den obair seo, aithníodh 23 príomhshuíomh straitéiseach náisiúnta tithíochta mar Shuímh Mhórsheachadta Tithíochta Uirbí (MUHDS) a bhfuil d'acmhainn acu scála suntasach tithíocht nua a sheachadhadh go mear, i gcomhar le húdarais áitiúla agus páirtithe leasmhara eile. Tá sé i gceist go ndéanfar na suíomh seo a oscailt suas trí chistiú LIHAF,

malairt chistithe agus meicníochtaí comhoibrithe. <http://www.rebuildingireland.ie/Rebuildingireland-Pillar3PressRelease.pdf>

Aithníodh na 3 suíomh seo leanas in dlr mar MUHDS le haghaidh sheachadhadh tithíochta ar mhórsála:-

- Coill na Silíní
- Cill Tiarnáin / Gleann na Muc
- Sruthán na Coille / Seangánach

Cuirfidh an Roinn Bhonneagar Pleanála chun Tosaigh bainistíocht agus maoirseacht ar fáil chun cur i bhfeidhm na suíomh seo a thiomáint chun cinn do dlr.

# Tithíocht

Tá an Chomhairle ag leanúint den obair chun tithíocht shóisialta a sheachadadh mar a shainítear sa Pholasaí Náisiúnta. Bliain an-dearfach a bhí in 2017 maidir le seachadadh tithíochta sóisialta le 545 teaghais curtha ar fáil sa tréimhse dhá mhí déag. Is méadú de 255 teaghais é sin ar an líon a cuireadh ar fáil in 2016 agus is ionann é agus ardú 500% ar sheachadadh 2015. Cuireadh na teaghaisí seo ar fáil faoi réimse leathan meicníochtaí lena n-áirítear, Tógáil, Éadálacha agus léasú Chuid V, Éadálacha, Léasú Fadtéarmach, Scéim Cóiríochta Ar Cíos (RAS), Íocaíocht Chúnamh Tithíochta (HAP), Scéimeanna Deisithe le Ligean agus Scéimeanna Ceannaigh agus Athnuachana. D'oibrigh an Chomhairle, chomh maith, i gcomhpháirt le Forais Thithíochta Faofa mar a bhain le seachadadh agus bainistiú tithíochta sóisialta.

Chonacthas faoi dheireadh 2017 go raibh a sprioc sáraithe ag an gComhairle seo don tréimhse 2015-2017 de 37%, ag cur 933 teaghais ar fáil le linn an ama sin tar éis sprioc de 681 teaghais a shocrú faoin gcéad chéim de Straitéis Tithíochta an Rialtais.

Tá an Roinn Tithíochta freagrach, chomh maith, as; leithdháileadh, cothabháil, athchóiriú agus díol teaghaisí; Clár Cóiríochta do Thaistealaithe; measúnú agus bailiú cíosa; próiseáil iasachtaí cheannach tí agus deontas oiriúnaithe agus soláthar thacaíocht tithíochta do theaghlaigh gan dídean.



Mol Teaghlaigh i mBaile na Manach

## Scéimeanna Tógála Tithíochta

Críochnaíodh 38 aonad san iomlán in 2017

- 2 aonad ag Teachíní an Mháistir Chuain Chúnta, Dún Laoghaire
- 4 aonad ag Ardán Mhichíl, Dún Laoghaire
- 4 aonad ag An Eachlann, Páirc an Naigín
- 28 aonad ag Sruthán na gColl, Baile an Teampaill

## Scéimeanna Tógála ar Shuímh

Tosaíodh an obair ar shuímh do 158 aonad ar fad



An Cathaoirleach, Comhairleoir Tom Murphy, Comhairleoirí agus Foireann ag Oscailt Mhol an Teaghlaigh i mBaile na Manach



JP Sisk, Catherine Keenan agus Bob Hannan ag síniú conartha d'Fhorbairt Tithíochta Phlás Sheirse i nDún Laoghaire, Iúil 2017



Ardán Mhíchíl, Dún Laoghaire

- 14 aonad ag Teach Bhaile an Róistigh (Céim 3), An Naigín, Contae Bhaile Átha Cliath
- 50 aonad ag Páirc Mhic Gearailt, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath
- 4 aonad ag Bóthar na Potaireachta, Dún Laoghaire
- 44 aonad ag Cúirt Chnocán na Rós, Dún Droma
- 10 aonad ag Páirc Uí Chlusaigh, An Naigín
- 3 aonad ag Bóthar an Teampaill, An Charraig Dhubh
- 12 aonad ag Plás Sheirse, Dún Laoghaire
- 21 aonad ag Ard an Átha Leathain, Baile an tSaoir

## Ceadú Chuid 8

Fuair 4 aonad ag Teach na Páirce, Dún Laoghaire Cead Pleanála Cuid 8 in 2017

## Athchóirithe

45 athrú sheomra folctha, 1 méadú, 20 ardaitheoir staighre, 10 rampa agus 25 mionathrú eile críochnaithe ar theaghaisí ar cíos ón gComhairle, do thionóntaí faoi mhíchumas.

## Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithíochta (Úinéirí Príobháideacha Tí)

Cheadaigh an Chomhairle 167 deontas san iomlán i leith oibreacha ar theaghaisí príobháideacha le linn 2017 ar costas iomlán de €1,134,580.

## Cothabháil ar Stoc Tithíochta an Údarás Áitiúil

Fuarthas 5,632 iarraidh ar chothabháil san iomlán in 2017. Tá caighdeán stoc tithíochta na comhairle ag leanúint air ag feabhsú agus tá roinnt aonad nua ar ardchaighdeán curtha leis an stoc a bhí ann cheana.

## Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Oibríonn Feidhmeannas Réigiún Bhaile Átha Cliath um Dhaoine gan Dídean mar chomhsheirbhís ar son ceithre údarás áitiúil Bhaile Átha Cliath, le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar údarás ceannais.

Cuireadh 29 socrúchán géarchéime do dhaoine gan dídean ar fáil do theaghlaigh in 2017. Rinneadh fuascailt ar chúinsí gan dídean 189 teaghlach trí leithdháileadh cineálacha éagsúla thacaíocht tithíochta sóisialta lena n-áirítear HAP, Forais Thithíochta Faofa agus stoc tithíochta na Comhairle féin.

Lean an Chomhairle ag obair le Foireann Iontógála Lucht Codlata Amuigh atá á oibriú ag Fócas Éireann agus Iontaobhas Peter McVerry; le Pobal Simon a oibríonn an tSeirbhís Tacaíochta le Maireachtáil go Neamhspleách (SLI), le HAIL, seirbhís tacaíochta cuairteanna agus an tSeirbhís Mharthanacht Tionóntachtaí.

## Iompar Frithshóisialta in Eastáit na Comhairle

In 2017, tharla 90 cás agus fiosrúchán faoi iompar frithshóisialta i stoc Tithíochta na Comhairle. Rinneadh caingean dlí a thionscain nuair ba iomchuí. Fuarthas Ordú Sealbhaithe amháin agus Ordú Díbeartha amháin agus eisíodh 6 foláireamh Tionóntachta.

## Leithdháiltí agus Liostaí Aistrithe

Ar 31 Nollaig bhí measúnú déanta ar 4,749 iarratasóir mar dhaoine a raibh tacaíocht tithíochta sóisialta de dhíth orthu.

Rinneadh teaghaisí a leithdháileadh ar 294 iarratasóir tithíochta in 2017. Chuimsigh sé sin 192 leithdháileadh go teaghaisí le Forais Thithíochta Faofa agus 102 leithdháileadh go stoc na Comhairle. Le linn 2017 leithdháileadh aistrithe go 80 tionónta agus rinneadh 25 aistriú RAS go RAS a éascú.



An Eachlann, Stigh Lorgan

Seoladh Córas Ar Líne Léasaithe Bunaithe ar Rogha i Marta 2017 agus rinneadh é a oibriú ar bhonn piolótach ar feadh an chuid eile de 2017.

Lean foireann Leas Tithíochta na Comhairle ag tairiscint seirbhísí tacaíochta do thionóntaí leochaileacha agus d'iarratasóirí tithíochta sóisialta.

## Athlígean Tithíochta

Le linn 2017, an meán-am a tógadh le teaghaisí a athlígean ná 13 seachtain, tréimhse a bhí thar a bheith éifeachtacht i dtéarmaí náisiúnta mar a leagtar síos ag Coimisiún Mhaoirseacht Iniúchta Náisiúnta ina athbhreithniú ar Bhainistíocht agus Cothabháil Tithíochta Údarás Áitiúil. (Tuarascáil Uimh. 12).

## Cíos Tithíochta

Mar a bhí ar 31ú Nollaig, 2017 bhí iomlán 4,500 stoc tithíochta sóisialta ag an gComhairle le teacht isteach cíosa ó na teaghaisí sin de €14.2 milliún.

## Scéim Iasacht Cheannach Tí

In 2017, ceadaíodh 2 iasacht Cheannach Tí agus ceadaíodh 2 iasacht Cheannach Tí chun iasachtaí Scéim Chomh-Úinéireachta reatha a thiontú ina niasachtaí Cheannach Tí.

## Ceannach Incriminteach Tionónta

Le linn 2017 críochnaíodh 4 díolachán faoi Scéim Cheannach Incriminteach Tionónta.

## Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais

Tháinig Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais, ar a bhfuil páirtithe leasmhara ilghníomhaireachta, le chéile gach ráithe in 2017.

## Cóiríocht do Thaistealaithe

Críochnaíodh tógáil láithreán stad buan nua 4 bhá ag Bóthar Ghleann na Muc in 2017. Rinneadh díchoimisiúnú ar an láithreán sealadach ag Baile Uí Ógáin agus cuireadh ar ais é le húsáid mar charrchlós mar a bhí roimhe sin.

Rinneadh 3 aonad san iomlán a athchóiriú agus a athlígean le linn 2017, 1 ag Páirc N. Louise, 1 ag Páirc Bhaile an Bhóthair, agus 1 ag Cúirt Ghleann an Draoi. Cuireadh clár beartaithe obair cothabhála ar thithíocht dírithe go sonrath ar Thaistealaithe i gcrích.

Tháinig Coiste Áitiúil Comhairliúcháin um Chóiríocht do Thaistealaithe (LTACC) le chéile ar 5 ócáid le linn 2017.

Tógadh na bearta seo leanas maidir le sábháilteacht tine i gcóiríocht dírithe go sonrath ar Thaistealaithe in 2017.

- Oiliúint Shábháilteacht Tine eagraithe ag Seirbhís Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
- Seirbhís curtha ar mhúchtóirí tine agus seiceáil déanta orthu ar dhá ócáid
- Seiceáil bhliantúil déanta ar aláraim CO<sub>2</sub> agus brathadóirí deataigh.
- Cigireachtaí, Tástáil, Cothabháil, Deisiú agus Teastais i leith hidraint dóiteán.

- Seiceáil bhliantúil ar shuiteálacha leictreacha.
- Rinneadh teagmháil trí litir le tionóntaí chun aibhsiú a dhéanamh ar shaincheisteanna shábháilteacht tine

## Forfheidhmiú Íoschaighdeán i dtithíocht phríobháideach ar cíos

- Rinneadh cigireacht ar 328 Teaghais in 2017
- Rinneadh 460 cigireacht in 2017 (1ú, 2ú, 3ú Cigireacht)
- Bhí 26 teaghais comhlíontach ar an 1ú cigireacht
- Eisíodh 302 Fógra Neamhfhoirmiúil Deisiúcháin i ndiaidh an



Máistir Cuain

1ú cigireacht

- Rinneadh 11 Feabhsúchán a sheirbheáil
- Rinneadh 3 Fógra Toirmisc a sheirbheáil
- Glacadh 2 Caingean Dí.

## Tithe Folmha

Le linn 2017 réitigh an Chomhairle plean tithe folmha ag obair le sonraí ón Log-eolaire agus [www.vacanthomes.ie](http://www.vacanthomes.ie). I ndiaidh mionscrúdaithe, lena n-áirítear amharc-chigireachtaí rinneadh líon na bhfoirgneamh folamh a thabhairt anuas go 18 agus tá an scéal ina leith sin á leanúint.

Fuair an Chomhairle foirgneamh amháin in 2017 faoin Scéim Deisithe le Ligean agus tá eastát beag faighte ag an gComhairle (12 aonad) faoin Scéim Ceannaigh agus Athchóirithe.



# Bonneagar agus Athrú Aeráide

Cuimsíonn Stiúrthóireacht Bonneagair agus Athrú Aeráide réimse leathan seirbhísí do shaoránaigh agus do chuirteoirí atá deartha le comhshaol ar ardchaighdeán agus fearann poiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

## Is iad na croí-sheirbhísí ná:

### Comhshaol

In 2015 ghlac an Chomhairle lena Plean Bainistithe Bruscair don tréimhse trí bliana 2015-2017. Sa phlean sonraítear spriocanna agus cuspóirí chun dul i ngleic le fadhb an truaillithe bruscair agus féachann sé le feabhsúcháin inchainníochtaithe a bhaint amach i leith bruscair a chosc. Cuireadh tús leis an bpróiseas reachtúil chun Plean Bainistithe Bruscair don tréimhse 2018 – 2020 a dhréachtú, go déanach i 2017. Le linn 2017 lean Maor Bhruscair na Comhairle ag forfheidhmiú na reachtaíochta ábhartha lena n-áirítear na Fodhlíthe Bruscair. Eisíodh 484 fineáil bruscair le linn na bliana.

Lean Maor Madraí na Comhairle ag forfheidhmiú na reachtaíochta faoi Rialú Madraí le linn na bliana. Tógadh isteach 110 madra ar fad i bpóna na Comhairle in 2017.

Leanadh le clár leanúnach bainte graffiti le linn 2017 inar glanadh 5,942 m2 de graffiti le linn na bliana.

Ghlac 35 grúpa idir Grúpaí Áitritheoirí, Coistí Bailte Slachtmhara agus Grúpaí Bainistithe Eastát páirt i gcomórtas na gCeantar Slachtmhar in 2017. Deilginis a bhuaigh an mórduais.

Bhí 18 scoil páirteach sa chomórtas do Scoileanna Slachtmhara in 2017. Rinne an tOifigeach Feasachta Comhshaoil an clár Scoileanna Glasa a bhainistiú, chomh maith, agus tá brat glas ag 100 scoil.

Tugadh 69 carr Dóite/Tréigthe chun bealaigh in 2017

Tógadh 7 Capall isteach sa phóna le linn 2016.

### Bainistiú Maoine

Déanann Rannóg bainistithe maoine na Comhairle tailte agus maoin leis an gComhairle a bhainistiú agus déanann sé an Clár Leasa Maoine agus an cartlann a fhorbairt agus a riar.

Tá an Rannóg freagrach as ionracas na nósanna imeachta i bpróisis éadála, diúscair, orduithe ceannaigh éigeantaigh,

litreacha toilithe agus léasaithe, a chinntiú. Déanann an Rannóg seo achtú ar fhreagrachtaí na Comhairle faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990 agus tugann sí freagraí oifigiúla ar fhiosruithe inmheánacha agus poiblí faoi úinéireacht talún.

Faoi láthair tá 32 ligean sealadach/léasú tráchtála á n-oibriú ag an Rannóg agus uathu sin fuair an Chomhairle ioncam de €280,000 in 2017.

Mar chuid de fhreagrachtaí na Comhairle faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990 coinníonn an Chomhairle Clár na Láithreán Tréigthe, déanann sí cigireachtaí oifigiúla láithreáin a chomhordú, eisíonn sí fógraí agus muirir thobhaigh i leith láithreán a meastar a bheith tréigthe.

In 2017 fuair an Chomhairle ioncam €27,000 ó mhuirir thobhaigh a gearradh ar láithreáin thréigthe. In 2017 bhí 10 foirgneamh ar Chlár na Láithreán Tréigthe, ar áiteanna cónaithe iad ar fad.

### Oifig na dTionscadal Caipitil

Seo a leanas na Mórthionscadail/Scéimeanna Caipitil atá á ndearadh/á dtógáil nó a chríochnaigh an Chomhairle le gairid agus atá á maoiniú ag Tobhaigh/Deontais na Roinne:

#### Scéimeanna á dtógáil / críochnaithe:

- Carrchlós Sráidbhaile Charraig an tSionnaigh (críochnaithe Aibreán 2017)
- Ionad Tionscadal an Bhaile Breac (críochnaithe Nollaig 2017)
- Na Ráillí, Dún Laoghaire Céim 2
- Scéim Feabhsúcháin Tráchtála Sráidbhaile Bhaile na Manach agus Fearann Poiblí

#### Scéimeanna ag Staid Deartha Mionsonraigh:

- Bóthar Ceangail Acomhal 14 M50
- Bóthar an Ghleanna Dhuibh / Bóthar Ghráinseach an Araltaigh
- Folcadáin Dhún Laoghaire



An Cathaoirleach, Comhairleoir Tom Murphy, ag bronnadh Ghradam na gCeantar Slachtmhar ar Bhaile Slachtmhar Dheilginse agus is iad Bláithín O'Brien, Des Burke-Kennedy agus Paddy Rigney a ghlac leis.

- Pailliún Leadóige Pháirc Chnoc an Fhuaráin
- Cosaint Chósta Lána na Coirre Báine
- Céim 2 Samuel Beckett
- N11 – Bóthar Ghleann an Draoi
- Bóthar na Raithní Móire go Bóthar Ceangail Dhroim Máirtín
- Bóthar Áth na Sceire/Uasghrádú Acomhal Bóthar Ghleann na Muc (Golden Ball)
- Feabhsúcháin Fhearann Poiblí Ardán Haigh

### Scéimeanna ag Staid Deartha:

- Bealach Glas Choill na Silíní go Seanchill
- Linn Ghleann Alban
- Bóithre Cheantar Ghleann na Muc

## Rannóg Pleanála Iompair

Rinne an Rannóg Pleanála Iompair na hoibreacha seo leanas in 2017:

- Tuairiscíú ar 1,242 iarratas pleanála
- Reachtáladh thart ar 350 comhairliúchán réamhphleanála agus comhlíontachta le hailtirí, innealtóirí, agus pleanálaithe ar mhaithe le dul chun cinn iarratas pleanála agus forbairt a éascú.
- Rinne tuairiscíú ar chomhairliúcháin réamhphleanála maidir le Forbairt Straitéiseach Tithíochta
- Rinne tuairiscíú ar iarratais Cuid 8
- Rinne tuairiscíú ar Achomhairc ar fad chuig an mBord Pleanála
- Ionchur iompair chuig Bainistíocht Forbartha Pleanála SDZ Choill na Silíní agus réamh-iarratais Cuid 8
- Tacaíocht iompair do rannóga Seirbhísí Bardasacha faoi shaincheisteanna atá bainteach le comhlíontacht tógála agus iarthógála.

## Bainistiú Dramhaíola

### An tAonad Forfheidhmiúcháin

Déanann an tAonad Forfheidhmiúcháin monatóireacht agus forfheidhmiú ar ghéilleadh le Rialacháin maidir le (a) bainistiú dramhaíola (b) truailliú aeir agus (c) truailliú torainn.

San áireamh sna réimsí gníomhaíochta tosaíochta do 2017 bhí:



Scéim Feabhsúcháin Trácha Shráidbhaile agus Fearann Poiblí Bhaile na Manach

- Fiosrúcháin, measúnú agus clabhsúir ar chlamhsáin a logáladh ar chóras CRM na Comhairle.
- Fiosrúchán agus roghanna leasúcháin a aithint faoi iardhumpa Bardasach Bré, atá suite ar an teorainn idir Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Contae Chill Mhantáin.
- Tosaíochtaí Náisiúnta Comhshaoil: Dumpáil Mhídhleathach (lena n-áirítear dramháil C&D) Comhlíontacht le Bainistiú Dramháil Tí lena n-áirítear Bosca Bruscair Donn, Tionscnamh Freagrachta Tairgeoirí i leith Dramháil Bonn, Dramháil Pacáistithe, Rialacháin maidir le breosla soladach 'Forfheidhmiúcháin maidir le Gual le deatach'.
- Bhain Dún Laoghaire-Ráth an Dúin rátáil "Os Cionn an chuspóra" amach sa mheasúnacht fheidhmiúcháin i leith forfheidhmiúcháin.

## SCEIDEAL 1 – 2017

<b>Saoráidí Cláraithe/Ceadanna Eisithe</b>	
Forfheidhmiúchán Comhshaoil	495
Uisce	1
<b>Cigireachtaí</b>	
Forfheidhmiúchán Comhshaoil	711
Bruscar	1942
Truailliú Uisce	2685
<b>Clamhsáin Faighte</b>	
Forfheidhmiúchán Comhshaoil	631
Truailliú Uisce	64
Bruscar	2195
<b>Bearta Forfheidhmiúcháin</b>	
Forfheidhmiúchán Comhshaoil	70
Uisce	25
Bruscar	462

## Cosaint Shibhialta agus Seirbhís Dóiteáin

Cuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Chosaint Shibhialta ar fáil do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. In 2017 an sciar den chostas a thit ar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ná €118,637. Cuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tSeirbhís Dóiteáin i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ar fáil chomh maith de bhua comhaontaithe faoi Alt 59 den Acht Rialtais Áitiúil 1955.

### LAPN (Líonra Cosanta Údarás Áitiúil) Tionscadal Maoinithe 2017

Le linn Iúil agus na Samhna 2017 tairgeadh dhá shraith cheardlann TÉ GLAS SÁBHÁIL AIRGEAD do SMEanna sa Chontae. D'fhreastail roinnt 19 SME ar na ceardlanna leathlae, inar fhoghlaim siad faoi éifeachtacht acmhainne ag obair trí shraith cur i láthair ó Lucht Gnó sa Phobal Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Grúpa Musgrave, SSE Airtricity agus Lárbaile Dhún Droma. D'fhorbair na rannpháirtithe leis,

Pleananna Gníomhaíochta Comhshaoil dá n-eagraíochtaí féin agus tugadh cuireadh dóibh leas a bhaint as meantóireacht comhshaoil chun Deimhniúchán €coMerit a bhaint amach. Déanfar Tuarascáil Theicniúil agus Staidéar Cáis ag tabhairt achoimre ar an tionscadal, a fhorbairt in 2018 a bheidh curtha ar fáil d'Údarás Áitiúla ar mhian leo cuidiú le SMEanna ina gceantair, a bheith níos éifeachtaí maidir le hacmhainní.

## Gradaim Ghnó Chomhlachas Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2017

Reáchtáladh Gradaim Ghnó tionscnaimh Chomhlachas Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin in Óstán an Royal Marine i Meán Fómhair 2017. Rinne dlr urraíocht ar dhá cheann den aon chatagóir déag gradam – Gradam Comhshaoil Ghnó Glas agus Gradam an Ghnó Nuathionscanta is Fearr. Is féidir breis eolais a fháil ag <http://www.dlrco.co.ie/en/news/general-news/dlr-chamber-county-business-awards-2017>

## An Clár €coMerit

Seoladh Clár €coMerit in 2008 agus tá sé deartha le cuidiú le gnóthaí (Fiontair Bheaga & Mheánmhéide go príomha) chun coigiltis a dhéanamh maidir le fuinneamh, costas dramhaíola agus uisce agus san am céanna a bheith ag éirí níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de sa phróiseas. Tá sé á reáchtáil ag comhpháirtíocht Údarás Áitiúil, (lena n-áirítear Comhairle Contae dlr) Oifig Réigiúnach an Oirthir agus Lártíre Bainistithe Dramhaíola, €concertive agus an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil. Baineann rannpháirtithe aitheantas amach as a bhfuil á dhéanamh acu ar son an chomhshaoil trí dheimhniúchán €coMerit a bheith bronnta orthu agus déantar athbhreithniú air gach bliain lena chinntiú go leanann feabhsúchán comhshaoil ag tarlú.

Go dáta tá tacaíocht faighte ag 153 cuideachta chun deimhniúchán €coMerit a fháil. Ar an meán tá coigiltias bliantúil de €7,961 ar chostas fuinnimh, uisce agus dramhaíola déanta ag sealbhóirí deimhniúcháin bunaithe ar an bhfeabhsúchán i mBliain 1 amháin. Ina dhiaidh sin tá meánlaghdúithe bliain ar bhliain ar astuithe carbóin de 9% fógartha ag sealbhóirí deimhniúchán €coMerit.

Ó seoladh scéim deontas SEAI “Pobail Níor Fearr Fuinnimh” in 2012 tá iarratais ar dheontais déanta ag an gClár €coMerit gach bliain ar son Sealbhóirí deimhniúcháin. Go dáta tá rochtain faighte ag cuideachtaí €coMerit chuig maoiniú deontais SEAI de €1,069,964 i leith 54 tionscadal choigiltias fuinnimh difriúla.



Oscailt Bhóthar Ceangail Bhaile na Lobhar Aibreán 2017

## Ionaid Athchúrsála

### Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin

Tugadh 7,870 tonna d'ábhar in-athchúrsáilte chuig Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin in 2017.

### Ionad Athchúrsála Pháirc Éidin

Tugadh 512 tonna d'ábhar in-athchúrsáilte chuig Ionad Athchúrsála Pháirc Éidin in 2017.

### Ionad Athchúrsála Sheangánach

Tugadh 265 tonna d'ábhar in-athchúrsáilte chuig Ionad Athchúrsála Sheangánach in 2017.

## Ionaid Fág Anseo

Cuireann an Chomhairle 37 ionad ar fáil. Fágadh iomlán 2,632 tonna d'ábhar in-athchúrsáilte sna hionaid le linn na bliana.

## Athrú Aeráide

Le linn 2017 bhí Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath ag obair le Codema, a gcomhairleoir fuinnimh agus athrú aeráide, chun ceithre phlean maolaithe agus oiriúnaithe athrú aeráide a fhorbairt – ceann do gach údarás áitiúil Bhaile Átha Cliath. Tá an próiseas agus réimsí gníomhaíochta leagtha síos i Straitéis i dTreó Pleananna Gníomhaíochta Athrú Aeráide d'Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath, atá ar fáil le híoslódáil ag an nasc seo leanas: [http://www.codema.ie/images/uploads/docs/A\\_Strategy\\_Towards\\_Climate\\_Change\\_Action\\_Plans.pdf](http://www.codema.ie/images/uploads/docs/A_Strategy_Towards_Climate_Change_Action_Plans.pdf)

Tá sonraí bonnlíne á mbailiú agus á roinnt orthu sin ar mhaithe le maolú – gás ceaptha teasa (GHG), astuithe agus iad sin le haghaidh oiriúnaithe – ócáidí riosca aeráide. Tá gníomhaíochtaí i leith maolaithe agus oiriúnaithe araon á mbailiú agus a bhforbairt ag údarás Bhaile Átha Cliath ar mhaithe le plean gníomhaíochta a thabhairt ag comhairliúchán poiblí in 2018.

## Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire

Le linn 2017 chuaigh an Grúpa Aistrithe, a bunaíodh chun bainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas aistrithe ar rialachas Chuan Dhún Laoghaire, ar aghaidh lena chuid oibre. D'ardaigh an tuairisc dhícheallachta cuí, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle in Eanáir 2017, roinnt ceisteanna ar theastaigh tuilleadh soiléirithe uathu. Ceapadh sainchomhairleoir riosca agus airgeadais chun tuairisc mheasúnú riosca a dhéanamh a chuirfear faoi bhráid na Comhairle ar mhaithe leis an rogha is fearr, mar a bhaineann sé leis an gComhairle, a fháil amach.



Carrchlós Shráidbhaile Charraig an tSionnaigh

## An tSeirbhís Dlí

Ar feadh 2017 chuir an Roinn Seirbhísí Dlí, mar sheirbhís inmheánach, seirbhís ardchaighdeán, ríthábhachtach dlí ar fáil don Chomhairle, do gach Roinn den Chomhairle, agus do Chomhlachtaí atá cleamnaithe leis an gComhairle. Tá saineolas suntasach ag an Roinn i ngach réimse dlí, cleachtas agus riar Rialtais Áitiúil.

Cuimsíonn na seirbhísí atá á gcur ar fáil réimsí mar:

- Forfheidhmiú agus Bainistiú Cód Dlíthíochta agus saincheisteanna ag eascairt as.
- Idirbhearta agus Tíolacadh
- Comhairle Dlí le haghaidh na Comhairle agus na Bainistíochta
- Athbheithniú Breithiúnach
- Rialachas Corparáideach agus saincheisteanna bainteacha
- Ceannach Éigeantach, Eadráin agus Idirbheartaíocht
- Rialachas Rialtais Áitiúil

Ar feadh na bliana lean an t-ardú seasta ag teacht ar líon na n-idirbheart a bhí bainteach le maoin agus éadálacha maoinne de bhun Comhaontuithe Cuid V. Bhí an Roinn gníomhach, chomh maith in ionchúisimh rathúla i leith riaráistí cíosa agus aisíocaíochtaí ar iasachtaí, cásanna frithshóisialta, forfheidhmiú forálacha na nAchtanna Pleanála agus líon ionchúiseamh atá ag dul i méid faoin Acht um Thruailliú Bruscair 1997.

Bíonn an fhoireann sa Roinn i dteagmháil ghníomhach, ar son an chliaint, le Ranna Rialtais, An tSeirbhís Cúirteanna, An tÚdarás Clárúcháin Maoine agus le mórchuid dlíodóirí, abhcóidí agus sainchomhairleoirí eile.

Déantar ualach oibre na Roinne a bhainistiú ar bhealach atá cosúil le cleachtadh Dlíodóra príobháidigh a bheadh ar aon mhéid leis, tríd an gCóras Bainistithe Cásanna is cothroime le dáta a úsáid.

Tugann an fhoireann faoi oiliúint ghairmiúil agus oiliúint forbartha pearsanta atá ag teacht le spriocanna Plean Corparáideach na Comhairle agus Plean Foirne PMDS na Roinne.



Picnic na Scoileanna Glasa i bPáirc an Phobail

# Seirbhísí Bardasacha

## An Rannóg Seirbhísí Uisce

Tá an Rannóg Seirbhísí Uisce freagrach as an líonra uisce dromchla sa chontae a bhainistiú.

Déantar an t-uisce dromchla a bhailiú agus ansin é a scaoileadh isteach sna haibhneacha in aice lámha nó amach sa bhfarraige.

Déanann an Rannóg monatóireacht leis ar an riosca tuile sa Chontae ar bhonn laethúil agus cuireann sé an Grúpa Comhordaithe agus na Foirne Oibríochtaí i mbun gnímh roinnt mhaith uaireanta gach bliain nuair a eisíonn Met Éireann foláirimh drochaimsire. Cuireadh Foireann Mheasúnú Drochaimsire, a dhéanann monatóireacht ar gach teagmhas aimsire, le chéile chomh maith in 2017.

Léiríonn na gníomhaíochtaí seo a leanas an dul chun cinn maith a rinne an Rannóg Seirbhísí Uisce le linn 2017 chun a Sprioc Corparáideach a bhaint amach, i.e. le minicíocht tuilte a íoslaghdú.

## Bainistiú Riosca Tuilte

Cuireann an Rannóg Seirbhísí Uisce chun cinn, ina theannta sin, Scéimeanna Faoisimh ó Thuilte i gcomhpháirt le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) arb é an foras a thiteann an príomhdhualgas air as do Bharthuilte agus as clár pleanáilte tosaíochta d'oibreacha indéanta a fhorbairt.

In 2017, críochnaíodh na Tionscadail Bainistithe Riosca Tuilte seo leanas:

- Críochnaíodh Staidéir Fhéideartha faoi Uasghrádú Lintéir Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath

In 2017 le haghaidh na dtionscadal seo leanas:

- Measúnú Stóráil Tuilte Pháirc Áth an Ghainimh
- Measúnú Stóráil Tuilte Pháirc Chnoc na Raithní
- Measúnú Stóráil Tuilte Pháirc Chábán tSíle

Tá Seirbhísí Uisce Mheasúnú Stóráil Tuilte Pháirc Chábán tSíle ag obair go dlúth leis an OPW chun na socrúithe déanacha a dhéanamh faoi mapaí agus pleananna tuilte Mheasúnú agus Bhainistiú Riosca Tuilte an Dobharcheantair Thoir (ECFRAM) agus na staideanna comhairliúcháin phoiblí.

Cuirfear na Scéimeanna Bainistithe Riosca Tuilte seo leanas chun cinn in 2018:

- Stóráil Tuilte Pháirc Chill Bheagóide – Comhairliúchán Cuid 8
- Stóráil Tuilte Pháirc Ghleann Abhann – Anailís Mhionsonrach
- Stóráil Tuilte Pháirc Chábán tSíle – Dearadh
- Stóráil Tuilte Pháirc Chnoc an Raithní – Dearadh
- Suiteálacha Ceamara Scáileáin – Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
- Staidéar Dobharcheantair Chomhtháite Abhann an Slang – Tairiscintí agus Ceapadh Sainchomhairleora
- Feabhsúchán Stóráil Tuilte Bhaile an tSaoir (Jn 13) – Dearadh agus Tairiscintí

## Cosaint Cóta

Tagann feidhmiú Staidéar Straitéis an Chóta faoi chúram na Ranna Seirbhísí Uisce, faoi láthair.

I measc na n-oibreacha atá beartaithe in 2018 tá suiteáil leanúnach stáisiún monatóireachta cóta ag príomháiteanna ar feadh Aillte Sheangánach.

Tá móroibreacha cóta beartaithe chun céimeanna rochtana Lána na Coirre Báine a bhuntacú agus a athchóiriú agus chun na hailte atá fíor-chóngarach a chosaint. Tá na hoibreacha ceaptha ar an gclár le tosú in 2018.

## Rialú Thruaillí Uisce

An príomh-fheidhm atá ag an Rannóg um Rialú Thruaillí Uisce (WPCS) ná le caighdeán uisce sna do Bharlaigh sa chontae a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú. Éilíonn an Creat-treoir Uisce (WFD) go mbeadh stádas maith éiceolaíochta ag gach do Bharlach in Éirinn faoi 2021.

In 2017, d'oibrigh WPCS leis an EPA chun Plean Náisiúnta i leith chur i bhfeidhm an dara chéim den WFD a chur ar fáil agus bhí WPCS rannpháirteach ar choiste oibre náisiúnta agus réigiúnacha. Bhí sé páirteach, leis, i mórchuid ócáidí poiblí ag poiblíú agus ag bailiú aiseolais don chéad Dréachtphlean Bainistíochta WFD eile.

Lean an WPCS a bheith gafa leis na gníomhartha seo leanas atá ag cur leis an Sprioc Corparáideach le ceangaltais an WFD a bhaint amach:

- Suirbhéanna ar mhí-cheangail
- Ceadúnú dhoirteadh eisiltigh trádála
- Fiosrú faoi tharluithe thruaillí uisce
- Sampláil uisce abhann ar gach sruthán sa chontae.
- Monatóireacht ar obair thógála chun truaillí uisce a choinneáil faoi smacht
- Measúnachtaí i leith srutháin sa chontae a fhiosrú.
- Cigireachtaí ar chórais chóireála dramhuisce tí agus feirme.



Staid Tógála ar Laghdú Tuilte ag Sruthán Ghráinseach an Déin

## Seirbhísí Uisce

Déanann an Rannóg Seirbhísí Uisce córais uisce phoiblí agus séarachais an chontae a bhainistiú agus a chothabháil faoi Chomhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann agus ag teacht leis an bPlean Bliantúil Seirbhíse.

Áirítear leis sa Chomhaontú Seirbhíse go gcuidíonn foireann Sheirbhísí Uisce dlr le hUisce Éireann chun an bonneagar don todhchá a phleanáil, ar chomhpháirt riachtanach í chun an Sprioc Corparáideach a bhaint amach i.e. an soláthar tithíocht a mhéadú agus na deiseanna fostaíochta sa Chontae a leathnú.

## Rannóg Seirbhísí Iompar

### Áirítear i measc príomhghníomhaíochtaí na Rannóige Tráchtá agus Sábháilteachta ar Bhóithre iad seo:

- Dearadh, tógáil agus uasghrádú líonra bóithre na Comhairle, feabhsúcháin ar acomhail agus bainistiú tráchtá.
- Bainistiú ar an gcóras soilse tráchtá (SCATS)
- Soláthar Chlár Reachtúil Comharthaíochta & Líneála
- Soláthar agus uasghrádú áiseanna do choisithe agus do rothaithe ar fud an Chontae agus feabhas a chur ar áiseanna d'úsáideoirí bóthair atá ar laghdú gluaiseachta agus faoi mhíchumas.
- Ionchur tráchtá i bpleananna Áitiúla agus Náisiúnta m.sh. Plean Forbartha an Chontae agus Straitéis Iompar Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Pleananna Limistéar Áitiúil.
- Cur chun cinn na rothaíochta agus an taistil inbhuanaithe.
- Bearta Sábháilteachta Bóthair agus Fiosrú & Cosc ar Thimpistí (AIP).
- Oideachas faoi Shábháilteacht Bóthar agus oibriú na Seirbhíse Maor Scoile.
- Soláthar céimeanna Tosaíochta do Bhusanna/Stopanna Bus/ Eolas Fíor-Ama do Phaisinéirí

Ní bheadh na gníomhaíochtaí seo indéanta murach rannpháirtíocht ár bpáirtithe leasmhara ar fad, lena n-áirítear Ionadaithe Poiblí, An Garda Síochána, Bus Átha Cliath, an tÚdarás Náisiúnta Iompar, Na Seirbhísí Éigeandála, Lucht Gnó agus Na Pobail.

## Faoi Chreat-Infheistíocht an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) i Réimse Beartas Inbhuanaithe Iompair chun Rothaíocht agus Siúl a Éascú.

### Cuireadh na scéimeanna seo leanas chun cinn in 2017:

- N11 Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Bhaile Sheáin – críochnaithe
- Páirceáil Rothar ar fud na Tíre – 144 spás rothar curtha ar fáil
- Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Wyattville – á tógáil

- Bealach Rothaíochta Áth an Ghainimh (Cluain Sceach go Áth an Ghainimh) Inrochtana go UCD agus Bóthar Ceangail Dhroim Máirtín/Bóthar Chill Ghobáin – staid deartha
- Feabhsúchán acomhail Bhóthar Theach Naithí/Bhóthar Bhaile an Teampaill Uachtarach – staid deartha
- Ceangal Ghlasbhealach Choill Cruaigh go Bóthar Bhaile Uí Ógáin – staid deartha mionsonraigh
- Bealach Rothaíochta Ghleann Bhríde (Coill na Silíní go hOspidéal Bhaile Uí Lachnáin) staid deartha
- N11 Oibreacha Feabhsúcháin Chaighdeán Seirbhíse Rothaíochta (Bealach rothaíochta Bhóthar Stigh Lorgan) staid deartha
- Glasbhealach na Dothra – roghanna deartha i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Conair an N11 ag Bóthar an Ghoirt Ghlais – athlonnú Stad an Bhus beartaíthe ó Bhóthar Chnoc Mhuirfean – staid comhairliúcháin phoiblí.

## Clár Uasghrádú Acomhal

### Rinneadh Uasghrádú ar na hacomhail seo leanas:

- Bóthar Áth an Ghainimh/Sráidbhaile Áth an Ghainimh
- Débhealach Wyattville/Clós Wyattville
- Bóthar Wyattville/Bóthar Ghleann na Tullaí
- Ascaill Dhún Charúin – Bóthar an Chlochair, An Charraig Dhubh
- Bóthar Tivoli – Ardán Mulgrave, Dún Laoghaire
- Bóthar Bhartúin Thoir – Ascaill Beaumont, Baile an Teampaill
- Bóthar Bhaile an tSaoir – Bóthar an Átha Leathain, Baile an tSaoir.

### Cuireadh trasrianta coisithe in áit ag na láithreacha seo leanas:

- Bóthar Bhartúin Thoir
- Sráidbhaile Bhaile na Manach
- Ascaill Rinn na Mara/Ascaill Clifton

Rinneadh Comharthaíocht Teachtaireachtaí Inathraithe (VMS – comhartha tráchtá leictreonach a úsáidtear go minic ar bhóithre chun taistealaithe a chur ar an eolas faoi imeachtaí speisialta) a shuiteáil ag 6 láthair ar Bhóthar Stigh Lorgan agus Bóthar Frascati.

## I measc Scéimeanna Sábháilteachta Bóthair agus Fearann Poiblí a rinneadh dul chun cinn leo tá:

- Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta Bóthair Sráidbhaile Bhaile na Manach – tógáil críochnaithe
- AIP Bhóthar Chill Iníon Léinín/ Bóthar Bhaile an tSléibhe – tógáil críochnaithe

- Scéim Feabhsúcháin Tráchtá Ascaill na Croise, Dún Laoghaire agus Purláin – tógáil críochnaithe
- Feabhsúcháin Siúlóide, Páirc Naomh Pádraig, An Chéim – críochnaithe
- Oibreacha Feabhsúcháin Siúlóide, Bóthar Halla na gCarraeirí – críochnaithe
- Carrchlós Dom Marmion, Lárbhaile Dhún Droma – críochnaithe
- Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta Bóthair Ascaill na nÉan – críochnaithe
- Zón Sábháilteachta Scoile ag Scoil Araird ar Bóthar Éidin Iochtarach – críochnaithe
- Scéim Sábháilteachta Bóthar an Choimín – críochnaithe
- Coill Sliabh Anville – línte feiceála feabhsaithe agus tá pábháil thadhaill críochnaithe
- Plean Chreat Gluaiseachta Sráidbhaile Stigh Lorgan – staid deartha

## Comharthaí Tráchtá & Córais Chliste Iompair (ITS)

Is é SCATS, an córas oiriúnaitheach tráchttrialaithe a riarann 151 acomhal ar fud an Chontae faoi láthair.

- Déantar monatóireacht agus oiriúnú ar acomhail rialaithe le soilse tráchtá ar feadh na mbealaí chun gluaiseacht níos éifeachtaí a thabhairt ar líonra na mbóithre.
- Déanann an Rannóg ITS 62.5 km de Líonra Snáthoptaice a bhainistiú.
- Cothabháil ar 317 acomhal rialaithe ag soilse tráchtá agus trasrianta coisithe
- Monatóireacht agus Bainistiú ar 66 CCTV ceamara tráchtá
- Tá 85% de chomharthaí tráchtá acomhail sa Chontae ar an gcóras SCATS anois agus déanann siad tuairisciú go huathoibríoch ar lochtanna chuig an gCóras Bainistithe Lochtanna.
- Bainistiú a dhéanamh ar VMS ag Seachbhóthar na Carraige Duibhe/ Cnoc an Teampaill
- Ina theannta sin déanann an Rannóg ITS cothabháil agus bainistiú ar na Réamhchomharthaí Rabhaidh Scoile agus an Chomharthaíocht Fholáireamh Luais ar fud an Chontae, a bhfuil 138 díobh ann san iomlán.



Veileadróm Sráide Meitheamh 2017

## Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá DLR tiomanta do líon na dtimpistí agus na dtaismeach ar bhóithre an Chontae a laghdú trí shiúl, rothaíocht agus tiomáint shábháilte a chur chun cinn tríd an oideachas agus feachtais shábháilteachta ar bhóithre. D'fhéadfadh sé go mbeadh innealtóireacht bóthair agus tráchtá chomh maith le forfheidmiú cionta tráchtá i measc idirghabhálacha chun líon na dtaismeach a laghdú.

Cuireadh na gníomhaíochtaí seo leanas i gcrích in 2017:

- Athbhreithniú ar Bhliain 2 de Phlean Sábháilteachta ar Bhóithre 2015 go 2020



Bleeperbike

- Cuireadh i bhfeidhm an teorainn luais speisialta 30km/uair in eastáit tithíochta agus ar bhóithre áitiúla cónaithe – pollaí agus comharthaíocht ar fad suiteáilte
- Scéim phiólótach Chomharthaíocht Fholáireamh Luais 30km/u in Eastáit Chónaithe. Tá an scéim curtha i bhfeidhm go hiomlán anois. Tá comharthaí fholáireamh luais suiteáilte i ngach ceann de 7 láthair phiólótach agus iad ag taifeadh sonraí luais go leanúnach. Liosta na n-eastát phiólótach; Bóthar Hainault, Ascaill Abhóca, Eastát Bhaile Amhlaoibh, Gráinseach Mharlaí, Páirc na Feá/Bóthar Chluain Caoin, Ascaill Bhaile Uí Ógáin agus Eastát Watson.
- Bunú Grúpa Ag Obair le Chéile Sábháilteachta Bóthair le hionadaithe ó An Garda Síochána, RSA agus TII chun fócas a chur ar shábháilteacht bóthair – reáchtáladh 3 chruinniú.
- Soláthar Sheirbhís Mhaor Scoile – cuireadh tús le clár cuimsitheach oiliúna
- Reáchtáladh Seó Sábháilteachta ar Bhóithre DLR/AXA le 2,000 Scoláire Idirbhliana i láthair ar 2ú agus 3ú Deireadh Fómhair
- Reáchtáladh roinnt laethanta Feasachta faoi Shábháilteacht ar Bhóithre i gcomhar le An Garda Síochána agus Seirbhís Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
- Cuireadh Tionscadal EDWARD (Lá gan Bás ar Bhóithre na hEorpa) chun cinn ar 21ú Meán Fómhair
- Cainteanna agus léirithe ar an láthair faoi shábháilteacht ar bhóithre i scoileanna ar fud an Chontae

## Rothaíocht agus Taisteal Inbhuanaithe

San áireamh i measc tionscnamh in 2017 chun rothaíocht agus taisteal inbhuanaithe a chur chun cinn bhí iad seo:

- Cuireadh treoir siúlóide, bus agus plean taistil ar ríomhphost ag gach scoil
- Rinneadh obair le An Taisce i scoileanna chun taisteal inbhuanaithe a chur chun cinn.
- Reáchtáladh roinnt imeachtaí rothaíochta le linn Sheachtain na Rothar lena n-áirítear iarnóin gníomhaíochtaí rothaíochta teaghlaigh i bPáirc Chábán tSile, ócáid Veileadróm Sráide, Clinic Rothar Poiblí (Dún Laoghaire agus Áth an Ghainimh) agus Comórtas Ealaíne do Pháistí.
- Reáchtáladh 4 chruinniú Fhóram Rothaíochta
- Tugadh isteach club carranna ar bhonn píolótach sa Chontae i gcomhar le Gocar
- Tugadh isteach Scéim Roinnte Rothar gan Stáisiún ar bhonn píolótach sa Chontae i gcomhar le Bleeperbike
- Teannaire rothar suiteáilte ar Bhóthar Crofton, Iasmuigh de Halla an Chontae

## Oiliúint Faoi Rothar

Chuidigh leis an Roinn Iompar, Turasóireachta agus Spóirt chun Caighdeán Oiliúna ‘Rothaíocht Cheart’ a sheachadadh do 1,234 dalta i scoileanna sa Chontae.

## An Rannóg Rialaithe Páirceála Íoc agus Taispeáin

Tá Scéim Rialaithe Páirceála Íoc & Taispeáin i bhfeidhm ag an gComhairle ar roinnt de na bóithre/carrchlóis phoiblí laistigh dá limistéar riaracháin. Tá an Scéim á cur i bhfeidhm faoi Fhodhlíthe Rialaithe Páirceála na Comhairle, 2007 go 2011.

Tugadh isteach sé scéim páirceála íochta in 2017 ar iarratas pobal agus gnóthaí áitiúla ag na láithreacha seo leanas;

- Plás Montpellier, An Charraig Dhubh
- Mainéar Montpellier, An Charraig Dhubh
- Ardán na Gráinsí, Bóthar Ghráinseach an Déin
- Carrchlós Sráidbhaile Charraig an tSionnaigh,
- Limistéar Páirceála Áitiúla, Baile an Bhóthair
- An Bóthar Trasna & Plás Northcote, Dún Laoghaire
- Bhí feachtas chur chun cinn páirceála na Nollag ag feidhmiú ó lár na Samhna 2017 go dtí go luath in Eanáir 2018. Bhí an feachtas seo ann chun trádáil agus gnó áitiúil a spreagadh do thréimhse siopadóireachta na Nollag. Cuireadh feachtais pháirceála ag feidhmiú chun tacaíocht a thabhairt d’ócáidí bliantúla áitiúla mar cheiliúradh Bloomsday i nGlas Tuathail, Féile Leabhar Dheilginse agus Féile Gliomach Dheilginse. Cuireadh feachtas páirceála ar fáil i mBaile na Manach mar thacaíocht do Thrádálaithe Chorrán Bhaile na Manach le linn oibreacha Athnuachana Sráidbhaile in 2017.
- Tá an córas ar líne iarratas ar Cheadanna Páirceála, a tugadh isteach in 2015, ag obair go rathúil, le breis is 60% d’iarratais ar cheadanna déanta ar líne in 2017.
- Baineadh breis úsáide as Seirbhís Íocaíocht Páirceála gan airgead tirim, Clib Pháirceála, le 867,717 idirbheart taifeadta in 2017. Méadú 178,950 idirbheart a bhí ansin ar an mbliain roimhe.

Eisíodh 31,472 fíneáil i leith cionta páirceála agus tráchta bóthair in 2017.



Seoladh Go Car – Meán Fómhair 2017

Fuarthas 855 ciontú sa Chúirt Dúiche le linn 2017 i leith fíneálacha páirceála nár íocadh.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha:

I measc na bhfeabhsúcháin a cuireadh ar fáil le linn 2017 bhí:

Cur chun cinn agus uasghrádú áis ar líne Cheadanna Páirceála do Chónaitheoirí agus seirbhís íocaíocht Páirceála gan airgead tirim na Comhairle, Clib Pháirceála.

Measúnú leanúnach ar sheirbhísí chun coigilteas ar chostais agus éifeachtaí a dhéanamh agus le cumarsáid níos éifeachtaí le húsáideoirí a bhaint amach.



Snámh an Ironman Lúnasa 2017



## Seirbhís Cothabhála Bóithre

### Clár Athchóirithe Bóithre

Cuireadh suim €2,672,000 ar fáil do Clár na mBóithre trí leithdháileadh sonrach as airgead ó chisti Cháin Mhaoine Áitiúil.

Rinneadh 11 bóthar san iomlán a athchóiriú agus/nó a athdhromchlú leis an airgead sin in 2017 mar a leanas:-

- Eastát Choill na Silíní
- Céide Bhaile Uí Lachnáin
- Ascaill Abhóca
- Gort an Eibhir (Cuid de)
- Móin na Lua (Cuid de)
- Bóthar an tSeiceamair (Cuid de)
- Ascaill Merville
- Bóthar Ghort na Mara (Cuid de)
- Bóthar Chill Ghobáin
- An Ascaill Thuaidh (Cuid de)
- Bealach an Gharrán Chnó
- Bóthar Bhartúin

### Clár Deisithe Silteán

Tosaíodh ar Chlár Deisithe Silteán in 2016. Bhí gá leis an gclár seo chun deisithe a dhéanamh ar chórais draenála bóithre in áiteanna nár éirigh le hoibríochtaí glanta silteán deacrachtaí le locháin/tuilte a réiteach.

Deisíodh Silteáin ag:

- Iostáin Foxcide
- Lána Bhaile Uí Cheallaigh

### Clár Paisteála

Tá an clár oibre seo tosaithe ó 2016. Is próiseas é “Paisteáil Bóithre” ina ndéanann Conraitheoirí cuid nó codanna de bhóthar a athchóiriú nó athdhromchlú a chur air i gcásanna a meastar nach bhfuil sé inmharthana a bheith ag líonadh poll nó á dheisiú go sealadach. Cuidíonn an próiseas le caoi sábháilte a choinneáil ar bhóithre go dtí go ndéanfar obair athdhromchlaithe iomlán orthu agus cuireann sé fad le saol struchtúr reatha an bhóthair.

Críochnaíodh an obair seo ar na láithreacha seo in 2017:-

- Lána an Chlochair
- Bóthar na Coille Móire
- Lána na gCaorach
- Ascaill Brighton
- Ascaill Sheoirse
- Páirc Frascati
- Bóthar Pháirc Wyckham
- Lána na Cille
- Ascaill Trimleston/Bóthar na Carraige
- Seanbhóthar Bhré ag Dunnes Stores, Cúirt Choirnéil

- Seanbhóthar Bhré ag aomhal Chnoc Chúirt Choirnéil

### Clár Athchóirithe Cosán

Rinneadh Oibreacha ar chonradh ag 14 láthair in 2017 le maoiniú de €780,000.00 a tháinig as acmhainní na Comhairle féin.

### Seo leanas láithreacha na gcosán a ndearnadh athchóiriú orthu in 2017:-

- Bóthar Chnoc Chill Iníon Léinín
- Corrán Avondale
- Gairdíní Pháirc Saval
- Eastát Mapas
- Cnoc an Sciobóil
- Ardán Tivoli Thoir
- Ascaill Merville
- Gráinseach Mharlaí
- Eastát Bhaile an tSaoir
- Eastát an Átha Leathain
- Eastát Bhaile Amhlaoibh
- Bóthar na Gráinsí (go Gleann na Guaise)
- Ardán Tivoli Theas, Dún Laoghaire
- Wedgewood (oibreacha inrochtana)

### Lucht Oibre Saothair Dhírigh

Sa bhreis ar na hoibreacha ar conradh atá sonraithe thuas rinne Lucht Oibre Cothabhála an tSaothair Dhírigh feidhmeanna tábhachtacha éagsúla lena n-áirítear:-

- Seirbhís Cothabhála Geimhridh
- Deisiú ar phoill sna bóithre
- Deisiú ar Chosáin
- Comharthaíocht – comharthaí nua a chur in airde agus cothabháil ar chomharthaíocht a bhí ann cheana
- Gearradh Fálta
- Oibreacha a dhéanamh chun dul i ngleic le tuilte/locháin ar bhóithre agus ar chosáin.
- Leacú Cosán

Rinneadh ath-uigeacht ar an N11, ar na lánaí isteach, chun an seasmhacht in aghaidh sciarradh a fheabhsú.

### Bainistiú Eastát

Le rannaíocht airgeadais €60,000 ón Roinn Forbartha Pobal chríochnaigh Cothabháil Bóithre roinnt tionscadal athdhromchlú bóithre ag Cois Cairn agus Clós Bhaile na nGabhar.

### Lána Tógtha i gCúram

Tógadh an lána i Sráidbhaile Stigh Lorgan ó Chéide Fhearann na Coille go Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath, Stigh Lorgan, i gcúram go foirmiúil agus críochnaíodh oibreacha ann lena n-áirítear feabhsúcháin athdhromchlaithe agus draenála agus soilsithe poiblí ar luach €134,000.

## Rannóg Rialú Bóithre

Thosaigh an tAonad Rialú Bóithre ag athrú iarratasóirí ar Cheadúnais Oscailte Bóthair go bogearraí Ceadúnaithe Mapaí Bóthair (MRL). Chuir feabhsúcháin agus cúnaimh ón Oifig Bainistithe Bóithre ar chumas dlr an t-aistriú go MLR a thosú. Tiocfar chun cinn leis in 2018. Rinneadh 1,134 Ceadúnas Oscailte Bóthair san iomlán a phróiseáil in 2017.

## Rannóg Soilsithe Phoiblí

Tá breis is 23,000 solas sa Chontae atá á gcothabháil ag dlr. Bíonn an líon ag dul i méid go sioraí le tógáil i gcúram eastát agus bóithre. Mar aon leis an gcothabháil ó lá go lá tá clár uasghrádaithe ann ar cholúin, lúbíní, líonraí agus díchúpláil le déanamh ar líonraí a dtéann soláthar díreach tríothu.

Tá an Rannóg Soilsithe Phoiblí, trína clár laghdaithe fuinnimh, tiomanta do shoilsiú atá ar mhaithe leis an gcomhshaol. Tá an clár seo dírithe ar shuiteáil lóchrann LED éifeachtach, a bhaineann úsáid as solas bán, ballastáil leictreonacha, agus ar féidir an solas atá uathu a íslíú. Féachann an clár seo leis an laghdú 33% ar ídiú fuinnimh i leith soilsiú poiblí a bhaint amach faoin mbliain 2020.

Tá baint ag an Rannóg Soilsithe Phoiblí le leagan amach an tsoilsithe poiblí do scéimeanna nua mar Thimpeallán Bhaile na Lobhar agus Bóthar Ceangail Áth an Ghainimh. Tugann an Rannóg tacaíocht deartha leis le tionscadail mar Bhóthar Ghleann na Muc, uasghrádú ar N11 agus tionscadail eile ar fud an Chontae. Déanann an Rannóg athbhreithniú ar iarratais phleanála don soilsiú poiblí d'eastáit, forbairtí agus bóithre nua.

Seoladh córas nua tuairiscithe lochtanna gréasán-bhunaithe le cur ar chumas bhaill an phobail lochtanna i soilse a logáil go díreach. Tá fiosrú agus athbhreithniú ag leanúint faoi úsáid bhonneagar soilsithe poiblí chun cur chun feidhme chóras CLISTE cathrach a éascú.

Cuireadh Lóchrann Ardéifeachtacha LED in áit 1,946 lóchrann san iomlán.

## Seirbhísí Páirceanna & Tírdhreachaithe

Cuimsíonn Seirbhísí Páirceanna & Tírdhreachaithe réimse leathan seirbhísí do shaoránaigh agus do chuirteoirí atá deartha le háiseanna ar ardchaighdeán a sholáthar agus a chothabháil, le fearann poiblí ar chaighdeán maith a chaomhnú, agus éagsúlacht gníomhaíochtaí cultúrtha a éascú.

Is iad na croisheirbhísí ná:

### Páirceanna

Tá an tSeirbhís Páirceanna freagrach as breis is 1,200ha de Pháirceanna agus de Spásanna Oscailte. Tá 6 Phríomhpháirc nó Páirceanna Réigiúnacha ina n-áirítear Marlaí, Cábán tSíle, Cnoc na Raithní, Carraig Dhubh, Cnoc Chill Iníon Léinín agus Páirc an Phobail ann.

San áireamh i measc oibreanna leanúnacha bliantúla na Seirbhíse Páirceanna agus Tírdhreacha tá:

- Clár Chúram na gCrann (thart ar 45,000 crann sráide). Tá sé bainistithe via Córas Ar Líne Ezytree a cheadaíonn mapáil a dhéanamh ar gach crann agus ceadóidh sé an t-athrú go córas réamhghníomhach bainistithe crann.



Cur Crann san Ardán Ríoga Márta 2017



Gradaim an Bhrait Ghlais Iúil 2017 Páirc na Carraige Duibhe

- Clár Chothabháil Tírdhreacha (Páirceanna, spásanna oscailte, páirceanna spóirt, ciumhaiseanna/taobhanna bóthair, talamh tithíochta, coimpléasc tithíochta seanóirí, ionaid adhlactha dúnta, spásanna sibhialta, &rl)
- Soláthar & Cothabháil Páirceanna Spóirt (26 páirc spóirt)
- Soláthar Scéimeanna Plandaí Ceapaí Earraigh, Samhraidh agus Geimhridh.
- Soláthar breis is 200 Maisiúchán Cathartha, - bláthchiseáin ar crochadh agus taispeáint ar fud an Chontae.
- Soláthar & Cothabháil Saoráidí Spóirt
- Bainistiú & Cothabháil a dhéanamh ar 90 páirc imeartha an Chontae – lena n-áirítear páirceanna imeartha faoi fhéar agus páirceanna imeartha uile-aimseartha – ag 36 láthair ar fud an Chontae.

**OPEN EVENING**  
SHOWCASING  
SPORTS & SOCIAL ACTIVITIES  
FOR CHILDREN AND ADULTS  
WITH A DISABILITY

DLR LEISURE LOUGHLINSTOWN  
THURSDAY 23RD NOVEMBER  
4:00PM - 7:00PM

- FAMILY FRIENDLY 'COME AND TRY' SESSIONS
- A VARIETY OF ACTIVITIES DEMONSTRATED
- OVER 20 INFORMATION STANDS AND CLUBS PROMOTING

REGISTER YOUR FREE PLACE  
ON EVENTBRITE:  
[HTTPS://TINYURL.COM/Y8XE1ADF](https://tinyurl.com/y8xe1adf)  
OR CONTACT BRIAN O'DONNELL PH:012719506  
EMAIL: BODONNELL@DLRCOCO.IE  
OR MAURA BYRNE SJOG FAMILY FOCUS  
EMAIL: MAURA.BYRNE@SJOG.IE



- Bainistiú & Cothabháil saoráidí spóirt eile – Cúirteanna Leadóige, Páirceanna Cruicéid, cúrsaí gailf, Limistéir ilúsáide Cluichí (MUGA) x 14 agus páirc scátála amháin, &rl
- Soláthar Seomraí Tae sna Páirceanna – á n-oibriú faoi lamháiltais – Cnoc Chill Iníon Léinín, Páirc an Phobail, Páirc Mharlaí (Café Boland agus Café 'The Wicklow Way') agus Páirc Chábán tSíle
- Soláthar Rianta Aclaíochta & fearas aclaíochta lasmuigh (x12) ar fud an Chontae, mar na háiseanna atá in: Páirc Mharlaí, Páirc Sheangánach agus Baile Nua Mhic Gabhann.
- Taispeáint Bhláthanna ar ardchaighdeán ar fud an Chontae.

Tugadh faoi éagsúlacht mhór fheabhsúcháin áitiúla tírdhreacha i spásanna oscailte ar fud an Chontae, lena n-áirítear suíocháin nua, cosáin, cur /crann/tor/bleibíní, glanadh/cóiriú fásra, athshuiteáil spásanna faoi fhéar, saoráidí fóillíochta agus cur crann le taobh sráide laistigh d'Eastáit Thithíochta.

Lean Seirbhís na bPáirceanna ag tacú le agus ag forbairt tarraingtí eile sna páirceanna mar na Margai CoCo agus imeachtaí eile

### Máistirphleananna á gCur Chun Cinn do:

- Páirc Mharlaí
- Páirc Sheangánach
- Páirc & Gairdíní Chnoc na Raithní
- Páirc na Carraige Duibhe

### Forbairtí Nua San Áireamh:

- Oibreacha Feabhsúcháin ar Pháirc na Carraige Duibhe
- Cur le taispeáint Chiseáin ar crochadh an tSamhraidh ag láithreacha éagsúla sráidbhailte sa Chontae
- Gradam an Bhrait Ghlais coinnithe ag Páirc Chábán tSíle agus ag Páirc an Phobail. Brait Ghlais bainte amach ag páirceanna Mharlaí agus Na Carraige Duibhe.
- Carrchlós nua críochnaithe ag Páirc Mharlaí, Bóthar an Choláiste.
- Tús curtha le Céim 3 de Chlós Cheardaíocht Mharlaí.
- Tosach ar oibreacha feabhsúcháin ar Pháirc Chuas an Ghainimh ag Otranto.
- Críochnú Pháirc Phóca ag Bóthar na Raithní Móire, Áth an Ghainimh
- Scéimeanna plandála fairsinge lusacha ag An Lexlcon, Cnoc Anville, Áth an Ghainimh agus Seanchill.

- Conradh bronnta i leith chlós súgartha ag Teach Naithí.
- Cosáin nua ag Cnoc na Raithní.

Téann Rannóg na bPáirceanna i gcomhthadhaíl le Ranna eile le cúnamh a thabhairt maidir le comhairle ghairmiúil faoi Thionscadail Chaipitil mar;

- Scéim Fheabhsúcháin Shráidbhaile Bhaile na Manach
- Scéim Fheabhsúcháin Bhóthar na Potaireachta
- Scéim Fheabhsúcháin Bhóthar Frascati go Cnoc an Teampaill, Céim 2.
- Scéim Soilsithe Poiblí i bPáirc Rath Salach
- Ascaill na nÉan

Lean Rannóg na bPáirceanna ag obair go dlúth le pobail áitiúla -ag freastal ar chruinnithe, ag roinnt eolais, ag cuidiú agus ag comhairliú faoi fheabhsúcháin don eastát in eastáit na Comhairle.

Scéimeanna cuir agus tírdhreacha (athshuiteáil ar spásanna faoi fhéar, cur crann/tor/bleibíní lusacha/bláthanna).

Cur breis is 1,000 Crann ar Shráideanna

## Seirbhís Reiligi

Rinneadh 583 adhlacadh ag Reilig Ghráinseach an Déin agus 541 i Reilig Sheangánach

Díoladh 27 uaigh i Reilig Ghráinseach an Déin agus 192 i Reilig Sheangánach in 2017

Leanadh ag déanamh uathobrithe ar thaifid na reiligi in 2017 agus leanadh leis ag déanamh tástála ar an gcóras nua Bainistithe Reiligi. Táthar ag súil go dtosóidh feidhmiú céimneach na gcóras seo in 2018.

## Imeachtaí dlr

Lean Imeachtaí dlr lena chlár d'Imeachtaí Saor in Aisce in 2017 le himeachtaí móréilimh mar Charnabhal Chábán tSíle, Scannáin sa Pháirc agus ócáid an-rathúil Samhain.

Rinne Páirc Mharlaí Féile Longitude a óstáil thar 3 lá in Iúil.

## Forbairt Spóirt i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin

In 2017 lean an Oifig Forbartha Spóirt ag soláthar agus ag forbairt a Clár Forbartha Spóirt ar fud an Chontae, clár a chlúdaíonn an Scéim Rochtana Spóirt agus deontais i gcóir ócáidí. San áireamh anseo leis bhí soláthar sonrach i leith Clár Rochtana do Mhná sa Spóirt, don Óige i gContúirt agus do Dhaoine Fásta níos Síne.

Lean an Oifig Forbartha Spóirt ag fás a clár comhoibríoch oibre leis an FAI, le Seirbhísí Fóillíochta dlr, le Rugbaí Leighin, le COBÁC agus le Cruicéad Laighin. Is leis an gComhairle go Páirc Imeartha atá faoi fhéar agus 8 bPáirc uile-aimsire ar fud an Chontae agus déanann sí cothabháil orthu ar fad.

Seo samplaí de na dea-scéalta ó 2017:

- Ghlac thart ar 1,600 duine páirt i Rás Bóthair 10k an Chuain.
- Clár Litearthacht Fhisiceach 'Mini Movers' dlr ag láithreacha ar fud an Chontae – bhí thart ar 4,500 rannpháirtí ann.
- Oideachas faoi Chóitseáil trí chomhpháirtíochtaí: FAI - ghlac 250 cóitseálaí páirt in Kick-start 1 & 2, ceardlanna 4x4, Neart & Aclú. Rugbaí Laighin – ghlac 218 cóitseálaí páirt i gceardlanna teicniúla & i mionchúrsaí cóitseála.
- Trí chomhpháirtíocht na Comhairle leis an FAI, Rugbaí Laighin & clár scoileanna Chruicéid Laighin tá isteach is amach le 4,000 rannpháirtí i mbunscoileanna agus 2,500 i meánscoileanna ar fud DLR.



Siúlóid Operation Transformation i bPáirc Chábán tSíle



Cuan dlr 10k Lúnasa 2017

- Clár Spraoi tar éis Scoile trí Spóirt in Dún Laoghaire-Ráth an Dúin (DRAFTS) le 12 scoil ag freastal ar 161 rannpháirtí i ngníomhaíochtaí seachtainiúla ó bhoghdóireacht go seoltóireacht.
- D'éascaigh clár spóirt an Phobail breis is 37 clár spóirt do thart ar 2,700 rannpháirtí ar fud an Chontae. Ar chuid de na spóirt a bhí ar siúl bhí boghdóireacht, eitpheil, haca, sacar, seoltóireacht, rugbaí, agus cispheil.

## Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

In 2017 d'eagraigh agus sheachaid an Chomhpháirtíocht Spóirt raon leathan cúrsaí oiliúna, ceardlanna agus clár sprioctha ghníomhaíocht coirp do gach aois, leibhéal cumais agus cineál lúthchleasaíochta. San iomlán bhíodhas i dteagmháil le beagnach 12,000 duine trí ghníomhaíocht nó oiliúint in 2017 agus tá liosta de chuid de na buaicphointí thíos.

### Cláir & Imeachtaí Rannpháirtíochta – 10,200 Rannpháirtí

- 5k Pobail dlr - 1,200 rannpháirtí de gach aois agus cumas.



Siúlóid Operation Transformation i nDún Laoghaire

- An Míle Laethúil – Ghlac 28+ Bunscoil páirt in 2017 (thart ar 5,000 dalta). Ghlac 700 páiste ó 9 scoil páirt in ócáid a reáchtáladh mar chuid de Sheachtain Ghníomhach Scoile.
- Coillte ar son na Sláinte – tionscadal 12 seachtain dírithe ar dhaoine le fadhbanna meabhairshláinte ag úsáid siúlóidí treoraithe seachtainiúla chun siomtóim a láimhseáil (15 Rannpháirtí)
- Blitz Ar Son na Beatha (Go For Life) dlr - 80 rannpháirtí i mBaile Uí Lachnáin dlr. Chuaigh 3 fhoireann ar aghaidh chun ionadaíocht a dhéanamh ar son an Chontae sna Cluichí Náisiúnta i Meitheamh.
- Rith sa Pháirc (Parkrun) Sóisear - 2 rith sa pháirc sóisearacha curtha ar bun i bPáirc na bhFianna (meán 50 páiste) agus Páirc Mharlaí (meán 180 páiste)
- Damhsa Gníomhach – Clár TY do chailíní le meascán damhsa agus oideachas. 250 cailín as 6 scoil in 2017. Imeachtaí an damhsa deiridh i UCD san áireamh.
- Operation Transformation – ócáid siúlóide in Eanáir le 280 rannpháirtí.
- Seachtain na rothar 2017 – cuimsítear ann Veileadróm Sráide agus ócáid Teaghlaigh i bPáirc Chábán tSíle.
- Cláir Siúlóide – 3 chlár siúlóide 5 sheachtain timpeall ar dlr (Dún Laoghaire - 60) (Páirc Chábán tSíle - 35) (Páirc Mharlaí - 30)
- Briogáid Bugaithe – seisiún aclaíochta seachtainiúla do mháithreacha nua i bhFóillíocht Bhaile Uí Ógáin (Leisure Ballyogan) dlr.
- Bain Triail as Seoltóireacht – Eagraithe ag Annalise Murphy le cuairt a thabhairt ar 5 bhunscoil áitiúla (breis is 1,000 dalta) chun seoltóireacht a chur chun cinn. Leanadh ansin le Clár Bain Triail as Seoltóireacht.
- Bí Gníomhach i mBaile Uí Ógáin – ócáid 'tar agus bain triail as' le 8 spóirt agus gníomhaíocht éagsúla mionlaigh ar an lá agus ghlac 80 duine páirt ann.

## Oiliúint agus Forbairt Oibreacha Deonacha - 1,204 oibrí deonach

- Fóram Spóirt – 2 chruinniú in 2017, ag díriú ar Meabhairshláinte Daoine Óga (67 i láthair) agus Luach Oibrithe Deonacha sa Spóirt (38 i láthair)
- Cosaint Leanaí sa Spóirt – 44 cúrsa do 594 oibrí deonacha
- Oiliúint faoi Chuimsiú/Feasacht Míchumais – 6 chúrsa ag freastal ar 115 rannpháirtí.
- Ceannaire Spóirt – Bhí Pobalscoil N. Tiarnáin agus Bhaile an tSaoir rannpháirteach (100 scoláire)
- Garchabhair Spóirt – cuireadh oiliúint ar 27 oibrí deonach le linn 2 chúrsa.
- Oiliúint Ceannaire Ghníomhaíocht Choirp (PAL) – Fuair 14 ball de Ghrúpaí Gníomhacha Ar Scor uas-oiliúint ar mhaithe le seisiúin ghníomhaíocht choirp a reáchtáil laistigh dá ngrúpaí féin.
- Sraith Seimineár UCD – Síceolaíocht & Cothú (70 i láthair), Cultúir Chóitseála agus Foghlama (45 i láthair), Coinneáil Ballraíochta (45 i láthair)

## Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas – 416 Rannpháirtí

- Lúthchleasaíocht Halla Spóirt Scoile – 3 scoil speisialta ag clúdú 45 páiste.
- Craobhchomórtas Dromlaigh NRH– comhpháirtí in imeacht náisiúnta i Meán Fómhair.
- Spórtlann Cuimsitheach – clár 6 sheachtain i Sruthán na Cluana ag cur gníomhaíochtaí spórlainne ar fáil do 13 páiste faoi mhíchumas fisiceach
- Bain sult as Leadóg – leathnú ar an gclár seo le 22 rannpháirtí nua in 2017.
- Tacaíocht do Chláir atá leantach – Rochtain chuig Seoltóireacht, Grúpaí Ilghníomhaíochtaí, Sacar Chumhachtchathaoireach, Tag Riachtanais Speisialta, Hocaí Cuimsitheach
- Ardú Feasachta & Tacaíochta – ag obair le hionaid fhóillíochta, clubanna, múinteoirí & r
- Roghanna ar son na Sláinte – 2 chláir x 12 seachtain ag díriú ar dhaoine le deacrachtaí meabhairshláinte ag úsáid gníomhaíochta seachtainiúla agus bia sláintiúil le cabhrú le téarnamh (21 rannpháirtí)
- Seimineár Cuimsithe Míchumais – seimineár eolais do chóitseálaithe le cláir chumais spóirt ar fhreastail 20 duine air.
- Tráthnóna Oscailte faoi Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas – 28 club agus gníomhaíocht le sárthaispeántas ar an dea-obair atá ar siúl sa Chontae (d'fhreastail 160 duine ar an tráthnóna)
- Cluichí Cuimsitheacha Spóirt Uisce – dhá lá spóirt uisce cuimsitheach do dhaoine faoi mhíchumas agus ó chúlra míbhuntáiste
- Oiliúint Scileanna rothaíochta – sé sheachtain oiliúint scileanna rothaíochta le 36 rannpháirtí.
- Ranganna Cleachtaidh do dhaoine a bhfuil lagú radhairc orthu – ranganna cuimsitheacha stiúideobhunaithe ar feadh 6 seachtaine



Seoladh Oidhreacht an tSamhraidh 2017, An Cathaoirleach, Comhairleoir Tom Murphy le Jimmy O'Sullivan, dlr agus Richard McCormick, Músaem Náisiúnta Múirí na hÉireann.

## Seirbhís Oidhreachta

- Mheall Clár 'Samhradh d'Oidhreacht' breis is 12,000 cuairteoir.
- D'fhreastail breis is 1,200 duine ar Imeachtaí Bithéagsúlachta
- Reáchtáladh Sraith Léachtaí Oidhreachta ag Teach Mharlaí.
- Deontais tugtha do thionscadail éagsúla oidhreachta pobail.
- Cothabháil ar fhoirgnimh Oidhreachta na Comhairle.
- Tacaíocht leanúnach le haghaidh Chairde Túr Joyce agus Imeachtaí Bloomsday.

## Seirbhísí Glantacháin

### Glanadh Bóithre agus Sráideanna

Cuireann Rannóg Glantacháin dlr na seirbhísí seo leanas ar fáil: scuabadh agus piocadh bruscair ar bhóithre, cosáin, lánaí agus raonta rothair, soláthar sheirbhís boscaí bruscair sráide, bainistiú ar Ionaid Athchúrsála Phlás Eden agus Sheangánach, glanadh rialta ar 22,000 silteán le draenáil éifeachtach bóthair a chinntiú, glantachán ar mhórsála i ndiaidh ócáidí stoirme, soláthar sheirbhís freagartha tuilte, bainistiú ar dumpáil mídhleathach, glanadh banc buidéal i limistéir phoiblí agus soláthar cúnaimh le mórghlantacháin an phobail.

Tá breis is 50 ball foirne sa rannóg ag baint úsáide as trucail claise, scuabadóirí bóthair, mionscuabadóirí, meaisíní glasa agus truíclíní chun seirbhís a chur ar fáil.

Tá sceideal scuabadh na mbóithre leagtha síos leis an aidhm le láir na mbailte a scuabadh gach lá agus na bóithre eile ar fad sa Chontae a scuabadh uair sa mhí. Tá an sceideal seo faoi athbhreithniú faoi láthair lena chinntiú go bhfuil bóithre go bhfuil bainistiú tráchta le déanamh orthu iniata sa sceideal.

Ta an Rannóg Glantacháin freagrach as srianadh salachar ar bhóithre agus ar chosáin ar fud an Chontae. Is iondúil go dtarlaíonn scaradh lotnaidicídí chun fás salachar a shrianadh i míonna an Earraigh agus an tSamhraidh. Tá scrúdú á dhéanamh ar an tseirbhís seo faoi láthair chun comhlíonadh an Rialacháin maidir le húsáid inbhuanaithe Lotnaidicídí a chinntiú, ar mhaithe leis an méid lotnaidicídí atá á úsáid chun fás salachar a shrianadh a laghdú agus chun úsáid táirgí níos cairdiúla leis an gcomhshaol a mhéadú.

Tacaíonn an Rannóg Glantacháin le gach glanadh suas pobail trí mhaidí pioctha bruscair, láimhíní agus málaí a sholáthar. Déanann an Rannóg Glantacháin an t-ábhar ar fad a bhailiú Grúpaí Pobail a thabhairt chun bealaigh agus a chur de láimh.

## Tránna & Cuanta



Feithiclí Nua Leictreacha as Flít na Comhairle

Choinnigh Trá Rinn na Mara a stádas Brait Ghoirm in 2017. Déantar cothabháil ar na tránna ar fud an Chontae seacht lá na seachtaine.

Déantar patról garda tarrthála ar 3 thrá - Cill Iníon Léinín, Cuas an Ghainimh agus Rinn na Mara - seacht lá na seachtaine sa séasúr snámha ó thús an Mheithimh go lár Mheán Fómhair.

Déantar Sampláil Uisce Snámha ag ocht láthair ar feadh an chósta go rialta ar feadh na bliana chun caighdeán an uisce a thástáil. Déanann an Rannóg Glantacháin teagmhais truaillithe a bhainistiú. Foilsítear torthaí Shampláil Uisce Snámha ar shuíomh gréasáin dlr 'the beaches.ie', agus bíonn siad le feiceáil ar chlár na bhfógraí ag na tránna.

Tá an Rannóg Glantacháin freagrach leis as bainistiú sábháilteachta, saoráidí poiblí, sláine struchtúir agus soláthar áiseanna loingseoireachta ag Cuan na Coille Móire, Cuan Bhlóic agus ag limistéir snámha sainithe.

Ina theannta sin déanann an Rannóg Glantacháin na Córais Cheadanna Trá seo leanas a bhainistiú:

- Cead Scairdsciála
- Cead Díola Uachtar Reoite
- Ceadanna Scannánaíochta
- Ceadanna Múrála ag Cuan na Coille Móire

Cuimsíonn tionscadail a tosaíodh agus a críochnaíodh in 2017:

- Tionscadal Cósta Inrochtana dlr – Ag soláthar oibreacha uasghrádaithe ag Tránna Rinn na Mara, Chuas an Ghainimh agus Chill Iníon Léinín chun inrochtaineacht a fheabhsú

d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí, úsáideoirí le bugaithe agus gach úsáideoir trá agus soláthar sheirbhís chathaoir rothaí trá ar cíos ag gach trá díobh.

- Soláthar difhibrileora ag Trá Chuas an Ghainimh deonta go cneasta ag Cumann Snámhóirí Chuas an Ghainimh.
- Brandáil boscaí bruscair sráide ar fad le lógó dlr.
- Ardán Feabhsaithe Roinnte Eolais faoi Chaighdeán an Uisce.
- Tionscadal Uasghrádú Flít na Rannóige Glantacháin – tá ceithre scuabadóir bóithre nua le seachadadh in Feabhra 2018. Tá feithiclí nua, a thabharfaidh mórán éifeachtaí breosla, curtha in áit an tseanflít.
- Oibreacha Feabhsúcháin Chuan na Coille Móire
- Oiliúint agus Pleanáil i leith Ócáid Doirteadh Ola – Réiteach Plean Bainistithe.
- Athbhreithniú faoi Bhoscaí Bruscair Sráide a chuimsíonn feabhsúcháin maidir le déileáil le saincheisteanna faoi ardú de láimh.
- Seachadadh sheirbhís éifeachtach glantacháin mar fhreagra ar Stoirm Ophelia.

## Flít

Le linn 2017 críochnaíodh an próiseas chun an flít nach mór a athrú a aithint agus tosaíodh ar chlár céimnithe athchuir. Le linn 2016/2017 tharla 15 diúscairt. In 2017 ceannaíodh 15 feithicil, 2 Shúmaire Silteán, 13 Veain agus tá sé beartaithe tosú ag tabhairt feithicilí leictreacha isteach in 2018 chun áit an fhlít peitрил/díosail a thógáil.

# Pleanáil & Acmhainní Daonna

## Pleanáil

Tá an Rannóg Pleanála freagrach as forálacha an Achta um Pleanáil & Forbairt 2000 (arna leasú), Na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001 (arna leasú) agus reachtaíocht um Rialú Foirgníochta a chur i bhfeidhm.

Cuimsíonn sé seo athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae Reatha agus Plean nua Forbartha a dhéanamh gach sé bliana, Pleananna Ceantair Áitiúil a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm, breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chead pleanála, forbairt leanúnach a rialú, bainistiú gníomhach ar thalamh a dhéanamh, forfheidhmiú reachtaíocht pleanála agus comhairle a thabhairt faoi chúrsaí atá bainteach le pleanáil mar aon le forfheidhmiú reachtaíocht Rialaithe Foirgníochta.

## Pleanáil Chun Cinn

### Plean Forbartha Contae

Is éard atá sa Phlean Forbartha ná ráiteas i scríbhinn agus sraith de 14 léarscáil. Leagtar amach sa ráiteas scríofa beartas ginearálta na Comhairle i leith fhorbairt an Chontae. Cuimsítear ann caighdeán mhionsonracha faoi rialú forbartha agus na sainchuspóirí do cheantair éagsúla.

Léiríonn na léarscáileanna forálacha criosaithe úsáide talún sa Phlean, na clár bhóithre agus cuspóirí eile mar chaomhnú crann agus na struchtúir ar díol suime seandálaíochta iad.

Féachann an plean le soláthar a dhéanamh d'fholláine cónaitheoirí an Chontae sa todhchaí agus fás fostaíochta a éascú trí deimhin a dhéanamh go mbeidh soláthar leordhóthain tailte criosaithe ar fáil chun freastal ar na riachtanais a mheastar a bheidh ann, trí chaighdeán an chomhshaoil a chosaint agus trí sholáthar an bhonneagair is gá a chinntiú.

Go príomha de bharr mionchoigeartuithe agus athruithe leanúnacha ar reachtaíocht agus Treoracha na hEorpa agus na hÉireann, áirítear sa Phlean Forbartha 2016-2022 ábhar 'nua' nach raibh iniata sna Pleananna roimhe seo.


Tá Measúnú Straitéiseach Riosca Tuile mionsonrach don Chontae ar fad ionchorpraithe anois sa Phlean. I measc na n-ábhar eile nua nó fairsingithe tá Straitéis chuimsitheach Bhonneagair Ghlais, Creatphlean Uirbeach Dhún Laoghaire, Maolú ar Athrú Aeráide agus beartais Oiriúnaithe, Treoir i leith Díonta Glasa agus fócas méadaithe ar acmhainneacht Turasoireachta agus Fóillíochta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

### Pleananna Ceantair Áitiúil [LAP]

Bhí sé mar chuspóirí sna Pleananna Forbartha Contae 2016-2022 roinnt Pleananna Ceantair Áitiúil/Saincheantair Straitéiseacha Forbartha a réiteach.

Ghlac an Chomhairle le Plean Ceantair Áitiúil Shruthán na Coille/Sheangánach 2017 – 2023 ag Cruinniú Iúil 2017 den Chomhairle agus tháinig sé i bhfeidhm ar 1ú Lúnasa 2017.

Cuireadh tús leis an obair ar réiteach Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Stigh Lorgan 2018 – 2024. Ar 26ú Bealtaine thug an Chomhairle cuireadh d'aon pháirtí nó duine leasmhar moltaí a dhéanamh roimh réiteach an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil i leith Stigh Lorgan 2018 -2024.



Plean Ceantair Áitiúil Shruthán na Coille – Sheangánach

## Clár na Láithreán Folamh

Cuireann tabhairt isteach Chlár na Láithreán Folamh in 2017 fócas nua ar láithreáin nach bhfuil in úsáid agus atá díomhaoin le fada an lá, i mbailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae. Tá se i gceist go ndéanfaidh na pionóis airgeadais bheartaithe atá ionchorpraithe sa reachtaíocht Láithreán Tréigthe na píosaí talún folmha agus díomhaoin seo a athoscailt agus iad a thabhairt ar ais in úsáid thairbheach arís.

In 2017 chuir an Chomhairle litreacha 'Fógra' chuig úinéirí toimhdean an chéad tráinse láithreán, rinneadh measúnú ar na haighneachtaí a tháinig ar ais ó na húinéirí agus bhí breis fógraí á réiteach le cur amach.

## Rialú Forbartha

### Táscarí Seirbhíse um Rialú Forbartha

Fuarthas 1744 iarratas pleanála in 2017 agus is ionann sin agus méadú 13% ar fhigiúr 2016.

Rinneadh cinneadh i leith 1,455 iarratas bailí pleanála agus is ionann sin agus méadú 11.5% ar fhigiúr 2016.

As iomlán 182 cinneadh a d'eisigh An Bord Pleanála in 2017, ar achomhairc, seasadh le/athraíodh cinneadh an Údaráis Phleanála in 146 (80%) díobh, agus i gcás 36 (20%) aisiompaíodh cinneadh an Údaráis Phleanála.

Faoin Acht Pleanála & Forbartha (Tithíocht) & Tionóntachtaí Cónaithe 2016 cuireadh próiseas nua in áit chun forbairtí straitéiseacha tithíochta a mheasúnú; Thosaigh Rialacháin Pleanála & Forbartha (Forbairt Straitéiseach Tithíochta) 2017 ar 3ú Iúil 2017.

Taisceadh 3 iarratas i leith Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta i limistéar dlr leis an mBord Pleanála in 2017:

- UCD – 512 aonad cóiríochta do mhic léinn
- Feirm Cré – 927 aonad cónaithe
- Blakes/Esmonde Motors - 179 aonad cóiríochta do mhic léinn & 103 aonad cónaithe.





Amharc ón Aer ar LAP

## Alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000

Fuarthas 142 iarratas ar Dhearbhú, faoi Alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) in 2017.

Cuireadh 15 iarratas ar aghaidh chuig An Bord Pleanála le haghaidh athbhreithnithe.

## Scéim Ranníocaíocht Forbartha (Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000)

Ghlac an Chomhairle le hAlt 48, de Scéim Rannaíocht Forbartha 2016-2020 ar 14ú Nollaig 2015.

Le linn 2017 bailíodh €19.97m i leith Rannaíochta Forbartha Alt 48 agus is ionann sin agus méadú 41% ar 2016 agus eisíodh Sonrais i leith €14.91m.

## Scéim Rannchuidithe Fhorlíontaigh um Fhorbairt (Alt 49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000-2006)

Ar 13ú Eanáir 2003 ghlac an Chomhairle le Scéim Rannchuidithe Fhorlíontaigh um Fhorbairt (Alt 49). Éilíonn an scéim go ndéanfaí ranníocaíocht airgid i ndáil le síneadh Líne Luas B ó losta Áth an Ghainimh go Coill na Silíní, i.e. Luas Líne B1. Le linn 2017 bailíodh €3.86m san iomlán i leith Rannchuidithe Fhorlíontaigh um Fhorbairt agus eisíodh sonrais i leith €3.77m.

Ar 10ú Samhain 2008 ghlac an Chomhairle le Scéim Rannchuidithe Fhorlíontaigh um Fhorbairt (Alt 49) ar mhaithe le maoiniú a dhéanamh ar fhorbairt Scéim Bhóthar Dáileacháin Cheantar Ghleann na Muc agus Scéim Maolaithe um Lochán Uisce Dromchla. Le linn 2017 bailíodh €1.33m san iomlán i leith

Rannchuidithe Fhorlíontaigh um Fhorbairt agus eisíodh sonrais i leith €2.62m.

## Forfheidhmiú

Oscloíodh 489 cód nua san iomlán le linn 2017 (330 in 2016) – méadú 48%.

Eisíodh 437 litir rabhaidh le linn 2017 (344 in 2016) – méadú 31%.

Eisíodh 47 Fógra Forfheidhmiúcháin le linn 2017 (37 in 2017) – méadú 27%.

Tionscnaíodh 16 ionchúiseamh le linn 2017 (8 in 2017) - méadú 100%

## Rialú Foirgníochta

Ta an Rannóg Rialaithe Foirgníochta freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar Achtanna Rialaithe Foirgníochta 1990 agus 2007 agus ar Rialacháin a rinneadh faoi na hAchtanna.

Déanann an Rannóg Rialaithe Foirgníochta monatóireacht ar 12% - 15% de na foirgnimh nua ar fad a thosaítear á dtógáil sa Chontae gach bliain i leith comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta. Ach titeann an príomhfhreagracht i leith comhlíontachta ar na húinéirí agus na tógálaithe.

## Tógáil i gcúram

Déanann an Rannóg Rialaithe Foirgníochta comhordú ar an bpróiseas reachtúil tógáil i gcúram ar bhóithre i bhforbairtí nua. Áirítear sa phróiseas sin monatóireacht a dhéanamh ar chríochnú bóithre, ar sheirbhísí, soilse poiblí agus ar spásanna oscailte i bhforbairtí nua fad a bhíonn an obair fhorbartha ar bun. Ar chríochnú na forbartha déantar breis cigireachtaí lena chinntiú go gcloíonn oibreacha ar an suíomh le caighdeáin ‘tógáil i gcúram’ na Comhairle mar a shonraítear in “Treoircháipéis um Oibreacha Forbartha”

Tógadh eastát amháin, Fearann na mBráthar, i gcúram in 2017; fuarthas iarratais ar thógáil i gcúram ó 6 fhorbairt eile agus táid á bpróiseáil ag Rialú Foirgníochta faoi láthair.

## Ag Cruthú Timpeallachta ar mhaithe le Fás Eacnamaíoch

- Tá aschur na gníomhaíochta tógála laistigh den Chontae ag leanúint ag dul i méid bliain i ndiaidh bliana le 1,388 teaghais nua tógtha in dlr in 2017 (bunaithe ar cheangail BSL) ar méadú 18% é sin ar an aschur iomlán do 2016 (1,179 teaghais). Ar shuímh de 10 n-aonad nó níos mó bhí méadú 117% ar líon na dteaghais laistigh den chóras pleanála (lena n-áirítear An Bord Pleanála) ó 1,654 teaghais ag deireadh 2016 go 3,593 teaghais ag deireadh 2017. Tá cead pleanála faighte faoi láthair do 6,608 teaghais, ag fágáil as an áireamh forbairtí cónaithe de 9 n-aonad nó níos lú. Faoi láthair tá 37 suíomh forbartha gníomhach sa Chontae, le 1,430 teaghais á dtógáil (ar shuímh de 10+ aonad).

- Féachann an Scéim Rannaíocht Forbartha 2016 – 2020 (Alt 48), ar ghlacadh leis i Nollaig 2015, le fás eacnamaíochta a chothú. Tá méadú suntasach tagtha ar bhailiú ranníocaíochtaí forbartha a théann i dtreo bonneagar a mhaoiniú. Bailíodh €19.9m in 2017, méadaithe ó €14.1m a bailíodh in 2016, agus is ionann sin agus méadú 41%. Rinneadh Scéim Rannaíochta Choill na Silíní in 2017 ag ionchorprú na Scéime Contae ar mhaithe le hoibreacha breise bonneagar a cheadú sa limistéar sin.

## Ag Cur Chaighdeán na Beatha Chun Cinn don Uile Duine

Bhí rannpháirtíocht phoiblí mar ghné intreach i bpróiseas Plean Ceantair Áitiúil Shruthán na Coille – Sheangánach 2017 -2023. Tosaíodh ar an obair ar réiteach Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Stigh Lorgan 2018 -2024. Ar 26ú Bealtaine thug an Chomhairle cuireadh d'aon pháirtí nó duine leasmhar moltaí a dhéanamh roimh réiteach an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil i leith Stigh Lorgan 2018 -2024.

## Ag Cur Athraithe ó Bhonn ar ár Modh Oibre

Mar pháirt de Bhainistiú Riosca tá measúnú déanta ar aon riosca agus bearta aitheanta chun na rioscaí a laghdú.

Tá an obair idir lámha chun an réimse doiciméad atá ar fáil ar líne a mhéadú. Tá an Chomhairle gafa le hobair réitithe le cur ar ár gcumas seirbhís e-Phleanáil a chur ar fáil.

## Measúnú Leantach agus Feabhsúcháin ar Sheirbhísí

Tá an Rannóg Pleanála ag leanúint ag spreagadh rannpháirtíocht bhreise an phobail ina cuid próiseas, go háirithe i bpróisis reachtúla trí sheisiúin eolais don phobal a bhfógraítear go forleathan, a chur ar fáil, agus úsáid shuíomh gréasáin na Comhairle chun aighneachtaí ar líne a éascú.

Cuireann bearta dá leithéid le rannpháirtíocht an phobail sna mórfhróisis chinntí agus san am céanna cuirtear feabhas ar an gcumarsáid agus ar an ndaonlathas go háitiúil.

## Acmhainní Daonna

Bíonn Acmhainní Daonna i mbun riaracháin ghinearálta ar fhorálacha fostaíochta reachtúla, ar bheartais, nósanna imeachta agus scéimeanna a nglacann an bhainistíocht leo.

Tá an Roinn freagrach leis as oiliúint agus forbairt na foirne agus as Inrochtaineacht agus Comhpháirtíocht san Ionad Oibre.

## Earcaíocht agus Soláthar Foirne

Ag deireadh 2017 bhí 1,031 ball foirne i bhfórsa oibre Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin lena n-áirítear oibríthe cléireachais/riaracháin, gairmiúla, teicniúla agus iosta-bhunaithe ar a bhfuil oibríthe ginearálta agus ceirde.

Bhí plean Fórsa Oibre na Comhairle críochnaithe faoi dheireadh 2015 agus lean an Roinn ansin le feachtas earcaíochta chun riachtanais foirne na Comhairle a shásamh. Mar thoradh ar dhaoine ag éirí as agus ag dul ar scoir d'fhág 99 duine ar fad an eagraíocht. Sa bhliain tuarascála críochnaíodh 40 comórtas ar chuir 2,284 iarratasóir isteach orthu. Reáchtáladh 1,033 agallamh ar fad agus rinneadh 154 ceapachán nua dá mbarr in 2017.

## Riarachán & Caidreamh Tionsclaíoch

Cuireann an Roinn Acmhainní Daonna seirbhís chomhairleach ar fáil don bhainistíocht áitiúil, chun a chinntiú go mbíonn comhionannas agus leanúnachas ar fud na heagraíochta.

Tá Comhairleoir Tacaíochta Foirne ann chun aon ghéarchéim shealadach nó deacracht phearsanta atá ag ball foirne ag an obair nó sa bhaile, a aithint agus chun cabhrú lena réiteach agus cuireann sé/sí seirbhís faoi rún comhairleoireachta, atreoraithe agus faisnéise ar fáil.

## Comhionannas

Is croíluch i gcultúr na Comhairle é an Comhionannas. Tá an méid sin le sonrú sna beartais, cleachtas agus nósanna imeachta tráth a bhfuiltear ag déileáil le saoránaigh agus lena chéile araon. Déantar bainistiú ilchineáltacht a chomhtháthú sa chlár oiliúna chúram custaiméara a thacaíonn le freagairtí cuí a fhorbairt chun déileáil le raon leathan fiosrúcháin, cúraimí agus riachtanas.



Ciara Smullen, Ceannasaí Mórthabhartha, Ionadaí, SightSavers agus Ken Byrne dlr ball de HUG

## Inrochtaineacht

Sáraíodh an sprioc 3% de dhaoine faoi mhíchumas a fhostú, dá dtagraítear san Acht um Míchumais 2005, arís in 2017 (3.96%).

## Forbairt agus Oiliúint Foirne

In 2017, reáchtáladh 84 clár oiliúna do bhreis is 800 ball foirne.

Chuimsigh clár oiliúna:

Clár Ionduchtaithe Speisialtóra le haghaidh fostaithe nua, Oiliúint maidir le Polasaí Promhaidh do bhainisteoirí líne, Oiliúint Soláthair, Cúram Custaiméirí, Bainistiú Fiachais, Tógáil Miontuairiscí, Oiliúint i mBainistiú Tearcfeidhmíochta, Oiliúint TF, i measc go leor eile.

Eagraíodh réimse cúrsaí, chomh maith, le haghaidh oibríthe oilte lena n-áirítear, Oiliúint faoi Sábh Slabhrach, Sceallaire Adhmaid, Oiliúint Lotnaidicíd, Rothaí Scrabhacha, Oiliúint Tarraingthe, Comharthaíocht, Soilsíú agus Cosaint ag oibreacha bóthair, Oiliúint Teiliompróra, Oiliúint Tiomána CPC, Oiliúint ar Fhorcardaitheoir, Aimsiú Seirbhísí faoi Thalamh, Tochtaltóir 1800 agus Dearadh Bhainistiú Tráchtá.

Faomhadh 23 ball foirne faoin Scéim Chúnaimh i leith cúrsaí breisoideachais.

roinnt cuspóirí/gníomhaíochtaí chun cinn. Ar na tionscadail a críochnaíodh in 2017 bhí:-

Forbairt foirne lena n-áirítear Scileanna Agallaimh agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD).


I measc na n-imeachtaí & scéimeanna bhí:

- Cuimhneachán Bliantúil Foirne
- Cainteanna Foirne faoi Meabhairshláinte
- Scrúduithe Sláinte Foirne
- Cur Chun Cinn Vacsaíniú an Fhliú
- Bunú Líonra Pinsinéirí Nua
- Scéim Cheannach Ríomhaire
- Scéim Coigilte na Nollag
- Oiliúint nua Meáin Shóisialta i gcomhpháirt leis an etb
- Imeachtaí chun Aitheantas a Thabhairt don Fhadsheirbhís.

Foilseacháin: Rinneadh Féilire Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2016 agus bileog eolais d'Fhostaithe dar teideal 'Gnéithe Suimiúla' ag clúdach ábhar mar oiliúint, forbairt agus teidlíochtaí, a nuashonrú agus a fhoilsíú.

## Comhpháirtíocht ar an Láthair Oibre:

Reáchtáil an Coiste Comhpháirtíochta roinnt cruinnithe le linn na bliana. Lean grúpaí Gníomhaíocht Comhpháirtíochta ag cur



Fóram Cuimsithe Mionlach Eitneach, Deireadh Fómhair 2017

# RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AMHAIL 31Ú NOLLAIG 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>	1		
Oibríochtúil		1,372,381,836	1,349,640,286
Bonneagar		1,764,368,024	1,769,590,106
Pobal		58,161,422	57,537,345
Neamh-Oibríochtúil		103,398,390	103,039,022
		<b>3,298,309,671</b>	<b>3,279,806,758</b>
<b>Obair idir Lámha agus Costais Thosaigh</b>	2	<b>32,772,839</b>	<b>18,419,388</b>
<b>Féichiúnaithe Fadtéarmacha</b>	3	<b>84,835,815</b>	<b>86,792,673</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Stoc	4	828,223	766,406
Féichiúnaithe Trádála & Réamh-Íocaíochtaí	5	39,895,926	30,554,555
Infheistíochtaí Bainc		180,198,124	151,109,881
Airgead sa Bhanc		-	296,018
Airgead faoi Bhealach		620,861	455,120
		<b>221,543,134</b>	<b>183,181,980</b>
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
Rótharraingt Bainc		814,602	-
Creidiúnaithe & Fabhráithe	6	70,754,065	67,097,818
Léasanna Airgeadais		-	-
		<b>71,568,667</b>	<b>67,097,818</b>
<b>Glansócmhainní Reatha (Dlíteanais)</b>		<b>149,974,467</b>	<b>116,084,162</b>
<b>Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná bliain amháin)</b>			
Iasachtaí Iníoctha	7	123,013,879	130,182,870
Léasanna Airgeadais		-	-
Éarlais In-aisíoctha	8	23,649,983	19,937,522
Eile		10,152,149	9,049,290
		<b>156,816,012</b>	<b>159,169,682</b>
<b>Glansócmhainní / (Dlíteanais)</b>		<b>3,409,076,781</b>	<b>3,341,933,299</b>
<b>Arna Léiriú ag</b>			
Caipitliú	9	3,298,309,671	3,279,806,758
Ioncam WIP	2	25,889,257	11,388,216
Cúlchiste Sonrach Ioncaim		-	-
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim		9,771,902	9,764,273
Iarmhéid Eile	10	75,105,951	40,974,051
<b>Cúlchistí Iomlána</b>		<b>3,409,076,781</b>	<b>3,341,933,298</b>

# RÁITEAS DEN IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS DEN CHUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2017

Tugann Ráiteas den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le chéile an t-ioncam agus an caiteachas ar fad atá bainteach leis an teacht isteach.

Léirítear ann an barrachas (easnamh) don bhliain.

Déanann Nóta 16 leithdháileadh ar aistrihe a rinne rannóg seirbhíse sa bhformad céanna le Tábla A den bhuiséad ar ghlac an tÚdarás Áitiúil leis.

	Nóta	Ollchaiteachas 2017 €	Ioncam 2017 €	Glanchaiteachas 2017 €	Glanchaiteachas 2016 €
<b>Caiteachas de réir Rannán</b>		€	€	€	€
Tithíocht agus Foirgníocht		35,315,924	34,439,287	876,637	2,377,489
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht		29,472,535	12,749,973	16,722,562	15,033,093
Seirbhísí Uisce		12,335,203	9,388,129	2,947,075	3,235,722
Bainistiú Forbartha		15,173,266	4,732,388	10,440,878	8,795,179
Seirbhísí Comhshaoil		28,718,797	6,645,077	22,073,720	20,588,156
Fóillíocht & Conláistí		28,386,675	4,720,208	23,666,467	21,812,678
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas		400,389	156,782	243,606	327,216
Seirbhísí Ilchineálacha		7,480,405	6,460,795	1,019,610	2,413,853
<b>Caiteachas/Ioncam Glan</b>	<b>15</b>	157,283,194	79,292,639		
Glanchostas an Rannáin arna mhaoiniú ó Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil				77,990,555	74,583,387
Rátaí				79,834,567	78,519,086
Cáin Mhaoine Áitiúil				10,734,510	8,277,151
Asbhaint Pinsean-bhainteach				-	1,764,920
<b>Barrachas (Easnamh) don bhliain roimh Aistriú</b>				12,578,522	13,977,771
<b>Aistrihe ó/(chuig) Cúlchistí</b>	<b>14</b>			(12,570,893)	(13,934,674)
<b>Barrachas (Easnamh) Foriomlán don Bhliain</b>	<b>16</b>			7,629	43,097
<b>Cúlchiste Ginearálta amhail 1 Eanáir</b>				9,764,273	9,721,176
<b>Cúlchiste Ginearálta amhail 31 Nollaig</b>				9,771,901	9,764,273

# TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA 2017

01/01/2017 - 31/12/2017 (Bliantúil)

Sonraí Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar a cuireadh faoi bhráid an LGMA agus Faoi Réir Fíoraithe.

Topaic	Táscaire	Luach
Tithíocht: H1, H2 & H4	A. Líon na dteaghaisí in úinéireacht an ÚÁ ag 1/1/2017	4506
	B. Líon na dteaghaisí a cuireadh le stoc in úinéireacht an ÚÁ le linn 2017 (bíodh sé tógtha nó faighte)	61
	C. Líon na dteaghaisí in úinéireacht an ÚÁ a díoladh in 2017	4
	D. Líon na dteaghaisí in úinéireacht an ÚÁ a leagadh in 2017	3
	E. Líon na dteaghaisí in úinéireacht an ÚÁ ag 31/12/2017	4560
	F. Líon na dteaghaisí in úinéireacht an ÚÁ atá beartaithe a leagadh faoi scéim 16 atá faofa ag DHPLG	16
	A. Céatadán líon iomlán na dteaghaisí in úinéireacht an ÚÁ a bhí folamh amhail 31/12/2017	0.97%
	Líon na dteaghaisí laistigh dá stoc foriomlán nach raibh tionónta iontu ar 31/12/2017	44
	A. Caiteachas le linn 2017 ar dheisiú agus cothabháil tithíochta a cheannaigh nó a thóg an ÚÁ, tiomsaithe ar bhonn leanúnach ó 1 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2017 agus roinnte ar líon na dteaghaisí curtha ar fáil go díreach i stoc an ÚÁ ar 31/12/2017.	€1135.88
	Caiteachas ar dheisiú agus cothabháil stoc ÚÁ, tiomsaithe ar bhonn leanúnach ó 1 Eanáir, 2017 go 31 Nollaig, 2017, le caiteachas beartaithe cothabhála san áireamh ach ag fágáil as an áireamh caiteachas faoi scéimeanna faofa mór-athchóirithe.	€5161452
Tithíocht: H3 & H5	A. An t-am a caitheadh ó fágadh an teaghaisí folamh go dtí an dáta in 2017 nuair bhí tionóntacht nua tosaithe, ar an meán, ar fud na dteaghaisí ar fad a athlígeadh le linn 2017	0.13 seachtain
	B. An costas a caitheadh chun teaghaisí a réiteach le haghaidh ath-thionóntachta agus athligin in 2017 ar an meán ar fud na dteaghaisí ar fad a athlígeadh in 2017.	€15283.67
	Líon na dteaghaisí a rinneadh a ath-thionóntú ar aon dáta in 2017 (seachas iadsan a bhí folamh le haghaidh athchóirithe ar fud an eastáit).	121
	Líon seachtainí ó d'fhág an tionónta roimhe sin go dáta chéad dochar cíosa an tionónta nua, an t-iomlán i leith na dteaghaisí ar fad a rinneadh a ath-thionóntú in 2017.	15.5 seachtain
	Caiteachas iomlán ar dheisiúchán ba ghá chun gurbh fhéidir na teaghaisí thuas a athlígean.	€1849323.53
	A. Líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe i limistéar an ÚÁ amhail deireadh Mheithimh 2017	16207
	B. Líon na gcigireachtaí a rinneadh ar theaghaisí ar cíos in 2017.	328
	C. Céatadán na dteaghaisí a ndearnadh cigireacht orthu in 2017 a fuarthas gach a bheith ag comhlíonadh Rialachán na gCaighdeán.	61.59%
	D. Líon na n-áitreabh neamhchomhlíontachta a d'éirigh comhlíontach le linn 2017	120
	Líon na n-áitreabh a ndearnadh cigireacht orthu in 2017 a fuarthas gan a bheith ag comhlíonadh Rialachán Tithíochta (Caighdeán do Thithe ar Cíos)	202
Tithíocht: H6	A. Líon na ndaoine fásta aonair i gcóiríocht éigeandála atá gan dídean go fadtéarmach mar % de líon iomlán na ndaoine fásta aonair a bhí i gcóiríocht éigeandála ag deireadh 2017.	62.11%
	Líon na ndaoine fásta aonair arna n-aicmiú mar dhaoine gan dídean agus a bhí i gcóiríocht éigeandála ar oíche 31ú Nollaig 2017 mar a taifeadadh ar an gcóras PASS.	3489

	Líon na ndaoine fásta sin, ar 31/12/2017, a bhí i gcóiríocht éigeandála go leanúnach le 6 mhí nó ar feadh 6 mhí go carnach sa tréimhse 12 mí roimhe sin.	2167
<b>Bóithre: R1 &amp; R2</b>	% ciliméadar Bóithre Réigiúnacha a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2017	33%
	% ciliméadar Príomhbhóithre áitiúla a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2017	37%
	% ciliméadar Bóithre Dara Grád áitiúla a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2017	40%
	% ciliméadar Bóithre Tríú Grád áitiúla a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 60 mí roimh 31/12/2017	82%
	% ciliméadar iomlán Bóithre Réigiúnacha le rátáil PSCI de 1-4 ar 31/12/2017	5%
	% ciliméadar iomlán Bóithre Réigiúnacha le rátáil PSCI de 5-6 ar 31/12/2017	25%
	% ciliméadar iomlán Bóithre Réigiúnacha le rátáil PSCI de 7-8 ar 31/12/2017	13%
	% ciliméadar iomlán Bóithre Réigiúnacha le rátáil PSCI de 9-10 ar 31/12/2017	51%
	% ciliméadar iomlán Príomhbhóithre áitiúla le rátáil PSCI 1-4 ar 31/12/2017	7%
	% ciliméadar iomlán Príomhbhóithre áitiúla le rátáil PSCI 5-6 ar 31/12/2017	32%
	% ciliméadar iomlán Príomhbhóithre áitiúla le rátáil PSCI 7-8 ar 31/12/2017	11%
	% ciliméadar iomlán Príomhbhóithre áitiúla le rátáil PSCI 9-10 ar 31/12/2017	48%
	% ciliméadar iomlán Bóithre Dara Grád áitiúla le rátáil PSCI 1-4 ar 31/12/2017	10%
	% ciliméadar iomlán Bóithre Dara Grád áitiúla le rátáil PSCI 5-6 ar 31/12/2017	33%
	% ciliméadar iomlán Bóithre Dara Grád áitiúla le rátáil PSCI 7-8 ar 31/12/2017	9%
	% ciliméadar iomlán Bóithre Dara Grád áitiúla le rátáil PSCI 9-10 ar 31/12/2017	44%
	% ciliméadar iomlán Bóithre Tríú Grád áitiúla le rátáil PSCI 1-4 ar 31/12/2017	4%
	% ciliméadar iomlán Bóithre Tríú Grád áitiúla le rátáil PSCI 5-6 ar 31/12/2017	27%
	% ciliméadar iomlán Bóithre Tríú Grád áitiúla le rátáil PSCI 7-8 ar 31/12/2017	17%
	% ciliméadar iomlán Bóithre Tríú Grád áitiúla le rátáil PSCI 9-10 ar 31/12/2017	34%
	A1. Ciliméadair bóithre réigiúnacha arna neartú le linn 2017	0.0 km
	A2. An méid a caitheadh ar neartú bóithre réigiúnacha le linn 2017	€5109.00
	B1. Ciliméadair bóithre réigiúnacha a rinneadh athshéalú orthu le linn 2017	0.0 km
	B2. An méid a caitheadh ar obair athshéailithe ar bhóithre réigiúnacha le linn 2017	€0.00
	C1. Ciliméadair bóithre áitiúla arna neartú le linn 2017	2.7 km
	C2. An méid a caitheadh ar obair neartaithe bóithre áitiúla le linn 2017	€1235123.00
	D1. Ciliméadair bóithre áitiúla a rinneadh athshéalú orthu le linn 2017	0.0 km
	D2. An méid a caitheadh ar obair athshéailithe ar bhóithre áitiúla le linn 2017	€0.00
<b>Mótarcháin: R3</b>	A. An céatadán idirbheart mótarchánach ar déileáladh leo ar líne (i.e. idirbheart próiseáilte agus diosca cánach eisithe) in 2017	n/a
<b>Uisce: W1</b>	% de na Scéimeanna Príobháideacha Uisce Óil a bhí ag cloí le riachtanais reachtúla i leith monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán uisce príobháideach óil a soláthraíodh le linn 2017	1.00%
<b>Dramhaíl: E1</b>	A. Líon na dteaghlach, bunaithe ar Dhaonáireamh 2016, atá suite i limistéar atá clúdaithe ag oibríteoir ceadúnaithe a chuir seirbhís 3 bhosca bruscair ar fáil ar 31/12/2017.	40651
	B. % na dteaghlach laistigh den údarás áitiúil (de réir daonáireamh 2016, chomh maith) a sheasann an líon ag A dóibh.	51.74%
<b>Truailiú Comhshaoil: E2</b>	A1. Líon iomlán na gcásanna truailithe a rinneadh clamhsáin ina leith le linn 2017	2854
	A2. Líon cásanna truailithe a dúnadh ó 1/1/2017 go 31/12/2017 2911	2911
	A3. Líon iomlán na gcásanna ar láimh ag 31/12/2017	73

<b>Truailliú bruscair: E3</b>	A1. Céatadán an limistéir laistigh den ÚÁ a bhí neamhthruaillithe nó saor ó bhruscar nuair a rinneadh suirbhé ann in 2017	1%
	A2. Céatadán an limistéir laistigh de ÚÁ a bhí truaillithe de bheagán nuair a rinneadh suirbhé ann in 2017	1%
	A3. Céatadán an limistéir laistigh de ÚÁ a bhí measartha truaillithe nuair a rinneadh suirbhé ann in 2017	1%
	A4. Céatadán an limistéir laistigh de ÚÁ a bhí truaillithe de mhórán nuair a rinneadh suirbhé ann in 2017	1%
	A5. Céatadán an limistéir laistigh de ÚÁ a bhí thar a bheith truaillithe nuair a rinneadh suirbhé ann in 2017	1%

<b>Pleanáil: P1</b>	A. Foirgnimh a rinneadh cigireacht orthu mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a tugadh fógra don údarás áitiúil fúthu	15.32%
	Foirgnimh ar sheirbheáil tógálaí nó forbróir Fógra Tosaithe bailí ar an údarás áitiúil ina leith sa tréimhse 1/1/2017 go 31/12/2017.	509
	Líon na bhfoirgneamh nua a tugadh fógra don údarás áitiúil ina leith in 2017 ar a rinneadh ar a laghad cigireacht amháin ar an suíomh orthu, a rinne an t-údarás áitiúil, le linn 2017.	78

<b>Pleanáil: P2 &amp; P3</b>	A. Líon na gcinntí pleanála faoi réir achomhairc chuig an mBord Pleanála a ndearna an Bord cinneadh ina leith ar aon dáta in 2017	182
	B. % na gcinntí a dhearbhaigh (le nó gan athruithe) an cinneadh a rinne ÚÁ	78.57%
	Líon na gcinntí ag dearbhú cinneadh ÚÁ (le nó gan athrú)	143
	A. Líon iomlán na gcásanna pleanála arna atreorú nó arna dtionscnamh ag ÚÁ sa tréimhse 1/1/2017 go 31/12/2017 a imscrúdáíodh.	427
	B. Líon iomlán na gcásanna imscrúdaithe a dúnadh le linn 2017	435
	C. % na gcásanna ag B a rinneadh a díbhe as a bheith mionchúiseach, ar scála beag nó gan bunús, nó a dúnadh toisc iad a bheith faoi urchosc reachta nó ina forbairt dhíolmhaithe.	22.53%
	D. % na gcásanna ag B ar réitíodh iad chun sástachta ÚÁ trí idirbheartaíocht.	17.24%
	E. % na gcásanna ag B ar dúnadh iad mar thoradh ar imeachtaí forfheidhmiúcháin.	60.23%
	F. Líon iomlán cásanna pleanála á n-imscrúdú amhail 31/12/2017.	271
	Líon na gcásanna ag 'B' a rinneadh a dhíbhe faoi alt 152(2), An tAcht Pleanála agus Forbartha 2000	98
	Líon na gcásanna ag 'B' ar réitíodh iad chun sástachta ÚÁ trí idirbheartaíocht.	75
	Líon na gcásanna ag 'B' ar dúnadh iad mar thoradh ar imeachtaí forfheidhmiúcháin.	262

<b>Pleanáil: P4 &amp; P5</b>	A. Sonraí Chlár D Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) 2017 roinnte ar dhaonra an limistéir ÚÁ mar atá ar Dhaonáireamh 2016	€35.95
	Sonraí Chlár D AFS a chuimsíonn; Do1 – Pleanáil Chun Tosaigh, Do2 – Bainistiú Forbartha, Do3 – Forfheidhmiúchán (le céatadán ábhartha Chlár D den mhuirear bainistíochta láir iniata) do 2017.	€7838494
	A. Céatadán na n-iarratas ar theastais sábháilteachta dóiteáin a fuarthas in 2017 a cinneadh (ceadaithe nó diúltaithe) laistigh de dhá mhí ón dáta fála.	25.49%
	B. Céatadán na n-iarratas ar theastais sábháilteachta dóiteáin a fuarthas in 2017 a cinneadh (ceadaithe nó diúltaithe) laistigh de thréimhse shínte a bhí aontaithe leis an iarratasóir.	53.92%
	Líon iomlán na n-iarratas ar theastais sábháilteachta dóiteáin a fuarthas in 2017 nach raibh tarraingthe siar ag an iarratasóir.	102
	Líon na n-iarratas ar theastais sábháilteachta dóiteáin a fuarthas in 2017 a cinneadh (ceadaithe nó diúltaithe) laistigh de dhá mhí ón dáta fála.	26
	Líon na n-iarratas ar theastais sábháilteachta dóiteáin a fuarthas in 2017 a cinneadh (ceadaithe nó diúltaithe) laistigh de thréimhse shínte a bhí aontaithe leis an iarratasóir.	55



<b>Seirbhís Dóiteáin: F1</b>	A. Sonraí Chlár E Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) 2017 roinnte ar dhaonra an limistéir ÚÁ mar atá ar Dhaonáireamh 2016 don daonra a dhéanann an t-údarás dóiteáin freastal air mar atá ar thuairiscí Chur Chuige Riosca-Bunaithe Céim a hAon.	N/A
	Sonraí caiteachais Chlár E AFS ag cuimsiú E11 Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin agus E12 – Cosaint Dóiteáin do 2017.	N/A

<b>Seirbhís Dóiteáin: F2 &amp; F3</b>	A. Meánmhéid ama, i nóiméid, chun fios a chur ar an mbriogáid dóiteáin i Stáisiúin Lánaimseartha i ndáil le Dóiteán.	N/A
	B. Meánmhéid ama, i nóiméid, chun fios a chur ar an mbriogáid dóiteáin i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin ar áirithíocht) i ndáil le Dóiteán.	N/A
	C. Meánmhéid ama, i nóiméid, chun fios a chur ar an mbriogáid dóiteáin i Stáisiúin Lánaimseartha i ndáil le gach teagmhais éigeandála eile (seachas dóiteán).	N/A
	D. Meánmhéid ama, i nóiméid, chun fios a chur ar an mbriogáid dóiteáin i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin ar áirithíocht) i ndáil le gach teagmhais éigeandála eile (seachas dóiteán).	N/A
	A. % cásanna i ndáil le dóiteáin inar sroicheadh an láthair ar dtús laistigh de 10 nóiméad	N/A
	B. % cásanna i ndáil le dóiteáin inar sroicheadh an láthair ar dtús lasmuigh de 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóiméad	N/A
	C. % cásanna i ndáil le dóiteáin inar sroicheadh an láthair ar dtús lasmuigh de 20 nóiméad	N/A
	D. % cásanna i leith gach teagmhais éigeandála eile inar sroicheadh an láthair ar dtús laistigh de 10 nóiméad	N/A
	E. % cásanna i leith gach teagmhais éigeandála eile inar sroicheadh an láthair ar dtús lasmuigh de 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóiméad	N/A
	F. % cásanna i leith gach teagmhais éigeandála eile inar sroicheadh an láthair ar dtús lasmuigh de 20 nóiméad	N/A
	Líon iomlán glaonna i ndáil le dóiteáin ó 1/1/2017 go 31/12/2017	N/A
	Líon na gcásanna dóiteáin sin ina bhfuil an chéad inneall dóiteáin ar an láthair laistigh de 10 nóiméad.	N/A
	Líon na gcásanna dóiteáin sin ina bhfuil an chéad inneall dóiteáin ar an láthair lasmuigh de 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad.	N/A
	Líon na gcásanna dóiteáin sin ina bhfuil an chéad inneall dóiteáin ar an láthair lasmuigh de 20 nóiméad.	N/A
	Líon iomlán glaonna i ndáil le gach teagmhais éigeandála eile (gan dóiteán san áireamh) ó 1/1/2017 go 31/12/2017.	N/A
	Líon na gcásanna sin nach dóiteáin iad ina bhfuil an chéad inneall dóiteáin ar an láthair laistigh de 10 nóiméad.	N/A
	Líon na gcásanna sin nach dóiteáin iad ina bhfuil an chéad inneall dóiteáin ar an láthair lasmuigh de 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad.	N/A
	Líon na gcásanna sin nach dóiteáin iad ina bhfuil an chéad inneall dóiteáin ar an láthair lasmuigh de 20 nóiméad.	N/A

<b>An tSeirbhís Leabharlainne: L1</b>	A. Líon na gcuairteanna ar leabharlanna in aghaidh an duine sa daonra don limistéar ÚÁ amhail Daonáireamh 2016	4.88
	B. Líon na míreanna a eisíodh chuig iasachtaithe sa	846535
	Líon na gcuairteanna ar a leabharlanna ó 1/1/2017 go 31/12/2017	1064036

<b>An tSeirbhís Leabharlainne: L2</b>	A. Sonraí Chlár F Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) 2017 roinnte ar dhaonra an limistéir ÚÁ amhail Daonáireamh 2016	€38.48
	Sonraí Chlár F AFS ag cuimsiú F02 – Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne (le céatadán ábhartha Chlár F den mhúirear bainistíochta láir iniata) do 2017	€8390225

<b>An tSeirbhís Leabharlainne: Y1 &amp; Y2</b>	A. Líon na gcuartheanna ar leabharlanna in aghaidh an duine sa daonra don limistéar ÚÁ amhail Daonáireamh 2016	63.64%
	B. Líon na míreanna a eisíodh chuig iasachtaithe sa bhliain 846535	33
	Líon na gcuartheanna ar a leabharlanna ó 1/1/2017 go 31/12/2017	21
	A. Sonraí Chlár F Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) 2017 roinnte ar dhaonra an limistéir ÚÁ amhail Daonáireamh 2016	6.25
	Sonraí Chlár F ag cuimsiú Fo2 – Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne (le céatadán ábhartha Chlár F den mhúirear bainistíochta láir iniata) do 2017	400
	Líon iomlán na n-eagraíochtaí a chláraigh den chéad uair in 2017.	120
	Líon na n-eagraíochtaí a bheartaigh dul isteach sa Choláiste Toghcháin um Chuimsiú Sóisialta nuair a chláraigh siad don PPN.	25

<b>Óige agus Pobal: C1 &amp; C2 &amp; C4</b>	A. Céatadán na Scoileanna Áitiúla páirteach i scéim Chomhairle Óige Áitiúil/ Comhairle na nÓg.	941.20
	Líon iomlán na meánscoileanna sa limistéar ÚÁ ag 31/12/2017	3.76 %
	Líon na meánscoileanna sa limistéar ÚÁ ar fhreastail ionadaithe uathu ar Chomhdháil Bhliantúil Chomhairle na nÓg a reáchtáladh in 2017.	0.50 %
	A. Líon na n-eagraíochtaí san áireamh ar Chlár an Chontae agus an céatadán díobh a bheartaigh páirt a ghlacadh sa Choláiste um Chuimsiú Sóisialta laistigh den PPN.	9504 lá
	Líon iomlán na n-eagraíochtaí san áireamh ar Chlár an Chontae don limistéar údarais áitiúil amhail 31/12/2017.	1122.5 lá
	Líon iomlán na n-eagraíochtaí a chláraigh den chéad uair in 2017.	50.5 lá
	Líon na n-eagraíochtaí a bheartaigh dul isteach sa Choláiste Toghcháin um Chuimsiú Sóisialta nuair a chláraigh siad don PPN.	1464.5 lá
	Más fíor go bhfuil baill foirne ar shaoire bhreiteachta fhadtéarmach (i.e. tréimhse de níos mó ná 4 sheachtain as a chéile) cuir isteach téacs-nóta den líon foirne atá ar shaoire bhreiteachta fhadtéarmach	73 ball foirne ar shaoire bhreiteachta fhadtéarmach (tréimhse de 4 sheachtain nó níos mó)
	A. Caiteachas iomlán ICT sa tréimhse ó 1/1/2017 go 31/12/2017, roinnte ar líon WTE.	€4650.80
	iomlán an chaiteachais ioncaim ar Mhíreanna Cuntais.	€4377329.84

<b>Corparáideach: C3</b>	A. Iomlán na n-amharc leathanaigh ar shuíomh gréasáin an ÚÁ in 2017. 3263861	3263861
	B. Líon iomlán leantóirí ag deireadh 2017 ag cuntais mheáin shóisialta an ÚÁ 54542	54542
	Líon na gcuntas meán sóisialta á n-oibriú ag an údarás áitiúil	24

<b>Airgeadas: M1 &amp; M2</b>	A. Iarmhéid carnach amhail 31/12/2013 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas den AFS.	€9648543
	B. Iarmhéid carnach amhail 31/12/2014 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas den AFS.	€9699927
	C. Iarmhéid carnach amhail 31/12/2015 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas den AFS.	€9721176
	D. Iarmhéid carnach amhail 31/12/2016 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas den AFS.	€9764273
	E. Iarmhéid carnach amhail 31/12/2017 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas den AFS.	€9771901
	F. Barrachas nó easnamh carnach amhail 31/12/2017 mar chéatadán d'iomlán an ioncaim ó ráiteas AFS.	5.75%
	G. Caiteachas ó Ioncam per capita in 2017	€721.42
	Figiúr Iomlán Ioncaim 2017 ó Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais den AFS.	€169861716
	Figiúr Iomlán Caiteachais 2017 ó Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais den AFS.	€157283194

	Leibhéal Bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2013	78.0%
	Leibhéal Bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2014	78.0%
	Leibhéal Bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2015	85.0%
	Leibhéal Bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2016	85.0%
	Leibhéal Bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2017	86.0%
	Leibhéal Bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2013.	77.0%
	Leibhéal Bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2014.	80.0%
	Leibhéal Bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2015.	79.0%
	Leibhéal Bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2016.	77%
	Leibhéal Bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2017.	78%
	Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2013.	64.0%
	Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2014.	57.0%
	Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2015.	62.0%
	Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2016.	62.0%
	Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2017.	57%

<b>Forbairt Eacnamaíochta: J1 go J4</b>	A. Líon na bpost a cruthaíodh le cuidiú ón Oifig Fiontair Áitiúil le linn na tréimhse 1/1/2017 go 31/12/2017.	139.0
	A. Líon na n-iarratas ar dhearbhán trádála ar líne a cheadaigh an Oifig Fiontair Áitiúil in 2017.	78
	B. Líon na ndearbhán ar líne sin a tarraingíodh anuas in 2017	44
	A. Líon na rannpháirtithe a fuair meantóireacht le linn na tréimhse 1/1/2017 go 31/12/2017.	456
	A. An bhfuil straitéis turasóireachta reatha ag an údarás áitiúil?	Tá
	B. An bhfuil Oifigeach Turasóireachta ainmnithe ag an údarás áitiúil?	Tá

# FOSCRÍBHINN 1

## BAINISTIÚ FUINNIMH / FEASACHT –

### GNÍOMHARTHA A GABHADH DE LÁIMH IN

### 2017 AGUS GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE

### DO 2018



Gradam Fiúntais Eco

## Foramharc ar Úsáid Fuinnimh

Is iad príomh-úsáideoirí fuinnimh Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ná Soilsiú Poiblí, Flít dlr, Soilse Tráchtá, Foirgnimh Chorparáideacha dlr (lena n-áirítear Halla an Chontae, Cearnóg an Chuain, Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin, Leabharlanna, Foirgnimh an Phobail, &rl) agus Seirbhísí Fóillíochta dlr.

## Gníomhartha a Gabhadh de Láimh in 2017:

In 2017 ghabh Dún Laoghaire-Ráth an Dúin de láimh nó glacadh páirt i raon tionscnamh chun an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú lena n-áirítear:

### Ginearálta:

- Bhí dlr mar iomaitheoir ceannais don chatagóir is airde 'Foireann Fuinnimh na Bliana' i nGradaim Fhuinnimh SEAI 2017.
- Bhuaigh dlr Gradam Inbhuanaitheacht Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, RIAI, i leith athchóiriú fuinnimh ar Chaighdeán EnerPHit a dhéanamh ar Theach Bhaile an Róistigh – scéim Tithíochta Sóisialta don Aosach.
- Rinneadh cothabháil ar Chóras Bainistithe Fuinnimh dlr i gcomhréir le ISO50001.
- Rinneadh Úsáideoirí Suntasacha Fuinnimh (SEUanna) a aithint agus réitíodh Liosta Deiseanna i leith oibreacha feabhsaithe fuinnimh. As sin réitíodh Plean Gníomhaíochta do gach ceann de na SEUanna i leith tionscadail coigilte fuinnimh in 2017, a bhí ar fad faoi réir fhaomhadh buiséid ag an roinn ar leis é.

- Chuir dlr iarratas ag SEAI le haghaidh deontais éifeachtachta fuinnimh faoi Phobail Níos Fearr Fuinnimh (BEC) ach níor éirigh leis.
- Iniúchtaí leanúnacha fuinnimh ar fhoirgnimh na Comhairle.
- Rinneadh leathnú ar Ardán Billí Fuinnimh dlr chun foirgnimh SEU ar fad agus iadsan a bhfuil Teastas Taispeána Fuinnimh acu a chur san áireamh ar mhaithe le breis measúnaithe ar ídiú fuinnimh a cheadú.
- Cuireadh clár feasachta foirne chun cinn.
- Rinneadh Comhpháirtíocht Iasacht Fuinnimh idir Foireann Chomhair Creidmheasa Black Raven, an SEAI agus SSE Airtricity a fhorbairt agus a éascú.
- Leanadh leis an nuashonrú ar Fhoirgnimh Chorparáideacha, ceangailte le comhordú agus soláthar leanúnach Teastas Taispeána Fuinnimh (DEC). Rinneadh athbhreithniú ar ídiú fuinnimh foirgneamh.
- Rinneadh clár éifeacht fuinnimh a fhorbairt i leith rannpháirtíochta poiblí i gcomhar le leabharlanna dlr agus Codema a bheidh le seoladh in 2018.
- Rinneadh athnuachan ar DECanna nuair b'iomchuí.
- Leanadh le Tionscnaimh:
  - Clár Scoileanna Glasa
  - Éifeacht fuinnimh iniata sa clár réamh-thionóntachta.
  - Leanadh le tionscnaimh thaistil inbhuanaithe
  - Athbhreithniú ar an bhFlít.

## Foirgnimh Chorparáideacha:

- Aithníodh Halla an Chontae ina Úsáideoir Suntasach Fuinnimh mar a shainítear faoi ISO50001 Córas Bainistithe Fuinnimh (EMS) agus cuireadh plean gníomhaíochta ar fáil chun éifeachtaí fuinnimh a chur i bhfeidhm. – cur chuige mionsonrach in iarratas Tosaithe ar dheontas fuinnimh SEAI EXEED (leanúnach). Céim 1 críochnaithe agus céim in airde



Teastas ISO

rathúil faighte go Céim 2. Iarratas Chéim 2 críochnaithe agus curtha chuig SEAI le haghaidh athbhreithnithe, agus ag súil le freagra in 2018.

- Bhí Halla an Chontae mar chuid d'iarratas BEC2017 (níor éirigh leis)
- Críochnaíodh Teastais Thaispeána Fuinnimh i leith Halla an Contae, Chearnóg an Chuain agus Oifigí Dhún Droma.

## Foirgnimh an Phobail::

- Críochnaíodh Teastais Thaispeána Fuinnimh i leith Ionad Acmhainne Stonebridge, Ionad Pobail Bhaile an Chnoic agus Ionad Pobail Chros na nUan.

## Leabharlanna:

- Aithníodh LexIcon ina Úsáideoir Suntasach Fuinnimh mar a shainítear faoi ISO50001 agus cuireadh plean gníomhaíochta ar fáil chun éifeachtaí fuinnimh a chur i bhfeidhm.
- Rinneadh athnuachan ar Theastais Thaispeána Fuinnimh i leith LexIcon, Leabharlann Ghráinseach an Déin, Leabharlann Dheilginse agus Leabharlann Stigh Lorgan.

## Tithíocht:

- Lean an Roinn Tithíochta le clár uasghrádú tithe chun BERanna feabhsaithe agus caighdeán níos airde fuinnimh a bhaint amach agus coigiltí bliantúla fuinnimh dá bharr.
- Rinneadh tionscadal piolótach ag baint úsáide as Áras Teaghlaigh laistigh den stoc Tithíochta Sóisialta chun athnuaitheáin Fhótavoltacha (solas gréine aistrithe go leictreachas) a cheangal le Stóráil Bataire le féachaint le spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus costais fhuinnimh a íosmhéadú agus dá thoradh sin cuidiú le bochtaineacht breosla a mhaolú. Anailís iar-áitíochta le déanamh ag comhpháirtí Solo Energy.
- Athbhreithniú ar thionscadail chríochnaithe mar a bhaineann le fuinneamh.
- Chuimsigh tógáil nua Céim 3 Teach Bhaile an Róistigh go Caighdeán nZEB agus Teach Éighníomhach, Mews An Naigin go caighdeán BER A1 agus nZEB, & rí.
- Iarratas chuig SEAI le haghaidh scéim Phiolótach Iarfeistithe Domhain i gcás athchóiriú ar 3 aonad folmha agus 3 aonad le tionóntaí iontu ag Ascaill Bhaile Uí Ógáin.

## TF:

- Leanfaidh an Chomhairle ag ceannach trealamh a chomhlíonann caighdeán 'energy star' le cur in ionad trealamh níos sine.



Foireann Fuinnimh dlr

## Páirceanna:

- Teastas Taispeána Fuinnimh faighte do Theach Mharlaí agus Teach Chábán tSile chun breis measúnaithe ar idiú fuinnimh a cheadú. Cé gur luadh an dá fhoirgneamh mar Struchtúir Chosanta agus saor ó DECanna dá bharr sin, fós féin tá idiú fuinnimh ag baint leo don Chomhairle agus aontaíodh DEC a fháil don dá fhoirgneamh agus monatóireacht a dhéanamh ar an idiú fuinnimh, á gcur le hArdán Billí Fuinnimh dlr.
- Rinneadh piolótú ar théitheoirí infridhearga istigh i dTeach Mharlaí laistigh de spás triallach in ionad téitheoirí spáis níos mó.

## Soilsiú Poiblí:

- Lean an Rannóg Soilithe Poiblí ag cur feabhais ar shoilsiú sráideanna i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin le clár pleanáilte uasghrádaithe chun na soilse is éifeachtaí ó thaobh fuinneamh de atá ar fáil a shuiteáil le cur in áit soilse níos sine, níos mí-éifeachtúla, gan éifeacht. Tá Soilsiú Poiblí aitheanta mar Úsáideoir Suntasach Fuinnimh mar a shainítear faoi ISO50001, agus réitíodh plean gníomhaíochta chun éifeachtaí fuinnimh a chur i bhfeidhm.

## Meicniúil / Uisce:

- Athbhreithniú déanta ar Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin atá aitheanta ina Úsáideoir Suntasach Fuinnimh mar a



Scéim Phiolótach Bhaile an Teampaill Mogall Cliste Cathrach

shainítear faoi ISO50001 agus cuireadh plean gníomhaíochta ar fáil chun éifeachtaí fuinnimh a chur i bhfeidhm.

- Athnuachan déanta ar Theastas Taispeána Fuinnimh d'Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin.

## Flít:

- Tugadh faoi athbhreithniú ar Fhlít dlr ar mhaithe le tabhairt faoi feithiclí iomarcacha a dhíothú agus feithiclí nua ar fad a fháil ag úsáid Éifeachtacht Fuinnimh mar chritéir agus triail a dhéanamh ar fheithiclí leictreacha nuair is iomchuí.

## Seirbhísí Fóillíochta dlr:

Tá a leanas tuairiscithe ag Cuideachta Fóillíochta dlr:

- Athnuachan ar Theastas Taispeána Fuinnimh (DEC) i ngach ceann de na trí Ionad Fóillíochta.
- Faoi ISO50001 EMS agus mar a shainítear faoi threoirilínte Tomhais agus Tuairiscithe déantar na trí Ionad Fóillíochta a shainmhíniú mar SEUanna. Breithniú déanta ar phleananna gníomhaíochta chun éifeachtaí fuinnimh a chur i bhfeidhm.

# BAINISTIÚ FUINNIMH / FEASACHT – GNÍOMHARTHA BEARTAITHE DO 2018:

In 2018, tá sé ar intinn ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tuilleadh feabhais a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh trí dul i mbun na dtionscnamh seo leanas:

## Ginearálta:

- Cothabháil a dhéanamh ar Chóras Bainistithe Fuinnimh dlr i gcomhréir le ISO50001.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Úsáideoirí Suntasacha Fuinnimh (SEUanna) agus Liosta Deiseanna a réiteach i leith oibreacha feabhsaithe fuinnimh. As sin réiteofar Plean Gníomhaíochta do gach ceann de na SEUanna le haghaidh tionscadal coigilte fuinnimh atá beartaithe do 2018.
- Iniúchtaí leanúnacha a dhéanamh ar Fhoirgnimh na Comhairle.
- Ardán Billí Fuinnimh dlr a leathnú chun foirgnimh ar fad SEU agus iadsan le Teastas Taispeána Fuinnimh a chur san áireamh chun tuilleadh measúnaithe ar ídiú fuinnimh a cheadú.
- Clár feasachta foirne a chur chun cinn.
- Leanfar leis an nuashonrú ar Fhoirgnimh Chorparáideacha. Ceangail le comhordú agus fáil Theastas Taispeána Fuinnimh (DEC). Déanfar athbhreithniú ar ídiú fuinnimh foirgneamh.
- Déanfar clár éifeacht fuinnimh le haghaidh rannpháirtíocht an phobail a fhorbairt.
- Déanfar athnuachan ar DECanna nuair is iomchuí.
- Tionscnaimh Leanúnacha:
  - Clár Scoileanna Glasa
  - Éifeachtacht fuinnimh iniata sa chlá réamhthionóntachta.
  - Leanfar le tionscnaimh Thaistil Inbhuanaithe.

## Foirgnimh Chorparáideacha:

- Halla an Chontae aitheanta mar Úsáideoir Suntasach Fuinnimh mar a shainítear faoi ISO50001 – cuirfear plean gníomhaíochta ar fáil chun éifeachtaí fuinnimh a chur i bhfeidhm.
- Faoi réir faomhadh SEAI ar Chéim 2 de dheontas fuinnimh SEAI EXEED tá sé ar intinn ag dlr tabhairt faoi uasghrádú céimnithe fuinnimh a dhéanamh ar Halla an Chontae.
- Déanfar athnuachan ar Theastais Thaispeána Fuinnimh i leith Halla an Chontae, Cearnóg an Chuain agus Oifigí Dhún Droma.

## Foirgnimh an Phobail:

- Déanfar athnuachan ar Theastais Thaispeána Fuinnimh i leith Ionad Acmhainne Stonebridge, Ionad Pobail Bhaile an Chnoic agus Ionad Pobail Chros na nUan.

## Leabharlanna:

- Tá Lexlcon aitheanta ina Úsáideoir Suntasach Fuinnimh mar a shainítear faoi ISO50001 agus tá plean gníomhaíochta ar fáil chun éifeachtaí fuinnimh a chur i bhfeidhm.
- Seolfar clár feasachta fuinnimh poiblí agus foirne maidir le Feisteáin Choigilte Fuinnimh Tí i gcomhar le Leabharlanna dlr agus Codema.
- Déanfar athnuachan ar Theastais Thaispeána Fuinnimh i leith Lexlcon, Leabharlann Ghráinseach an Déin, Leabharlann Dheilginse agus Leabharlann Stigh Lorgan.

## Tithíocht:

- Leanfaidh an Roinn Tithíochta le clár uasghrádú tithe chun BERanna feabhsaithe agus caighdeán níos airde fuinnimh a bhaint amach agus coigilte bliantúla fuinnimh dá bharr.
- Déanfar athbhreithniú ar thionscadail chríochnaithe mar a bhaineann le fuinneamh.
- Déanfar tógálacha nua ar chaighdeán Theach Éighníomhach agus nZEB.
- Cuirfear iarratas ag SEAI agus má éiríonn leis déanfar tionscadail phiolótacha Athfheistithe Domhain le léiriú conas tithíocht reatha a uasghrádú go caighdeán nZEB.

## TF:

- Leanfaidh an Chomhairle ag ceannach trealamh a chomhlíonann caighdeán 'energy star' le cur in ionad trealamh níos sine.

## Páirceanna:

- Athnuachan le déanamh ar Theastas Taispeána Fuinnimh do Theach Mharlaí agus Teach Chábán tSíle.

## Soilsiú Poiblí:

- Leanfaidh an Rannóg Soilsithe Poiblí ag cur feabhais ar shoilsiú sráideanna i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin le clár pleanáilte uasghrádaithe chun na soilse is éifeachtaí ó thaobh fuinneamh de atá ar fáil a shuiteáil le cur in áit soilse níos sine, níos mí-éifeachtúla, gan éifeacht. Tá Soilsiú Poiblí aitheanta mar Úsáideoir Suntasach Fuinnimh mar a shainítear faoi ISO50001, agus réiteofar plean gníomhaíochta chun éifeachtaí fuinnimh a chur i bhfeidhm.

## Meicniúil/Uisce:

- Déanfar athbhreithniú ar Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin atá aitheanta ina Úsáideoir Suntasach Fuinnimh mar a shainítear faoi ISO50001 agus cuirfear plean gníomhaíochta ar fáil chun éifeachtaí fuinnimh a chur i bhfeidhm.
- Athnuachan le déanamh ar Theastais Thaispeána Fuinnimh d'Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin.

## Flít:

- Athbhreithniú ar Fhlít dlr. Cuirfear feithiclí iomarcacha de láimh. Sa chás go dteastóidh uasghrádaithe úsáidfeair Éifeachtaí Fuinnimh mar chritéir i leith soláthair agus úsáidfeair feithiclí leictreacha nuair is iomchuí. Tosófar ar fheidhmiú céimneach ar fheithiclí leictreacha.

## Seirbhísí Fóillíochta dlr:

Tá a leanas tuairiscithe ag Cuideachta Fóillíochta dlr:

- Athnuachan ar Theastais Thaispeána Fuinnimh (DEC) i ngach ceann de na trí Ionad Fóillíochta.
- Faoi ISO50001 EMS agus mar a shainítear faoi threoirilínte Tomhais agus Tuairiscithe SEAI déantar na trí Ionad Fóillíochta a shainmhíniú mar SEUanna. Pleananna gníomhaíochta chun éifeachtaí fuinnimh a chur i bhfeidhm le críochnú.
- Déanfar breithniú faoi Chonradh Feidhmíochta Fuinnimh i leith uasghrádú tionscadal Éifeacht Fuinnimh sna hIonaid Fóillíochta, lena n-áirítear gné Comhcheangailte Teasa agus Cumhachta (CHP) sna hIonaid Fóillíochta.



